## Targaireacht Isaiais

"An fáidh mór" is ea ' thugann an Sprid Naomh ar an bhfáidh seo, mar gheall ar mhéid na spride chun fáidheadóireachta a bhí ann, lenar thargair sé, chómh fada roim ré agus chómh soiléir, teacht Chriost agus mistéirí ár bhfuascalta, glaoch na ngínte, agus cur eagailse Chríost ar bun, chómh maith lena bláthú cómh buan, agus san go léir do dhéanamh ar shlí gur dhó' le duine gur soíscéalaí ba cheart a thabhairt air agus nách fáidh. Dá mb'í a ainm féin í tá mistéir ag baint léi; óir ciallaíonn an focal "Isaias", san Eabhrais, "slánú an Tiarna", nú "Is é Íosa an Tiarna". De réir seanchais béil na nEabhrach, bhí fuil ríoga ann, fuil ríthe Iúda. Do chaith sé beatha naofa agus fuair sé bás mairtír. Do gearradh 'na dhá leath é le toireasc le hórdú an rí Manasses, a chleamhain, mar gheall ar é d'imdheargadh de bhárr a dhrochghníomhartha.

**Caib. a hAon**

*An fáidh ag gearán ar pheacaíbh Iúda*[*] *agus dha chómhairliú dhóibh aithrí fhírinneach do dhéanamh.*

1 Aislinn Isaiais mhic Amois, an aislinn a chonaic sé i dtaobh Iúda agus Ierúsalem i laethibh Osiais, agus Ioatain, agus Achais, agus Esechiais, ríthe Iúda.

2 Cloisidh, a spéartha, agus tabhair cluas, a thalamh, óir tá labhartha ag an dTiarna. Do thógas clann, agus d'uaislíos iad, ach tá tarcaisne tabhartha acu dhom. 3 Aithníonn an damh an té gur leis é, agus aithníonn an t-asal mainséar a mháistir, ach níl aithne ag Israél ormsa, agus níl tuiscint ageam pobal[*]. 4 Is mairg don náisiún pheacúil, pobal fé ualach mallaitheachta, drochshíol, clann gan áird; do thréigeadar an Tiarna; do mhaslaíodar Aon Naofa Israél; táid siad imithe i ndiaidh a gcúil. 5 Cad chuige go mbuailfead sibh a thuilleadh, sibhse atá ag méadú iomarbhais? Tá an ceann go léir breóite, agus tá an croí go léir brónach. 6 Ó bhonn na coise go mullach an chínn níl folláine ann. Créachta agus ústaí agus othrasaí ag at, gan ceangal, gan córú, gan fothragadh le hola. 7 Úr dtír 'na huaigneas, úr gcathracha loiscithe le tine. Eachtrannaigh ag ithe úr dtíre os cómhair úr súl, agus beidh sí uaigneach fé mar a bheadh namhaid tar éis í ' scrios. 8 Agus fágfar iníon Shíoin mar ' bheadh falaig i bhfíonghort, agus mar ' bheadh cró beag i ngáirdín *cúcamer*, agus mar ' bheadh cathair do scriosadh. 9 Mura mbeadh gur fhág Tiarna na sló síol againn bheimís ar nós Sodoim, agus bheimís ar aon dul le Gomorrha.

10 Cloisidh briathar an Tiarna, a rialtóiri Sodoim. Tugaidh cluas do dhlí ár nDia, a phobal Ghomorrha. 11 Cad é sin dómhsa iomad úr *victimí*, adeir an Tiarna. Táim lán. Ní háil liom *holocauistí* reithí ná saíll aolta ramhar, ná fuil gamhan, ná uan, ná pocán. 12 Nuair a bhíodh sibh ag teacht im láthair cé ' bhí ag lorg na rudaí sin oraibh go siúlódh sibh im chúirteannaibh? 13 Ná hofrálaidh a tuilleadh íbirtí in aistear. Tá gráin agam ar thúis. Ní fhuiliceód ré nua ná sabóid ná féile. Táid úr gcómhthionóla mallaithe. 14 Tá fuath ag m'anam dúr réithibh nua agus dúr solamnachtaibh. Is cruatan orm iad. Táim tuirseach de bheith ag fulag leó. 15 Agus nuair a shínfidh sibh amach úr lámha iompód uaibh mo shúile; agus nuair ' iomadóidh sibh úrnaithe ní éistfead libh, mar táid úr lámha lán d'fhuil. 16 Nídh sibh féin. Bídh glan. Tógaidh óm shúilibh úr ndrochbheartúchán. Stadaidh de bheith ag déanamh an tuathail. 17 Foghlamaídh conas an ceart do dhéanamh. Loirgidh breithiúntas. Cabhraídh leis an té atá dá bhrú. Tugaidh breith ar son an dílleachtaí. Cosnaidh an bhainntreach. 18 Ansan tagaidh chúm agus cuiridh ní im leith: Má bhí úr bpeacaí mar an scárlóid déanfar chómh geal le sneachta iad, agus má bhíd siad chómh dearg le corcar déanfar chómh bán le holann iad. 19 Más toil libh, agus má éisteann sibh liom beidh sibh ag ithe fóntachta na talún.

20 Ach mura dtugaidh sibh toil, agus má bhíonn sibh ag gríosadh m'fheirge, sloigfidh an claíomh sibh, óir tá sé labhartha ag béal an Tiarna.

21 Cad é mar atá an chathair dhílis a bhí lán de bhreithiúntas iompaithe ’na méirdrigh! Do chónaigh fíoraontacht inti, ach anois marfóirí. 22 Tá do chuid airgid iompaithe ’na *scoriam*. Tá uisce meascaithe ar do chuid fíona. 23 Lucht fíll is ea do phriúnsaí, comrádaithe bithiúnach. Tá dúil acu go léir i mbreabannaibh. Bíd siad ag rith i ndiaidh na síntiúsaí. Ní thugaid siad breith ar son an dílleachtaí: agus ní thagann cúis na bainntrí isteach ag triall orthu. 24 Dá dheascaibh sin deir an Tiarna, Dia na sló, aonchómhachtach Israél. Á! Déanfadsa sólás dom féin in aghaidh mo namhad, agus déanfad díoltas ar m’eascáirdibh. 25 Agus iompód mo lámh chútsa agus glanfad asat ar fad an *scoriam* agus tógfad chun siúil gach a bhfuil de stán ionat. 26 Agus athnuachad do bhreithiúin mar a bhíodar cheana, agus do lucht cómhairle mar a bhíodar sa tseanaimsir. ’Na dhiaidh san tabharfar ort cathair na bhfíoraon, cathair dhílis. 27 Fuasclófar Síon i mbreithiúntas, agus tabharfaid siad thar n-ais í i bhfioraontacht. 28 Agus ídeóidh sé an dream mallaithe agus na peacaigh in éineacht. Agus déanfar íde ar an muíntir atá imithe ón dTiarna. 29 Óir tabharfar náire dhóibh mar gheall ar na híodalaibh go ndeinidís íbirt chúthu, agus beidh náire oraibh mar gheall ar na gáirdíníbh a thoghúir. 30 Nuair a bheidh sibh mar ’ bheadh dair agus an duilliúr ag titim de, agus mar ’ bheadh gáirdín gan uisce. 31 Agus beidh úr neart mar ’ bheadh luaithreach bunaidh, agus úr n-obair mar ’ bheadh spré thine. Agus beid siad araon ag dó i dteannta ’ chéile, agus ní bheidh éinne chun iad do mhúchadh.

**Caib. a dó**

*Tiocfaid na gínte go léir isteach in eaglais Chríost. Teilgfar amach na Giúdaígh mar gheall ar a bpeacaíbh. Ídeófar íodaladhradh.*

1 An briathar a chonaic Isaias mac Amois i dtaobh Iúda agus Ierúsalem.

2 Agus in sna laethibh deirineacha[1] ollmhófar cnuc tí an Tiarna ar bhárr sléibhte, agus árdófar é os cionn na gcnuc, agus beid na gínte go léir ag scéith chuige. 3 Agus beidh a lán daoine ag imeacht agus dhá rá: Téanam agus téimís suas go dtí cnuc an Tiarna, agus go dtí tigh Dé Iacoib, agus múinfidh sé dhúinn a shlite, agus siúlóimíd ’na chosánaibh: Mar is amach a Síon a thiocfaidh an dlí, agus ó Ierúsalem focal an Tiarna. 4 Agus tabharfaidh sé breith ar na Gíntibh agus smachtóidh sé iomad pobal, agus iompóid siad a gclaimhte ’na socaibh, agus a ngathanna ’na gcórranaibh; ní bheidh náisiún ag árdú claímh in aghaidh náisiúin, ná ní dhéanfaid siad taithí de chogadh a thuilleadh.

5 Tagaidh, a theaghlach Iacoib, agus siúlaimís i solas an Tiarna. 6 Óir tá do phobal caite uait agat, teaghlach Iacoib, óir táid siad líonta, mar bhídís san aimsir atá imithe, agus tá acu lucht fáistine ar nós na bhFilistíneach, agus táid siad dlúite le claínn iasachta. 7 Tá a dtír lán d’airgead agus d’ór, agus níl aon teóra lena stórasaibh. 8 Agus tá a dtír lán de chapaillibh, agus tá a gcarbaid gan áireamh. Tá a dtír lán d’íodalaibh, leis. Táid siad tar éis oibre a lámh féin d’adhradh, obair a dhein a méireanna féinig. 9 Agus tá an duine tar éis é féin do chromadh síos, agus tá an duine íslithe: dá bhrí sin ná maith dhóibh.

10 Imighse isteach sa charraig, agus éirigh i bhfolach sa pholl ó aghaidh eagla an Tiarna, agus ó ghlóire a mhórgachta. 11 Táid súile uaibhreacha an duine úmhlaithe, agus leagfar mórchúis daoine: agus is é an Tiarna amháin do huaisleófar an lá san. 12 Mar beidh lá Tiarna na sló ar gach duine atá uaibhreach árdaigeanta, agus ar gach duine atá mórchúiseach, agus úmhlófar é. 13 Agus ar chéadaraibh móra árda uile Libanuis, agus ar chrannaibh daraí uile Bhasan; 14 agus ar na sléibhtibh árda go léir, agus ar na cnucaibh taibhseacha, 15 agus ar gach túr árd, agus ar gach falla daingean, 16 agus ar loingeas uile Tharsis, agus ar gach ní atá álainn le feiscint. 17 Agus cromfar síos

1 Caib. 2. véar. 2. “*In sna laethannaibh deirineacha*,” .i. tréimhse uile na dlí nua, ó theacht Chríost go dtí deireadh an tsaeil: óir níl tréimhse eile ná aimsir eile le teacht ’na dhiaidh san ach amháin an tsíoraíocht. *Ibid*. “*Ar bárr na gcnuc*[*]”, taispeánann an chainnt sin eaglais Chríost a bheith síorshofheicse: óir ní féidir “cnuc ar bhárr na gcnuc” do chur i bhfolach.

mórchúis daoine, agus úmhlófar díomas daoine, agus is é an Tiarna amháin do huaisleófar an lá san. 18 Agus ídeófar na híodail glan[1]. 19 Agus beid siad ag dul isteach i bpollaibh na gcarraigreach, agus in uaimhibh na talún, ó aghaidh eagla an Tiarna, agus ó ghlóire a mhórgachta, nuair ’ éireóidh sé suas chun na talún do bhualadh. 20 Caithfidh duine uaidh, an lá san, na híodail airgid agus na híodail óir a dhein sé dho féin chun bheith dhá n’adhradh, caocháin agus sciatháin leathair, 21 agus raghaidh sé isteach i bpollaibh na gcarraigreach agus i scoltaibh na gcloch, ó aghaidh eagla an Tiarna agus ó ghlóire a mhórgachta, nuair ’ éireóidh sé chun na talún do bhualadh. 22 Fanaidh socair, dá bhrí sin, ón nduine go bhfuil a anál ’na shrónaibh, mar tá ainm árd air.

**Caib. a Trí**

*An céimaighrá agus na huilc eile a thiocfaidh ar na Giúdaígh mar gheall ar a bpeacaíbh.*[*]

1 Óir féach, tógfaidh an Rialtóir, Tiarna na sló, chun siúil ó Ierúsalem[*], an tréan agus an láidir, gach uile neart aráin, agus gach uile neart uisce, 2 an fear láidir, an fear cogaidh, an breitheamh, an fáidh, an fear gasta, an seanóir, 3 an taoiseach caogaid, agus fear na gnúise onóraí, agus an fear cómhairle, agus an foirgneamhaí, agus an fear oilte ar úrlabhra. 4 Agus tabharfad dóibh leanaí chun bheith ’na bpriúnsaíbh os a gcionn, agus is spadáin a bheidh ’na ríthibh orthu. 5 Agus beid na daoine ag rith i gcoinnibh a chéile agus gach fear in aghaidh a chómharsan agus an leanbh ag déanamh callóide in aghaidh an tseanóra, agus an t-íseal in aghaidh an uasail. 6 Óir béarfaidh fear ar a dhriotháir, ar dhuine de theaghlach a athar, agus déarfaidh sé: Tá ball éadaigh agatsa. Bíse id rí orainn agus bíodh an lot so féd láimhse. 7 Agus déarfaidh seisean, an lá san: ní fear leighis[*] mise, agus nil arán im thigh ná éadach. Ná deintear rialtóir ar na daoine dhíomsa. 8 Óir tá Ierúsalem ar lár agus tá Iúda treascartha: óir tá a dteanga agus a mbeartúchán in aghaidh an Tiarna, ag gríosadh súl a mhórgachta. 9 Tá aithne a ngnúise tar éis freagra ’ thabhairt orthu. Agus tá a bpeaca ínste acu ós árd ar nós Sodoim, agus níor cheileadar é. Is léanmhar dá n-anam óir tá uilc dá gcúiteamh leó. 10 Abair leis an bhfíoraon go bhfuil go maith, óir íosfaidh sé toradh a ghníomhartha. 11 Léan chun uilc don drochdhuine: óir tabharfar do tuarastal a lámh.

12 I dtaobh mo phobail, táid siad lomtha ag á n-éilteóiribh, táid mná tar éis bheith ’na rialtóiribh orthu. A phobal liom, an mhuíntir adeir gurb aoibhinn díbh is ag úr gcur amú atáid siad agus ag lot slí úr gcéimeanna. 13 Tá an Tiarna ’na sheasamh chun breithiúntais, agus tá sé ’na sheasamh chun breithiúntais a thabhairt ar an bpobal. 14 Tá an Tiarna ag teacht chun breithiúntais le seanóiríbh a phobail, agus le priúnsaíbh a phobail: óir tá an fíonghort ite agaibh, agus tá foghail na mbocht ’núr dtigh. 15 Cad chuige dhíbh bheith ag ithe mo phobail, agus ag meilt aighthe na mbocht? adeir Tiarna Dia na sló.

16 Agus duairt an Tiarna: toisc go mbíodh iníonacha Shíoin mórchúiseach, agus iad ag siúl agus a muineál sínte amach acu, agus iad ag bagairt a súl, agus ag déanamh fothraim lena gcosaibh ag siúl, agus a gcéimeanna tómhaiste acu. 17 Cuirfidh an Tiarna aithis maoile ar mhullach a gcínn d’iníonachaibh Shíoin, agus nochtfaidh an Tiarna a ngruaig.

18 Sa ló san tógfaidh an Tiarna chun siúil órnáidí na mbróg, agus na gealacha beaga, 19 agus na slabhraí, agus na muinchí, agus na práisléadaí, agus na míochtaí, 20 agus na biríní, agus órnáidí na

1 Véar. 18. “*Ídeófar na híodail glan*,” nú imeóid siad as an saol ar fad. Do fíoradh san nuair a cuireadh eaglais Chríost ar bun. Agus tugann an chainnt sin, agus téicseanna eile mar í, an t-éitheach, lom díreach, den chainnt gan éifeacht a thagann uaireanta ó namhaid na heagailse[*], dhá rá go bhfuilid na Críostaithe go léir ag déanamh íodaladhartha leis na céadtaibh blian.

gcos, agus na cláiríní, agus na liathróidí mísle, agus na fáinní cluas, 21 agus na fáinní ar na méireannaibh; agus na seóda ar sileadh ar an éadan, 22 agus na hathracha éadaigh, agus na clócaí geara, agus an línéadach mín, agus na bioráin chun fiartha, 23 agus na scátháin, agus na cáimbricí, agus na banndaí cínn, agus na cochaill bhreátha. 24 Agus in inead an bhalaith bhreá beidh bréantas, agus in inead an chreasa beidh téad, agus in inead na gruaige caise beidh aithis mhaoile, agus in inead an uchtaigh beidh éadach ruainnigh.

25 Agus 'na theannta san beid na fir bhreátha ag titim leis ag gclaíomh, agus na fir thréana ag titim i gcath. 26 Agus beid a geataí ag caí agus ag gol, agus beidh sí 'na suí ar an dtalamh go huaigneach.

## Caib. a Ceathair

*Tar éis na n-olc go léir a thitfidh ar an Giúdaígh cuirfidh Críost sólás ar iarsma dhíobh.*

1 Agus sa ló san béarfaidh mórsheisear ban greim ar aon fhear amháin agus déárfaid siad: Íosfaimíd ár mbia féinig agus caithfimíd ár n-éadach féinig: ach amháin leog dúinn t'ainmse ' bheith orainn, agus tóg dínn ár n-asachán.

2 Beidh, sa ló san, péac an Tiarna[1] i mórgacht agus i nglóire, agus beidh toradh na talún árd, agus beidh áthas mór ar an méid d'Israél a bheidh tar éis dul saor. 3 Agus ráineóidh go dtabharfar naofa ar gach duine a bheidh fágtha i Síon agus ar gach duine a dh'fhanfaidh i Ierúsalem, agus ar gach duine atá scríofa i mbeatha i Ierúsalem. 4 Má níonn an Tiarna amach salachar iníonacha Ierúsalem, agus má níonn sé amach fuil Ierúsalem as a lár, le sprid an bhreithiúntais agus le sprid an loiscithe.
5 Agus cruthóidh an Tiarna ar gach áit i gcnuc Síoin, agus mar a nglaeitear air, scamall sa lá, agus deatach agus gileacht lasrach tine san oíche: óir beidh os cionn na glóire go léir cosnamh. 6 Agus beidh taibearnacal mar scáth ón mbrothall sa ló, agus mar dhíon, agus mar chlúdach ón ngaoith ghuarnain agus ón bhfearthainn.

## Caib. a Cúig

*Taispeántar roim ré, i bparabal an fhíonghuirt, daoradh na nGiúdach. Mairg dá labhairt in aghaidh peacach. An tslua a curfar ó Dhia 'na gcoinnibh.*

> 1 Canfad dom ghrá, cantaic mo ghaoil[2] dá fhíonghort. Bhí fíonghort ageam ghrá ar bhárr cnuic in áit thorthúil.
> 2 Do dhaingnigh sé é agus phioc sé na clocha as.
> Do chuir sé ann cínn na finiúna dob fheárr.
> Chuir sé túr suas 'na lár,
> agus chuir sé suas fáscaire ann.
> Agus bhí súil aige go dtabharfadh sé caora finiúna.
> Agus thug sé fionúirí fiaine.

3 Agus anois, a lucht áitribh Ierúsalem, agus a fheara Iúda, deinidh breithniú idir mise agus m'fhíonghort. 4 Cad é an ní eile a bhí ceart agam a dhéanamh dom fhíonghort agus nár dheineas

1 Caib. 4. véar. 2. "*Péac an Tiarna,*" .i. Críost.
2 Caib. 5. véar. 1. "*Cantaic mo ghaoil.*" A ghaol a thugann an fáidh ar Chríost, óir ba dá mhuíntir é, agus den chine chéanna, mar de theaghlach Dhávid ab ea Isaias, leis. *Ibid*—"*ar bhárr cnuic.*" De réir na leitre, "ar an adharc, mac an ola".

do? An é go rabhas ag súil go dtabharfadh sé caora fíona agus do thug sé caora fiaine? 5 Agus anois taispeánfad díbh cad a dhéanfad lem fhíonghort. Tógfad uaidh an fál atá air agus loitfar é. Leagfad an falla atá air agus geóbhfar de chosaibh ann. 6 Agus déanfad uaigneas de. Ní beárrfar é agus ní rómharfar é. Ach éireóidh sceacha agus deilgne, Agus déarfad leis na scamallaibh gan aon fhearthainn do leogaint anuas air. 7 Óir is é teaghlach Israél fíonghort Thiarna na sló, agus is é fear Iúda a phlannda áthais agus bhí súil agam go ndéanfadh sé breithiúntas, agus féach an mhallaitheacht: agus go ndéanfadh sé ceart, agus féach glao.

8 Is mairg díbhse a bhíonn ag ceangal tí le tigh, agus ag cur páirce le páirc eile, go dtí deireadh na háite! An sibhse amháin a dhéanfaidh cónaí i lár an domhain? 9 Táid na nithe sin im chluasaibh, adeir Tiarna na sló: mura mbeid mórán tithe móra breátha dá ndéanamh uaigneach. gan áitreabhach iontu. 10 Óir tabharfaidh deich n-acra fíonghuirt aon tómhas beag amháin, agus tabharfaidh deich mbuiséil fhichid síl trí buiséil.

11 Is mairg díbhse a bhíonn ag éirí go moch ar maidin chun dul i ndiaidh meisce, agus chun bheith ag ól go tráthnóna agus bheith ar lasadh le fíon. 12 An chruit agus an chláirseach agus an tiompán aus an phíb agus an fíon ’núr bhféastaíbh agaibh: agus níl speóis agaibh in obair an Tiarna, ná ní chuímhníonn sibh ar oibreachaibh a lámh. 13 Uime sin atá mo phobal dá seóladh chun siúil i mbraighdineas, toisc gan eólas a bheith acu, agus táid a n-uaisle tar éis bháis den ghorta agus do triomaíodh leis an dtart a slua. 14 Dá dheascaibh sin tá ifreann tar éis a anama do leathnú, agus tar éis a bhéil a dh’oscailt gan teóra, agus raghaidh a ndaoine láidre, agus a bpobal, agus a ndaoine uaisle, agus a ndaoine glórmhara síos isteach ann. 15 Tabharfar an duine anuas, agus úmhlófar an duine, agus ísleófar súile na n-uaibhreach. 16 Agus árdófar Tiarna na sló i mbreithiúntas, agus naomhófar Dia naofa i gceart. 17 Agus beid na huain dá gcothú de réir úird, agus beid daoine iasachta ag ithe na n-uaigneas a bheidh iompaithe chun torthúlachta.

18 Is mairg díbhse a bhíonn ag tarrac na mallaitheachta le téadaibh baoise; agus an pheaca ar nós téide trucaileach; 19 sibhse adeir: brostaíodh sé agus tagadh a chuid oibre go luath, i dtreó go bhfeicfimíd é: agus tagadh cómhairle Aein-Naofa Israél i dtreó go gcuirfimíd aithne uirthi. 20 Is mairg díbh a bhíonn dhá rá gur maith olc agus gurb olc maith; a bhíonn ag cur doircheachta ’na solas agus ag cur solais ’na dhoircheacht; a chuireann an searbh ’na mhilis agus an milis ’na shearbh! 21 Is mairg díbhse atá eagnaí ’núr súilibh féinig, agus ciallmhar dar libh féin. 22 Is mairg díbh atá cómhachtach chun fíona ’ dh’ól agus calma chun meisce, 23 sibhse a bhíonn ag ceartú an drochdhuine ar son tabharthais, agus ag baint an chirt den fhíoraon.

24 Dá dheascaibh sin tá teanga na tine ag slogadh an choínligh, agus tá teas na lasrach dhá ídiú: mar sin beidh a bpréamh ’na luaithrigh, agus ’ imeóidh a bpéac suas ’na cheó; óir tá dlí an Tiarna san na sló caite uathu acu, agus tá diamhasla déanta acu ar bhriathar Aein-Naofa Israél. 25 Dá bhrí sin tá fíoch an Tiarna ar lasadh i gcoinnibh a phobail, agus tá sé tar éis a lámha do shíneadh amach orthu agus iad a bhualadh: agus do buaireadh na cnuic, agus bhí a gcnublacha ar nós aoiligh i lár na sráideanna. Tar éis an méid sin go léir níl a fhearg iompaithe i leataoibh, ach tá a lámh sínte amach fós, 26 agus árdóidh sé cómhartha chun na ngínte i gcéin, agus leogfaidh sé fead orthu ó imeallaibh an domhain, agus féach, tiocfaid siad ar mire go luath. 27 Níl éinne orthu go raghaidh i laige, ná ar a mbeidh dua: Ní dhéanfaid siad suan ná codladh, ná ní bogfar an crios dá gcúm, ná ní brisfar iall a mbróg. 28 Táid a saígheada géar agus a mboghanna lúbtha. Táid crúba a n-each mar ’ bheadh *flint*, agus a rothanna mar ’ bheadh anaithe stoirme. 29 Tá a mbúirtheach mar ’ bheadh búirtheach leóin. Beid siad ag búirthigh mar ’ bheadh leóin óga. Sea, beid siad ag búirthigh, agus béarfaid siad greim ar an bhfoghail agus cimeádfaid siad an greim sin go daingean air, agus ní bheidh éinne chun é ’

dh’fhuascailt. 30 Déanfaid siad fothram ’na gcoinnibh an lá san mar bhúirtheach na farraige:
féachfaimíd i dtreó an tailimh tirim, agus féach doircheacht buairimh, agus an solas dá dhorchú lena
cheó.

**Caib. a Sé**

*Aislinn ghlórmhar, ’na nglantar beóil an fháidh. Ínseann sé roim ré stuacacht na nGiúdach.*

1 An bhliain a fuair Osias bás do chonac an Tiarna ’na shuí i gcathaoir ríoga a bhí go hárdaithe
suas, agus bhí an teampall lán dá chuallacht. 2 Bhí na *seraphimí* ’na seasamh uirthi, agus bhí sé
sciathána ar *seraphim* acu agus sé sciathána ar an *seraphim* eile, bhí a aghaidh clúdaithe acu le dhá
sciathán agus a chosa le dhá sciathán, agus bhíodar ag gluaiseacht ar eitil leis an dá sciathán eile.
3 Agus bhíodar ag glaoch cun a chéile agus deiridís: Is naofa naofa naofa an Tiarna, Dia na sló, tá
an domhan go léir lán dá ghlóire. 4 Agus bhíodh fárdorais na ndóirse dá luascadh le guth an té do
ghlaodh, agus do líonadh an tigh de dheatach.

5 Agus duartsa: Is mairg dómhsa toisc gur fhanas ciúin, óir is duine me go bhfuilid a bheóil
neamhghlan, agus táim im chónaí i measc daoine go bhfuilid a mbeóil neamhghlan, agus do chonac
lem shúilibh an Rí, Tiarna na sló. 6 Agus d’eitill aon de sna *seraphimíbh* chúm agus sméaróid tine
’na láimh aige, sméaróid a thóg sé le tlú den altóir, 7 agus do theangmhaigh sé lem béal agus duairt
sé: Féach do theangmhaigh sé seo led bheólaibh, agus tógfar uait do mhallaitheachtaí, agus glanfar
do pheaca.

8 Agus d’airíos glór an Tiarna dhá rá: Cé ’ chuirfimíd uainn? agus cé ’ raghaidh dúinn? agus
duartsa: féach, táimse anso, cuir mise. 9 Agus duairt sé: Imigh agus déarfair leis an bpobal so: ag
éisteacht, eistidh, agus ná tuigidh: agus feicidh an radharc agus ná haithnídh é. 10 Dein croí an
phobail seo do chaochadh, agus a gcluasa do dhúradh, agus a súile do dhúnadh, sara bhfeicfidís lena
súilibh, agus go gcloisfidís lena gcluasaibh, agus go dtuigfidís lena gcroí, agus go n-iompóidís agus
go slánóinn iad. 11 Agus duartsa: Cad é an fhaid, a Thiarna? agus duairt sé: go dtí go mbeid na
cathracha uaignithe gan áitreabhach, agus na tithe gan duine, agus an talamh in’ fhásach. 12 Agus
aistreóidh an Tiarna daoine in imigéin. Agus iomadófar í siúd a fágadh i lár na talún, 13 agus beidh
deachú inti fós, agus iompó’ sí, agus beifar dhá taispeáint ar nós craínn giúise nú ar nós craínn daraí
go mbíonn a ghéaga ar leathadh. Agus beidh an ní a sheasóidh ann ’na shíol naofa.

**Caib. a Seacht**

*An fáidh dhá dheimhniú don rí Achas ná tógfaidh an dá rí atá ’na namhdaibh aige, cathair Ierúsalem. Geóbhaidh maighdean gein agus béarfaidh sí mac.*

1 Agus do thárla i laethibh Achais mac Ioatain mhic Osiais, rí Iúda, go dtáinig Rasin, rí Suíria, agus
Phacee mac Romelia, rí Israél, aníos go dtí Ierúsalem, chun troda ’na coinnibh, agus níor fhéadadar
buachtaint uirthi. 2 Agus d’ínseadar do theaghlach Dhávid é, agus dúradar: Tá Suíria ag seasamh ar
Ephraim, agus do suathadh a chroí, agus croí a dhaoine, mar a suaitear craínn na gcoíllte leis an
ngaoith. 3 Agus duairt an Tiarna le hIsaias: Imigh amach i gcoinnibh Achais, tu féin agus do mhac
Iasub atá fágtha, go dtí caidhséar an locha uachtaraigh, ar bhóthar páirce an úcaire, 4 agus déarfair
leis: Féach, fansa socair: Ná bíodh eagal ort. Ná glacadh do chroí eagla roimis an dá eireaball
aithinne sin go bhfuil an deatach astu ó fheirg agus ó fhíoch Rasin rí Suíria agus mhic Romelia.
5 Óir tá cómhairle glacaithe id choinnibh ag Suíria, chun díobhála d’Ephraim, agus mac Romelia,

dhá rá: 6 Téimís suas go dtí Iúda agus dúisímís é, agus tarraigimís linn é agus deinimís rí 'na lár de mhac Thabeel. 7 Seo mar adeir an Tiarna: Ní sheasóidh san, agus ní bheidh amhlaidh. 8 Ach is é Damascus ceann Shuíria, agus is é Rasin ceann Dhamascuis. Agus laistigh de chúig bhliana agus trí fichid beid Ephraim tar éis stad de bheith 'na phobal. 9 Agus is í cathair Shamaria ceann Ephraim, agus is é mac Romelia ceann Shamaria. Mura gcreididh sibh ní leanfaidh sibh ann.

10 Agus do labhair an Tiarna arís le hAchas agus duairt sé: 11 Iarr cómhartha ar an dTiarna* Dia, i ndoimhneas ifrinn nú san árd lastuas. 12 Agus duairt Achas: Ní iarrfad, ná ní dhéanfad fromhadh ar an dTiarna. 13 Agus duairt seisean: Cloisidh dá bhrí sin, a theaghlach Dhávid, an beag agaibhse bheith ag cur ar dhaoinibh, go bhfuiltí ag cur ar mo Thiarna Dia, leis? 14 Dá dheascaibh sin tabharfaidh an Tiarna féin cómhartha dhíbh. Féach. Geóbhaidh maighdean gein, agus béarfaidh sí mac, agus tabharfar Emanuel mar ainm air. 15 Beidh sé ag ithe ime agus meala i dtreó go mbeidh eólas aige ar dhiúltú don olc agus an mhaith do thoghadh. 16 Óir sara mbeidh eólas ag an leanbh ar dhiúltú don olc agus ar an maith do thoghadh beidh an tír sin dá dtugais-se fuath tréigthe ó aghaidh a dhá rí. 17 Tabharfaidh an Tiarna ortsa, agus ar do dhaoinibh, agus ar theaghlach t'athar, laethanta nár tháinig ón aimsir 'nar cuireadh ó chéile Ephraim agus Iúda, le rí na nAssuíriánach. 18 Agus ráineóidh an lá san go siosfaidh an Tiarna ar an gcuil atá sa pháirt is imigéiniúla d'aibhníbh na hÉigipte, agus ar an mbeich atá i dtalamh Assuíria, 19 agus tiocfaid siad agus stadfaid siad go léir i sruthánaibh na ngleannta, agus i bpollaibh na gcarraigreach agus ins gach rosán, agus in sna clasaibh go léir. 20 Sa ló san beárrfaidh an Tiarna, le rásúr tuarastail leósan atá lastall den abhainn, le rí na nAssuíriánach, an ceann, agus ribí na gcos, agus an fhéasóg uile, 21 agus ráineóidh an lá san go mbeidh fear ag cothú bó óige agus dhá chaeireach, 22 agus le flúirse bainne beidh sé ag ithe ime. Óir beidh gach duine a fágfar i lár na talún ag ithe ime agus meala. 23 Agus titfidh amach sa ló san gur 'na sceachaibh agus 'na deilgnibh a bheidh gach áit, 'na raibh míle finiúin ar mhíle píosa airgid. 24 Raghaid siad isteach san áit le saígheadaibh agus le boghannaibh: óir sceacha agus deilgne a bheidh sa tír go léir. 25 Agus i dtaobh na gcnuc go léir a bheidh dá racáil le raca, ní thiocfaidh eagla na sceach agus na ndeilgne isteach san áit sin, ach beid siad ag an ndamh chun fosaíochta agus ag na mion-bheithígh chun* siúil orthu.

**Caib. a hOcht**

*Ainm linbh atá le teacht ar an saol. Mórán uilc le teacht ar na Giúdaígh mar gheall ar a bpeacaíbh.*

1 Agus duairt an Tiarna liom: Tóg chút leabhar mór agus scríbh ann le peann fir. Tóg chun siúil an éadáil go mear, tóg an fhoghail go luath. 2 Agus thógas chúm fínnithe dílse, Urias an sagart agus Sacharias mac Bharachiais, 3 agus chuas go dtí an bheanfháidh, agus ghoibh sí gein agus do rug sí mac. Agus duairt an Tiarna liom: tabhair mar ainm air: Brostaigh agus tóg an éadáil: Bí mear agus tóg an fhoghail: 4 óir sara mbeidh ' fhios ag an leanbh conas glaoch ar a athair agus ar a mháthair beidh neart Dhamascuis agus éadáil Shamaria tógtha chun siúil roime rí na nAssuíriánach.

5 Agus do labhair an Tiarna liom arís, agus duairt sé: 6 Toisc gur theilg an pobal so uathu uisceacha Shiloe a bhíonn ag gluaiseacht i gciúnas, agus gur thógadar mar rogha Rasin agus mac Romelia, 7 dá bhrí sin, féach, tabharfaidh an Tiarna orthu uisceacha na habhann atá láidir líonmhar, rí na nAssuíriánach agus a ghlóire go léir, agus tiocfaidh sé aníos de dhruím a chaidhséar go léir, agus scéifidh sé dá bhruachaibh go léir, 8 agus geóbhaidh sé trí Iúda, ag scéith dá bhruachaibh, agus raghaidh sé anonn chómh fada leis an muineál. Agus líonfaidh leathadh a sciathán leithead do thíre, Ó Emanuel!

9 Cruinnídh sibh féin i dteannta ’ chéile, a phobal, agus buaitear oraibh, agus tugaidh cluas, a thíortha i gcéin. Neartaídh sibh féin, agus buaitear oraibh. Criosaidh sibh féin, agus buaitear oraibh.
10 Deinidh cómhairle i dteannta ’ chéile, agus teipfidh an chómhairle. Labhraidh focal, agus ní déanfar é: óir tá Dia linne. 11 Óir seo mar adeir an Tiarna liomsa: fé mar a theagaisc sé me le cuislinn láidir, ná caithfinn siúil i slí an phobail seo, dhá rá: 12 Ná habraidh: Cómhcheilg: óir is cómhcheilg gach ní dá labhrann an pobal so: agus ná glacaidh eagla roimena n-eagla, agus ná bíodh eagla oraibh. 13 Deinidh Tiarna na sló féin do naomhú agus bíodh úr n-eagla roimis sin. 14 Agus beidh sé ’na naomhú agaibh. Ach ’na chloich tuisle agus ’na chloich dochair do dhá theaghlach Israél, ’na ghaiste agus ’na dhíth do mhuíntir Ierúsalem. 15 Agus déanfaid a lán acu tuisle agus titim, agus brisfar mion iad, agus gaisteófar iad agus tógfar iad. 16 Ceangail an fianaise, cuir séala ar an dlí i measc mo dheisceabal. 17 Agus beadsa ag feitheamh leis an dTiarna, ó tá a ghnúis i bhfolach aige ó theaghlach Iacoib, agus bead ar a lorg.

18 Féach mise agus mo chlann, an chlann a thug an Tiarna mar chómhartha dhom, agus mar iúnadh in Israél ó Thiarna na sló a chómhnaíonn i gcnuc Sioin. 19 Agus nuair adéarfaid siad libh: Fiafraídh de phuítonaibh[1] agus de lucht fáistine a bhíonn ag dranntán ’na ndeismireachtaibh: Nár chóir don phobal bheith ag fiafraí dá nDia i dtaobh beó ná marbh? 20 Níos mó ámh chun na dlí agus chun na fianaise. Agus mura labhraid siad de réir an fhocail seo ní bheidh solas na maidine acu. 21 Agus geóbhaid siad thairis, titfid siad agus beidh ocras orthu. Agus nuair a bheidh ocras orthu beidh fearg orthu, agus beid siad ag eascainí ar an rí, agus ar a nDia, agus iad ag féachaint suas. 22 Agus féachfaid siad chun an tailimh, agus féach trioblóid agus doircheacht agus lagachar agus guais agus ceóbhrán dhá leanúint, agus gan ar a gcumas imeacht óna gcruatan.

**Caib. a Naoi**

*An t-áthas a thiocfaidh i ndiaidh guaise trí theacht ríochta Chríost, an ríocht a bheidh fé bhláth ar fead na síoraíochta. Breitheanna ar Israél mar gheall ar a bpeacaíbh.*

1 An chéad uair do baineadh go héadrom le talamh Sabuloin agus le talamh Nephtali, agus an uair dheirineach do cuireadh ualach trom ar shlí na farraige lastall den Iordain, de Ghaililee na nGínte.
2 Tá an pobal a bhí ag siúl sa doircheacht tar éis solais mhóir a dh’fheiscint. Tá solas éirithe chun na ndaoine a bhí ’na gcónaí i gcrích scáile an bháis. 3 D’iomadaís an náisiún agus níor mhéadaís an t-áthas. Beidh áthas orthu os do chómhair ar nós daoine a bhíonn ag déanamh áthais sa bhfómhar, ar nós lucht bua a bhíonn ag déanamh áthais tar éis na foghla ’ thógaint, nuair a bhíd siad ag roinnt na héadála. 4 Óir tá cuíng a n-ualaigh agus slat a slinneán, agus slat ríoga a n-éigeantóra cloíte agat, mar a bhí i lá Mhadian. 5 Óir loiscfar, agus déanfar abhar chun tine de gach tógáilt éigeantach foghla[*].

6 Óir do rugadh leanbh dúinn. agus do tugadh mac dúinn, agus tá an rialtas ar a ghualainn, agus tabharfar mar ainm air, Iúntach, Cómhairleach, Dia an Cómhachtach, Athair an tsaeil atá le teacht, Priúnsa na Síochána. 7 Iomadófar a ímpireacht, agus ní bheidh aon deireadh le síocháin: beidh sé ’na shuí ar chathaoir Dhávid, agus ar a ríocht: agus daingneóidh sé í, agus neartóidh sé í le breithiúntas agus le ceart, as so amach agus go deó. Déanfaidh díogras Tiarna na sló an ní sin.

1 Caib. 8. véar. 19. “*Fiafraídh de phuítonaibh.*” .i. Daoine dhá leogaint orthu gur féidir leó nithe atá le teacht a dh’ínsint roim ré trí sprid éigin fáistine. “*Nár chóir don phobal bheith ag fiafraí dá nDia i dtaobh beó ná marbh*,” cuirtar in úil dúinn san áit sin gur dhá iarraidh ar Dhia sinn do stiúrú ba cheart dúinn a bheith, in inead bheith a d’iarraidh eólais ’ fháil ó sna mairbh (.i. ó lucht fáistine atá marbh sa pheaca) i dtaobh sláinte na mbeó.

8 Do chuir an Tiarna briathar uaidh isteach i Iacob, agus do thúirlig sé ar Israél. 9 Agus beidh a fhios ag muíntir Ephraim uile agus ag muíntir Shamaria, na daoine adeir in uabhar agus i mórchúis a gcroí: 10 Táid na bríceanna tititthe ar lár ach déanfaimídne foirineamh le clochaibh ceárnacha. Do ghearradar anuas na sicamóir ach cuirfimídne céadair 'na n-inead. 11 Agus cuirfidh an Tiarna suas namhaid Rasin, os a chionn, agus tabharfaidh sé a namhaid air 'na slua; 12 na Suíriánaigh anoir agus na Philistínigh aniar, agus íosfaid siad Israél le béal ar leathadh, óir, 'na thaobh san, níl a fhíoch go léir iompaithe i leataoibh, ach tá a lámh sínte amach fós.

13 Agus níl iompaithe ag an bpobal chun an té atá dhá mbualadh, agus níl Tiarna na sló acu dá lorg, 14 agus ídeóidh an Tiarna as Israél an ceann agus an t-eireaball, an té a chromann síos agus an té ' chimeádann siar, in aon lá amháin. 15 An duine aosta onórtha, sin é an ceann: agus an fáidh a bhíonn ag teagasc éithigh, sin é an t-eireaball, 16 Agus an mhuíntir a thugann daoine beannaithe ar an bpobal so beid siad dhá gcur amú: agus na daoine ar a dtugtar daoine beannaithe caithfar le fánaidh iad ar mhullach a gcínn. 17 Uime sin ní bheidh aon áthas ar an dTiarna mar gheall ar a bhfearaibh óga; ná ní dhéanfaidh sé trócaire ar a ndílleachtaithibh ná ar a mbainntreachaibh; óir tá an uile dhuine 'na chealgaire agus 'na dhrochdhuine, agus tá amadántacht labhartha ag an uile bhéal. Mar gheall air sin go léir, níl a fhíoch iompaithe i leataoibh, ach tá a lámh sínte amach fós.

18 Óir tá mallaitheacht ar lasadh mar ' bheadh tine: Íosfaidh sí an sceach agus an dealg, agus lasfaidh sí i dtiubh na coille, agus beidh sí fíllte i ndeatach ag éirí in áirde. 19 Tá an tír dá suathadh trí fheirg Thiarna na sló agus beid na daoine 'na n-abhar cothaithe don tine. Ní sparálfaidh aon fhear a bhráthair. 20 Agus iompóidh sé i leith na lámha deise agus beidh ocras air, agus íosfaidh sé ar a láimh chlé agus ní líonfar é: beidh gach duine ag ithe feóla a chuisleann féinig: Manasses ag ithe Ephraim agus Ephraim ag ithe Mhanasses, agus iad in éineacht in aghaidh Iúda. 21 Tar éis na nithe sin go léir níl a fhíoch iompaithe i leataoibh, ach tá a lámh sínte amach fós.

**Caib. a Deich**

*Is mairg do lucht dlithe mallaithe do dhéanamh. Beid na hAssuíriánaigh 'na slait chun pionóis do chur ar Israél. Ach dísceófar iad mar gheall ar a n-uabhar féinig. Aghus sábhálfar iarsma d'Israél.*

1 Is léanmhar dóibh sin a bhíonn ag déanamh dlithe mallaithe, agus bíonn, nuair a scríd siad, ag scrí' na héagóra. 2 Ag brú ar na bochtaibh i mbreithiúntas, agus ag déanamh éigin ar chás a bhfuil lag dem pobal: chun na mbainntreach a bheith 'na bhfoghail acu, agus chun na ndílleachtaithe do robáil. 3 Cad a dhéanfaidh sibhse i ló na cuarda, sa ló 'na dtiocfaidh an sceímhle ón imigéin? Cé chuige go rithfidh sibh ag lorg cúnta? Agus cá bhfágfaidh sibh úr nglóire? 4 I dtreó ná cromfar fén gceangal sibh, agus ná titfidh sibh i measc na marbh? In sna nithibh sin go léir níl a fhearg iompaithe i leataoibh, ach tá a lámh sínte amach fós.

5 Is mairg don Assuíriánach! Is é slat agus cleith m'fheirge é, agus is 'na lámhaibh atá mo dhíbheirg. 6 Cuirfead ag triall ar náisiún mealltach é, agus tabharfad órdú dho i gcoinnibh phobail mo dhíbheirge, chun na bhfoghal do thógaint chun siúil, agus chun greama do bhreith ar an éadáil, agus chun gabháil de chosaibh iontu ar nós draoibe na sráide. 7 Ach ní mar sin a shamhlóidh sé féin, agus ní mar sin a mheasfaidh a chroí. Ach beidh a chroí socair ar íde ' dhéanamh, agus ar náisiúnaibh do dhísciú agus ní beagán é. 8 Óir déarfaidh sé: 9 Nách mar a chéile mo phriúnsaí agus oiread san ríthe? Nách mar a chéile Calano agus Charcamis, agus nách mar a chéile Emat agus Arphad? nách mar a chéile Samaria agus Damascus? 10 Fé mar a fuair mo lámh ríochta an íodail,

sin mar a gheóbhaidh mo lámh, leis, íodail muíntire Ierúsalem agus Shamaria. 11 An amhlaidh ná déanfad le Ierúsalem agus lena híodalaibh mar atá déanta agam le Samaria agus lena híodalaibh?

12 Agus tiocfaidh as, nuair a bheidh a oibreacha go léir déanta ag an dTiarna i gcnuc Sion agus i Ierúsalem, go dtabharfad cuaird ar thoradh an chroí uaibhrigh sin rí Assuíria, agus ar ghlóire an díomais atá ’na súilibh. 13 Óir tá ráite aige: le neart mo lámha féin a dheineas é, agus le héirim m’aigne féin is ea do thuigeas é. Agus táid teóranna mo ndaoine aistrithe agam, agus do thógas foghla phriúnsaí, agus im fhear chómhachtach dom, do leagas ar lár daoine a bhí ’na suí go hárd. 14 Agus fuair mo lámh neart na ndaoine mar ’ bheadh nead, agus mar a bailítear na huíbhe a fágtar, sin mar atá an domhan go léir bailithe agamsa, agus ní raibh éinne do chorraigh sciathán ná do leath béal ná do dhein an fothram ba lú.

15 An amhlaidh a bheidh an tua ag maíomh in aghaidh an té a bhíonn ag gearradh léi? Nú an amhlaidh a dh’árdóidh an sábh é féin in aghaidh an té atá dhá tharrac? Chómh maith agus go n-árdódh an tslat í féin in aghaidh an té a dh’árdaíonn í, nú go n-árdódh an chleith í féin agus gan inti ach adhmad. 16 Dá bhrí sin cuirfidh an Tiarna is aoirde, Tiarna na sló, caoile i measc a dhaoine beathaithe, agus lasfad loscadh féna ghlóire, agus mar ’ bheadh tine ag dó. 17 Agus beidh solas Israél mar ’ bheadh tine, agus Aon-Naofa ’na lasair; agus curfar a dheilgne agus a sceacha trí thine agus íosfad iad in aon lá amháin. 18 Agus ídeófar glóire a fhoraoise, agus a chnuic álainn, ón anam go dtí an fheóil, agus rithfidh sé chun siúil le heagla, 19 Agus an méid a bheidh fágtha de chrannaibh a fhoraoise, beidh chómh beag san ann díobh nách deocair iad do chómhaireamh, scríofaidh leanbh síos iad.

20 Agus titfidh amach sa lá san, ná beidh iarsma Israél, agus an méid a raghaidh as de theaghlach Iacoib, ag brath a thuilleadh ar an té a bhuaileann iad: ach beid siad ag brath ar an dTiarna, ar Aon-Naofa Israél, i bhfírinne. 21 Iompófar an t-iarsma, iarsma Iacoib adeirim, chun an Dé atá cómhachtach. 22 Óir má bhíonn do phobal, a Israél, mar ghainimh na mara iompófar iarsma dhíobh[1], beidh an íde chiorraithe tuilte d’fhíoraontacht. 23 Óir déanfaidh Tiarna Dia na sló íde agus ciorrú i lár na tíre go léir. 24 Dá dheascaibh sin seo mar adeir Tiarna Dia na sló: ná bíodh eagal oraibh a phobail liom atá ’núr gcónaí i Sion, ná bíodh eagal oraibh roimis an Assuíriánach: buailfidh sé sibh lena shlait, agus árdóidh sé a chleith os úr gcionn i slí na hÉigipte. 25 Óir tamall beag, tamall ana-bheag eile agus stadfaidh m’fhearg, agus beidh mo dhíbheirg ar a mallaitheacht san. 26 Agus árdóidh Tiarna na sló sciúirse in’ aghaidh sin, de réir an éirligh an Mhadian i gcarraig Oreb, agus a shlaite os cionn na farraige, agus árdóidh sé í i slí na hÉigipte. 27 Agus titfidh amach sa ló san go dtógfar a ualach chun siúil ded ghualainnse, agus a chuíng ded mhuineál, agus lobhfaidh an chuíng i láthair na hola[2]. 28 Tiocfaidh sé isteach in Aiat[3], agus imeóidh sé isteach i Magron. Cuirfidh sé a charbaid suas i Machmas. 29 Táid siad imithe go mear. Is é Gaba ár stad: Bhí uathás ar Rama. Do theith Gabaat Shauil chun siúil. 30 Árdaigh do ghlór, a iníon Ghaillim. Tabhair aire a Laisa, a Anatot bhocht[*]. 31 Tá Medemena tógtha chun siúil. Glacaidh misneach, a lucht áitribh Ghabim. 32 Is leór a bhfuil den lá ann fós chun fanúint i Nobe. Croithfidh sé a lámh i gcoinnibh cnuic iníne Shíon, cnuc Ierúsalem.

1 Caib. 10. véar. 22. “*Iompófar iarsma dhíobh.*” Do fíoradh cuid den chainnt sin, sa chuid de chlaínn Israél a bhí fágtha i ndiaidh an léirscriosa a dhein na hAssuíriánaigh in aimsir an rí Esechias, agus do fíoradh cuid di nuair ’ iompaigh iarsma de sna Giúdaígh chun creidimh Chríost. —*Ibid*. “An íde chiorraithe” .i. beidh a n-uimhir fé bhláth i bhflúirse fíoraontachta tar éis iad a bheith ciorraithe agus curtha i luíghead go mór.

2 Véar. 27. “*I láthair na hola,*” .i. le hola mhilis trócaire Dé.

3 Véar. 28. “*Isteach in Aiat.*” Ínseann an fáidh san áit sin, gluaiseacht na nAssuíriánach fé Shennacherib, agus an scannradh ’ chuirfidís ar an ndúthaigh, agus conas a dísceófí go hobann iad.

33 Féach, brisfidh Árd-Tiarna na sló an t-árthach cré le huathás, agus leagfar ar lár an mhuíntir is
árd i bpearsain agus úmhlófar uaisle, 34 agus geárrfar le hiarann tiúbha na coille, agus titfidh
Libanus agus a uaisle.

**Caib. a hAondéag**

*Ríocht sprideálta Chríost, agus an chine daonna go léir ag teacht chun na ríochta san.*

1 Agus tiocfaidh slat a préimh Iesse, agus éireóidh bláth as a phréimh. 2 Agus stadfaidh air sin sprid
an Tiarna, sprid na heagna agus na tuisceana, sprid na cómhairle agus an nirt, sprid an eólais agus
na diagasamhlachta, 3 agus beidh sé lán de sprid eagla an Tiarna. Ní de réir radhairc súl a
thabharfaidh sé breith, ná ní de réir éisteacht cluas a dhéanfaidh sé imdheargadh. 4 Ach tabharfaidh
sé breith ar na bochtaibh de réir chirt, agus déanfaidh sé imdheargadh i gcothroime ar son lucht
míne an domhain: agus buailfidh sé an domhan le slait a bhéil, agus le hanál a bheól maróidh sé
lucht mallaitheachta. 5 Agus beidh ceart 'na chrios ar a luanaibh, agus creideamh 'na chrios ar a
árannaibh.

6 Déanfaidh an machtíre cónaí i dteannta an uain, agus luífidh an onchú leis an meannán, agus
beidh an gamhain agus an león agus an chaíora ag cónaí i dteannta ' chéile agus leanbh dhá n-
aeireacht. 7 Beidh an gamhain agus an beithir ag fosaíocht agus a dtoircheasaí 'na luí i dteannta '
chéile, agus beidh an león ag ithe tuí ar nós an daimh. 8 Agus beidh an leanbh atá ar chíochaibh ag
súgradh ar pholl na *haspice*, agus cuirfidh an leanbh atá deighilte a lámh isteach i nid an *bhasailisc*.
9 Ní dhéanfaid siad dochar ná ní dhéanfaid siad marú im chnuc naofasa uile, óir tá an domhan lán
d'eólas ar an dTiarna ar nós uisceacha na farraige ag clúdach.

10 Sa ló san, préamh Iesse atá 'na shuaitheantas do sna daoine, is chuige a bheid na Gínte ag guí,
agus beidh a uaigh glórmhar. 11 Agus titfidh amach sa ló san go gcuirfidh an Tiarna a lámh an tarna
huair chun iarsma a dhaoine do shealbhú, an t-iarsma a bheidh fágtha ó sna hAssuíriánaigh, agus ón
Éigipt, agus ó Phetros, agus ó Etiópia, agus ó Elam, agus ó Shennaar, agus ó Emat, agus ó
oileánaibh na mara. 12 Agus cuirfidh sé suas bratach do sna náisiúnaibh, agus cruinneóidh sé lucht
fáin Israél, agus baileóidh sé i dteannta ' chéile a bhfuil scaipithe de Iúda ó cheithre hárdaibh an
domhain. 13 Agus tógfar chun siúil formad Ephraim, agus beid namhaid Iúda ídithe. Ní bheidh
Ephraim ag formad le Iúda, agus ní bheidh Iúda ag troid le hEphraim. 14 Beid siad ag gluaiseacht ar
ghuaillibh na bhFilistíneach in aice na farraige, agus beid siad in éineacht ag creachadh clainne an
oirthir. Beidh Edom agus Moab fé smacht a lámh, agus beidh clann Ammoin úmhal. 15 Agus
scriosfaidh an Tiarna teanga mara na hÉigipte, agus árdóidh sé suas a lámh os cionn na habhann i
neart a spride: agus buailfidh sé í in sna seacht sruthánaibh, i dtreó go bhféadfaidh daoine gabháil
tríthi 'na mbrógaibh. 16 Agus beidh bóthar mór do iarsma mo dhaoine, don iarsma a bheidh fágtha
ó sna hAssuíriánaigh: mar a bhí d'Israél an lá ' tháinig sé aníos a talamh na hÉigipte.

**Caib. a Dódhéag**

*Caintic bhaochais mar gheall ar mhaitheasaíbh Chríost.*

1 Agus déarfairse sa ló san:
Bhéarfad baochas leat, a Thiarna, mar do bhís i bhfeirg liom.
Tá t'fhearg iompaithe i leataoibh agus tá sólás curtha agat orm.
2 Féach, is é Dia mo shlánaitheóir,

Déanfad go muiníneach, agus ní bheadh eagla orm.
Óir is é Dia mo neart agus mo mholadh.
Agus tá sé ’na shlánú agam.
3 Tarraiceóidh sibh uisceacha le háthas a toibreachaibh an tslánaitheóra,
4 agus déarfaidh sibh sa ló san:
Molaidh an Tiarna agus glaeidh ar a ainm.
Cuiridh aithne i measc na ndaoine ar a oibreachaibh.
Cuímhnídh go bhfuil a ainm árd/
5 Canaidh chun an Tiarna, óir tá nithe móra déanta aige.
Taispeánaidh sin ar fuaid an domhain go léir.
6 Dein gáirdeachas agus moladh,
a chónaí Shíon,
óir is mór an té atá it lár,
Aon-Naofa Israél.

**Caib. a Trídéag**

*Íde Bhabilon.*

1 Ualach Bhabilon[1], an ní a chonaic Isaias mac Amois. 2 Tógaidh suas bratach ar an gcnuc dhorcha,
agus árdaídh an glór. Árdaídh suas an lámh agus téadh na rialtóirí isteach in sna geataíbh. 3 Tá órdú
tabhartha agam dom aonaibh naomhaithe agus tá glaeite agam ar aonaibh láidre im fheirg, iad san a
dheineann gáirdeachas im glóire. 4 Glór suaitheantais in sna cnucaibh, mar ’ bheadh glór m orán
daoine, fothram fuaime ríthe, fothram náisiún cruinnithe i dteannta ’ chéile. Tá Tiarna na sló tar éis
órdú ’ thabhairt do sna buínibh cogaidh. 5 Dóibh sin a thagann ó thír in imigéin, ó uachtar neimhe:
an Tiarna agus córacha a fheirge aige chun na tíre go léir do lot. 6 Bídh ag gol go hárd mar tá lá an
Tiarna i ngar. Tiocfaidh sé mar ídiú ón dTiarna. 7 Dá bhrí sin beidh an uile lámh lag agus beidh croí
gach duine ag leaghadh, 8 agus ag briseadh, béarfaidh geárrthaíocha agus pianta greim orthu, beid
siad i dteinneas ar nós mná seólta. Beidh gach duine in uathás i dtaobh a chómharsan. Beidh a
gcúntanóis ar nós aighthe dóite. 9 Féach tiocfaidh lá an Tiarna, lá cruaidh, lán de dhíbheirg, agus
d’fhíoch, agus de bhuile chun na tíre do scrios, agus chun na bpeacach atá ann d’ídiú amach as,
10 óir ní thaispeánfaidh réilte neimhe, agus a ngileacht, a solas. Doircheófar an ghrian ag éirí dhi,
agus ní thaithnfidh an ghealach lena solas. 11 Agus féachfadsa chun olc an domhain, agus in
aghaidh na ndrochdhaoine mar gheall ar a mallaitheacht. Agus cuirfead ’ fhéachaint ar uabhar lucht
díchreidimh stad, agus tabharfad anuas uaibhreacht na gcómhachtach. 12 Beidh fear níos
luachmhaire ná ór, ’sea agus duine ná an t-ór is míne. 13 Uime sin buairfeadsa an spéir, agus
aistreófar an chruinne as a hinead, mar gheall ar dhíbheirg Thiarna na sló, agus ar lá a fheirge
fíochmhaire. 14 Agus beid siad ar nós eilite fia ag teitheadh, agus ar nós caeireach, agus ní bheidh
éinne chun iad do bhailiú i dteannta ’ chéile: agus iompóidh gach duine chun a dhaoine féinig, agus
beidh gach éinne ag teitheadh chun a thíre féinig. 15 Gach duine a geóbhfar curfar chun báis é: agus
gach duine dá dtiocfaidh ag cabhrú leó titfidh sé leis an gclaíomh. 16 Buailfar a naíonna agus brisfar
iad (i gcoinnibh na gcloch) os cómhair a súl: scartálfar a dtithe, agus déanfar éigean ar a mnáibh.
17 Múiscleódsa na Méidigh ’na gcoinnibh, daoine ná loirceóidh airgead agus ná cuirfidh dúil in ór:
18 Ach lena saígheadaibh maróid siad an chlann, agus ní bheidh trua acu do naíonnaibh na bruinne,
ag deól, agus ní spárálfaid a súile a gclann mhac.

1 Caib. 13. véar. 1. “*Ualach Bhabilon,*” .i. targaireacht in aghaidh Bhabilon.

19 Agus an Babilon san atá glórmhar i measc na ríocht, cathair uaibhreach oirirc na gCaldéach, beidh sí fé mar a dh'idigh an Tiarna Sodom agus Gomorrha. 20 Ní déanfar cónaí inti arís go deó, agus ní curfar ar a bonnnaibh í ó shliocht go sliocht; ná ní dhéanfaidh an tArabach a chábán inti, ná ní ghlacfaidh an t-aeire suaimhneas inti. 21 Ach raghaidh beithígh allta chun suaimhnis inti, agus beidh a dtithe lán d'aithreachaibh nímhe, agus cómhnóid na struthanna inti, agus beid na rudaí clúmhacha ag rínce inti.

22 Beid na mulcháin (na cínn cait) ag freagairt a chéile inti, in sna tithibh, agus na murúcha ag freagairt a chéile in sna teampallaibh pléisiúir.

**Caib. a Ceathairdéag**

*Cur Israél ar a mbunaibh tar éis an bhraighdinis. Parabal, nú dán, ag tarcaisniú rí Bhabiloin. Targaireacht in aghaidh na bhFilistíneach.*

1 Tá a haimsir in achomaireacht, agus ní curfar a laethanta i bhfaid. Óir déanfaidh an Tiarna trócaire ar Iacob, agus déanfaidh sé toghadh a hIsraél fós, agus cuirfidh sé chun suaimhnis iad ar a gcuid tailimh féinig. Agus dlúthfar leó an duine iasachta, agus cloífidh sé le teaghlach Iacoib. 2 Agus tógfaid na daoine iad agus tabharfaid siad isteach 'na n-áit iad. Agus beid siad ag teaghlach Israél 'na bhfearóglachaibh agus 'na mbanóglachaibh, i dtír an Tiarna, agus déanfaid siad bráide den mhuíntir a thóg iad féin, agus cloífid siad lucht a gcloíte féinig.

3 Agus titfidh amach sa ló san, nuair a bheidh suaimhneas tabhartha ag Dia dhuit ód dhua, agus ód bhuaireamh, agus ón mbraighdineas cruaidh, lenar dheinis an seirbhís roimis sin, 4 go dtógfair an parabal so in aghaidh rí Bhabiloin, agus go ndéarfair:——

Cad é mar a cloíodh an cloíteóir!
Do stad an cháin.
5 Do bhris an Tiarna bachall na gcuirpeach,
Slat na rialtóirí,
6 do bhuaileadh na daoine i bhfeirg le cneadh doleighiste,
ag cloí na náisiún go fraochmhar,
agus dhá gcrá gan daonnacht.
7 Tá an domhan go léir socair sámh,
ag déanamh gáirdeachais i móráthas.
8 Táid na craínn giúise áthasach mar gheall ort, leis,
agus céadair Libanuis.
"Ó thitis-se id chodla, (adeirid)
níor tháinig éinne chun sinne do ghearradh.
9 Bhí callóid in ifreann thíos ag teacht id choinnibh ar do theacht chúthu.
Do mhúiscil ifreann na fathaigh duit.
Táid priúnsaí an domhain tar éis éirithe dá gcathaoiribh ríoga.
Priúnsaí uile na násiún.

10 Freagróid siad go léir agus déarfaid siad leat:

Taoise gunta, leis, chómh maith linne.
Taoi curtha ar aon dul linn.

11 Tá do chuid uabhair tabhartha anuas go hifreann.
Tá do chnublach treascartha ar lár.
Beidh an leamhan leata fút,
agus piastaí a bheidh mar chlúdach ort.
12 Cad é mar ataoi titithe ó neamh, a Lúcifer[1]!
Tusa a dh'éiríodh ar maidin!
Cad é mar ataoi titithe chun an tailimh,
Tusa a ghoineadh na náisiúin!

13 Agus deirthá id chroí: Raghad suas ar neamh,
árdód mo chathaoir os cionn réilteann Dé,
Suífead ar chnuc na fianaise,
I sleasaibh an chínn tuaidh.
14 Raghad suas os cionn aoirde na scamall,
Beidh mé mar an tÉ is aoirde.
15 Ach fós béarfar síos tu go hifreann,
Síos i ndoimhneas an phoíll.
16 An mhuíntir a chífidh thu iompóid siad chút
agus féachfaid siad ort.
An é sin an fear a chuir buaireamh ar an ndomhan
agus do chroith na ríochta,
17 An fear do fhásaigh an domhan,
agus do dhíscigh cathracha an domhain!
An fear nár oscail an charcair dá phríosúnachaibh!
18 Tá codalta i ngloire ag ríthibh uile na náisiún.
Gach rí 'na thigh féinig.
19 Ach taoise caite amach as t'uaigh,
id ghéag thruaillithe gan tairbhe,
fíllte suas i dteannta na ndaoine a maraíodh leis an gclaíomh,
agus taoi imithe síos go bun an phoíll id chnublach bhréan!
20 Ní bheidh cómhluadar agat leó san uaigh féin.
Óir do loitis do thír.
Do mharaís do dhaoine.
Ní hainmneófar go deó síol na gcuirpeach.
21 Ollmhaídh a chlann chun éirligh,
mar gheall ar mhallaitheacht a n-athrach,
ní chaithfid siad éirí, ná an talamh do ghabháil in oidhreacht,
ná aghaidh an domhain do líonadh le cathrachaibh.

22 Agus éireódsa suas 'na gcoinnibh, adeir Tiarna na sló: agus dísceód ainm Bhabiloin, agus an t-iarsma, agus an péac, agus an toircheas, adeir an Tiarna, 23 agus déanfad di sealús don ghráinneóig, agus locháin uisce, agus scuabfad í agus scriosfad amach í leis an scuaib, adeir Tiarna na sló.

24 Tá dearbhaithe ag Tiarna na sló, dhá rá: go deimhin mar atá measta agam sin mar a bheidh: agus mar atá beartaithe agam, 25 sin mar a thitfidh amach: go n-ídeód an tAssuíriánach im thír, agus go

1 Caib. 14. véar. 12. "*A Lúcifer*," a réilt an lae. Tá an chainnt sin go léir, de réir na leitre, dá labhairt ar rí Bhabiloin. Is féidir, leis, an chainnt do thuiscint, i gcéill sprideálta, i dtaobh Lúcifer, rí na ndiabhal. Do cruthaíodh é in' aingeal sholasmhar, ach do thit sé le huabhar agus le easúmhlaíocht in aghaidh Dé.

ngeóbhad de chosaibh ann ar mo chnucaibh. Agus tógfar díobh san a chuíng, agus tógfar dá nguaillibh a ualach. 26 Sin í an chómhairle atá beartaithe agam i dtaobh an domhain go léir, agus sid í an lámh atá sínte amach os cionn na náisiún go léir. 27 Óir tá reachtaithe ag Tiarna na sló agus cé ’ fhéadfaidh san do chur ar neamhní? agus tá a lámh sínte amach agus cé ’ fhéadfaidh í ’ dh’iompáil i leataoibh?

28 Agus sa bhliain ’na bhfuair Achas bás bhí an t-ualach so:

29 Ná bíodh áthas ortsa, a Philistia uile, toisc slat an té a bhuaileadh thu ’ bheith briste mion. Óir as préimh an athar nímhe tiocfaidh *basailisc* amach agus sloigfidh a shíol san an t-éan. 30 Agus cothófar céadghein na mbocht. Agus beid na boicht ar a suaimhneas le hiúntaoibh: agus cuirfeadsa ’ fhéachaint ar an bpréimh bás d’fháil den ghorta, gus maród an t-iarsma. 31 Bí ag lógóireacht, a gheata; bí ag gol, a chathair. Tá Philistia uile treascartha ar lár: óir tiocfaidh deatach ón áit thuaidh, agus níl éinne ’ fhéadfaidh dul óna bhuín. 32 Agus cad é an freagra a tabharfar do theachtairíbh na náisiún? Go bhfuil Síon curtha ar a bunaibh ag an dTiarna agus go mbeidh a muinín ag bochtaibh a phobail as.

**Caib. a Cúigdéag**

*Targaireacht i dtaobh íde na Moabíteach.*

1 Ualach Mhoaib. Óir san oíche do scriosadh Ar Mhoaib, tá sé ciúin. Toisc gur ídíodh* falla Mhoaib san oíche, tá sé ciúin. 2 Tá an teaghlach, agus Dibon, imithe suas in sna hárdaibh ag caoineadh os cionn Nabo agus os cionn Mhadaba. Tá lógóireacht déanta ag Moab. Beidh maoile ar a gceannaibh go léir, agus beidh gach féasóg beárrtha. 3 In sna sráidibh táid siad criosaithe le héadach ruainnigh. Ar bhuaicibh a dtithe agus ’na sráidibh beid siad go léir ag lógóireacht agus iad ag teacht anuas ag gol. 4 Beidh Hesebon ag gol, agus Eleale. Cloistear a nglór chómh fada le Iasa féin. Beid fir chóraithe Mhoaib ag lógóireacht mar gheall ar sin. Beidh a anam ag lógóireacht do féin. 5 Beidh mo chroí ag glaoch chun Moaib, teithfidh a sabhanna go Segor, samhaisc trí mblian: óir raghaid siad suas árd Luith agus iad ag gol: agus i slí Oronaim árdóid siad olagón ídithe. 6 Óir beid uisceacha Neimrim uaigneach, mar tá an féar feóchta as an áit, tá an fás marbh, agus an uile ghlasra ídithe. 7 De réir méid a n-oibre atá a bhféachaint sin, leis. Seólfaid siad iad go dtí sruth na saileach[1]. 8 Mar tá an glaoch gofa tímpall ar imeall Mhoaib; agus a n-uaill tar éis dul chómh fada le Gallim, agus a ngol chómh fada le tobar Elim. 9 Óir táid uisceacha Diboin lán d’fhuil: óir tabharfadsa breis ar Dhibon, an león ar an méid a theithfidh de Mhoab, agus ar iarsma na talún.

**Caib. a Sédéag**

*An fáidh ag guí dhá iarraidh go dtiocfadh Críost. Crá na Moabíteach mar gheall ar a n-uabhar.*

1 Cuir amach an t-uan, a Thiarna, rialtóir an domhain, ó Phetra an uaignis go cnuc iníne Shíoin. 2
Agus titfidh amach, ar nós an éin ag sceinnt chun siúil, agus ar nós na n-éan óg ag sceinnt as an nid, gurb ea a bheid iníonacha Mhoaib ag gabháil trí Arnon. 3 Glac cómhairle, cruinnigh cómhairle; dein do scáil mar an oídhe i lár na slí. Folaigh lucht teithe, agus na scéigh ar lucht fánaíochta tímpall. 4 Déanfaid mo lucht fáin cónaí agat. A Mhoaib, bí id chlúdach dóibh ó aghaidh an íditheóra: óir tá deireadh leis an luaithrigh, tá an t-ainniseóir (cuirpeach) ídithe: tá teipithe ar an té úd a bhíodh ag gabháil de chosaibh sa domhan. 5 Agus ollmhófar cathaoir ríoga*, agus suífidh aon

1 Caib. 15. véar. 7. “*Sruth na saileach*” .i. uisceacha Bhabiloin, dar le drong; gleann na nArabach, dar le drong eile.

inti i bhfírinne i dtaibearnacal Dhávid, ag breith bhreithe agus ag lorg breithiúntais agus ag tabhairt an ruda is ceart gan ríghneas. 6 Do chloiseamair i dtaobh uabhair Mhoaib. Tá sé go hárd uaibhreach. Tá a chuid uabhair, agus a chuid díomais, agus a chuid feirge níosa mhó ná a neart.

7 Dá dheascaibh sin beidh Moab ag uallfartaigh chun Moaib, beidh gach éinne ag uallfartaigh. Ínsidh a gcréachta dóibh sin atá 'na suí ar na fallaíbh bríce ag déanamh gáirdeachais. 8 Óir táid *suburba* Heseboin go huaigneach*, agus táid tiarnaí na náisiún tar éis fíonghuirt Shabama do lot. Táid a ghéaga tar éis dul chómh fada le Iaser féin. Dheineadar fánaíocht sa bhfiantas, táid a ghéaga fágtha. Táid siad imithe thar farraige. 9 Dá bhrí sin caoinfeadsa fíonghort Shabama le gol Iaseir. Fliuchfad lem dheóraibh thu, a Heseboin agus a Eleale, óir tá guth na sataltóirí tar éis rith isteach ar fhómhar an fhíona agat, agus ar t'fhómhar. 10 Agus tógfar chun siúil ó Chármel[1] áthas agus gáirdeachas, agus ní bheidh aon gháirdeacht ná aon liúireach in sna fíonghortaibh. Ní bheidh ag fáscadh an fhíona amach lena chosaibh sa bhfáscán an té lenar ghnáth é ' fháscadh amach: tá, glór na sataltóirí tógtha chun siúil agam. 11 Dá dheascaibh sin déanfaid m'inní glór ar nós cruite do Mhoab, agus na háiteanna laistigh díom, don fhalla bríce. 12 Agus titfidh amach, nuair a chífar Moab a bheith tuirsithe ar a áiteannaibh árda, go raghaidh sé isteach 'na *shanctuárium* ag guí, agus ná héireóidh leis.

13 Sin é an focal a labhair an Tiarna le Moab ón uair sin: 14 Agus anois tá labhartha ag an dTiarna dhá rá: I gcionn trí mblian, de réir blianta fir tuarastail, tógfar chun siúil glóire Mhoab ó líonmhaireacht uile an phobail, agus fágfar é go suarach agus go lag, ar fhíorbheagán daoine.

## Caib. a Seachtdéag

*Breitheanna ar Dhamascus agus ar Shamaria. Treascairt na nAssuíriánach*

1 Ualach Dhamascuis. Féach, stadfaidh Damascus de bheith 'na cathair, agus beidh sí 'na cárnán cloch gan áird. 2 Beidh cathracha Aroer fágtha ag tréadaibh, agus is ann a dh'fhanfaid siad, agus ní bheidh einne chun eagla ' chur orthu, 3 agus stadfaidh cabhair ó Ephraim, agus an ríocht ó Dhamascus, agus beidh iarsma Suíria ar nós glóire chlainne Israél: adeir Tiarna na sló.

4 Agus tiocfaidh chun cínn sa ló san go gcaolófar glóire Iacoib, agus go ndéanfar méithreas na feóla atá air trua. 5 Agus beidh ar nós an té a bhíonn ag bailiú a bhfágtar sa bhfómhar, agus beidh a chuisle ag bailiú na ndias arbhair, agus beidh sé ar nós an té ' bhíonn ag lorg dias i ngleann Raphaim. 6 Agus a thoradh, a fágfar air, beidh se ar nós aon chrobhainge amháin caor, agus ar nós crothadh an chraínn ola, trí nú ceathair de chaoraibh i mbárr géige, nú ceathair nú cúig de cheannaibh, ar bhárr an chraínn, adeir Tiarna Dia Israél.

7 Sa ló san cromfaidh duine é féin chun a Dhéantóra, agus féachfaidh a shúile ar Aon-Naofa Israél. 8 Agus ní fhéachfaidh sé chun na n-altórach do dhein a lámha féin, agus ní bheidh sé ag féachaint chun na rudaí a dhein a mhéireanna féinig, chun coíllte agus chun teampall. 9 Sa ló san beidh a chathracha láidre fágtha, ar nós na gcéachtaí, agus ar arbhair a fágadh[2] os cómhair chlainne Israél, agus beidh tú go huaigneach. 10 Toisc gur dheinis dearúd de Dhia, ded shlánaitheóir, agus nár chimeádais cuímhne ar do chabharthóir láidir. Dá dheascaibh sin, planndálfair planndaí fónta agus cuirfir síol iasachta. 11 I ló do phlanndála beidh an fíonchaor fiain, agus beidh do shíol i mbláth ar

1 Caib. 16. véar. 10. "*Cármel*." Tugtar an ainm sin go minic ar chnucán aoibhinn thorthúil nú ar pháirc bhreá thorthúil, de shaghas chnuic Cármel.

2 Caib. 17. véar. 9. "*A fágadh*" .i. i ndiaidh na gCanaaníteach nuair a tháinig clann Israél isteach 'na dtír.

maidin: tógtar an fómhar chun siúil i ló t'oidhreachta, agus goíllfidh san go cruaidh ort. 12 Is mairg do líonmhaireacht[1] iomad daoine, mar líonmhaireacht na farraige ag búirthigh, agus callóid na sló mar fhuaim na n-iomad uisceacha. 13 Beidh pobail ag fuaimint mar fhuaim uisceacha ag scéith, ach déanfaidh sé imdheargadh air, agus teithfidh sé i bhfad anonn; agus béarfar chun siúil é ar nós ceóigh na gcnuc roimis an ngaoith, agus ar nós na gaoithe guarnain roimis an anaithe. 14 In am an tráthnóna, féach, beidh buaireamh; tiocfaidh an mhaidean, agus ní bheidh sé ann. Sin é atá i gcómhair na ndaoine do chreach sinn. Agus crann na ndaoine do dhein an fhoghail orainn.

**Caib. a hOchtdéag**

*Mairg do sna hEtiópachaibh, daoine a thugadh do chlaínn Israél muinín in aistear. An iompáil chun an chreidimh 'na dhiaidh san.*

1 Is mairg don tír, don chiombal sciathánach, atá lastall d'aibhníbh Etiópia, 2 a bhíonn ag cur teachtairí ar farraige, agus in árthaíbh bogluachra. Imídh, a aingeala[2] luatha, ag triall ar náisiún atá stracaithe as a chéile, ag triall ar náisiún uathásach, ná fuil a leithéid eile 'na diaidh, ag triall ar náisiún atá ag súil go ngeóbhfar de chosaibh inti, agus go bhfuilid na haibhní tar éis a talún do lot. 3 A lucht cónaithe uile an domhain, atá 'núr gcónaí ar an saol, nuair a hárdófar an cómhartha ar na cnucaibh chífidh sibh, agus aireóidh sibh fuaim an trúmpa, 4 óir seo mar adeir an Tiarna liomsa: Glacfad mo shuaimhneas, agus breithneód an áit, mar atá an solas glan i meán an lae, agus ar nós scamaill drúchta i lá an fhómhair. 5 Óir roimis an bhfómhar bhí sé go léir i mbláth, geárrfar a géagáin le corránaibh agus an méid a bheidh fágtha geárrfar anuas iad agus croithfar amach iad. 6 Agus fágfar i dteanna ' chéile iad ag éanaibh na gcnuc agus ag beithígh na talún, agus beid na héanlaithe orthu i gcaitheamh an tsamhraidh go léir, agus tabharfaid beithígh uile na talún an geímhreadh orthu.

7 San am san tabharfar bronntanas chun Tiarna na sló, ó phobal bhriste, stracaithe as a chéile: ó phobal uathásach, ná raibh aon phobal eile 'na ndiaidh, ó phobal ag súil, ag súil go ngeóbhfí de chosaibh iontu, go raibh na haibhní tar éis a dtalún do lot, chun áite ainme Thiarna na sló, chun cnuic Shíoin.

**Caib. a Naoidéag**

*Pionós na hÉigipte. Iad dá nglaoch chun na heagailse.*

1 Ualach na hÉigipte. Féach raghaidh an Tiarna suas ar scamall luath, agus raghaidh sé isteach san Éigipt, agus beid íodail na hÉigipte dá suathadh 'na láthair, agus beidh croí na hÉigipte ag leaghadh istigh 'na lár. 2 Agus cuirfeadsa na hÉigiptigh ag troid in aghaidh na hÉigipteach, agus beid siad ag troid driotháir in aghaidh driothár, agus cara in aghaidh carad, cathair in aghaidh cathrach, ríocht in aghaidh ríochta. 3 Agus brisfar sprid na hÉigipte istigh 'na bolg, agus leagfad a gcómhairle ar lár, agus iarrfaid siad cómhairle ar a n-íodalaibh, agus ar a lucht fáistine, agus ar a ndraoithibh, agus ar a lucht feasa. 4 Agus tabharfad an Éigipt isteach 'na lámhaibh do mháistríbh crua, agu beidh rí láidir i gcómhacht os a gcionn, adeir an Tiarna, Dia na sló.

1 Véar. 12. "*Líonmhaireacht*." Tráchtann an chainnt sin agus an chuid eile den chainnt, go dtí deireadh an chaibidil, ar an slua Assuíriánach a bhí ag Sennacherib.

2 Caib. 18. véar. 2. "*Aingeala*", nú "*a theachtairí*".

5 Agus triomófar suas uisce na farraige, agus uaigneófar agus triomófar an abha. 6 Raghaidh de sna haibhníbh, agus luígheadófar agus tíormófar sruthanna na bport, feóchfaidh an tslat agus an bhogluachair. 7 Fágfar lom, óna ceann leabaidh na habhann, agus gach aon rud a curfar ag fás in aice na abhann triomófar suas é, feóchfaidh sé amach agus ní bheidh sé ann a thuilleadh. 8 Beid na hiascairi, leis, ag caoineadh, agus gach éinne a chaitheann dúán san abhainn, beid siad ag gol, agus an mhuíntir a bhíonn ag leathadh líonta ar an uisce beidh ag dul dá neart. 9 Lucht lín a dh'oibriú, ag cíoradh agus ag fí línéadaigh mhín, beid siad ar mearaí, 10 agus beid a áiteanna fliucha tirim. Agus an mhuíntir a dheineadh locháin chun iasc do ghabháil beid siad ag caí.

11 Táid priúnsaí Tanis 'na n-amadánaibh; tá cómhairle gan chiall tabhartha uathu ag lucht cómhairle eagnaí Pharao. Conas adéarfaidh sibh le Pharao: Mac do lucht eagna mise, mac do ríthibh ársa? 12 Ca bhfuilid na fir eagnaí anois? Insidís duit agus taispeánaidís a bhfuil beartaithe ag Tiarna na sló ar an Éigipt. 13 Táid priúnsaí Tanis 'na n-amadánaibh. Táid priúnsaí Memphis imithe amú. Do mhealladar an Éigipt, stad a daoine. 14 Tá an Tiarna tar éis sprid na guagachta do mheascadh ar a lár, agus chuireadar ' fhéachaint ar an Éigipt dul amú 'na hoibreachaibh go léir, mar ' bheadh fear meisce, ag guagaireacht agus ag aiseac. 15 Agus ní bheidh aon obair don Éigipt, ceann ná eireaball a dhéanamh, an té ' chromann síos ná an té ' tharraigeann siar.

16 Sa ló san, beidh an Éigipt ar nós ban, agus beidh alltacht orthu, ag-us eagla, trí chorraí lámha Thiarna na sló, an lámh a chorróidh sé os a cionn. 17 Agus beidh talamh Iúda 'na scannradh don Éigipt. Gach duine a chuímhneóidh air beidh sé ag crith mar gheall ar chómhairle Thiarna na sló, an chómhairle atá beartaithe aige 'na taobh.

18 Beidh, sa ló san, chúig cathracha i dtír na hÉigipte, agus iad ag labhairt teangan Chanaain, agus iad ag dearbhú dar Tiarna na sló. Cathair na gréine a tabharfar ar chathair acu.

19 Beidh sa ló san, altóir chun an Tiarna i lár tíre na hÉigipte, agus cuímhneachán don Tiarna 'na himeallaibh: 20 beidh sé 'na chómhartha agus in' fhianaise do Thiarna na sló i dtír na hÉigipte. Óir beid siad ag éamh ar an dTiarna mar gheall ar an dtíoránach, agus cuirfidh sé chúthu Slánaitheóir agus cosantóir chun iad d'fhuascailt. 21 Agus beidh aithne ag an Éigipt ar an dTiarna, agus aithneóid na hÉigiptigh an Tiarna sa ló san, agus beid siad dhá adhradh le híbirtíbh agus le hofrálachaibh, agus beid siad ag déanamh móideanna chun an Tiarna agus dhá gcómhlíonadh. 22 Agus buailfidh an Tiarna an Éigipt le sciúirse, agus leighisfidh sé í, agus iompóid siad ar an dTiarna, agus beidh sé ceannsaithe dhóibh agus leighisfidh sé iad.

23 Sa ló san beidh slí ón Éigipt chun na nAssuíriánach, agus tiocfaidh an tAssuíriánach isteach san Éigipt agus an tÉigipteach in sna hAssuíriánachaibh, agus beidh an tÉigipteach ag seirbhís don Assuíriánach.

24 Sa ló san beidh Israél sa tríú háit don Éigipteach agus don Assuíriánach: 'na bheannacht i lár na talún, 25 ar ar chuir Tiarna na sló a bheannacht dhá rá: Beannacht ar mo phobal san Éigipt, agus obair mo lámh don Assuíriánach: Ach is é Israél m'oidhreacht.

**Caib. a Fiche**

*Braighdineas tarcaisneach na nÉigipteach agus na nEtiópach.*

1 Sa bhliain ’nar chuaigh Tartan isteach in Asotus, nuair a chuir Sargon, rí na nAssuíriánach, uaidh é, agus nuair a bhí sé tar éis troda in aghaidh Asotuis agus í ’ thógaint, 2 an uair chéanna san do labhair an Tiarna trí láimh Isaiais agus duairt sé: Imigh agus scaoil an t-éadach ruainnigh ded chúm agus bain do bhróga ded chosaibh. Agus dhein sé mar sin, agus d’imigh sé nocht agus coslomrachta. 3 Agus duairt an Tiarna: Mar atá siúlta nocht agus coslomrachta ageam sheirbhíseach Isaias, beidh san ’na chómhartha agus in’ iúnadh trí mblian ar an Éigipt agus ar Etiópia, 4 sin mar a sheólfaidh rí na nAssuíriánach chun siúil príosúnaigh na hÉigipte agus braighdineas Etiópia, óg agus aosta, nocht agus coslomrachta, agus a ngeadáin gan chlúdach chun náire na hÉigipte, 5 agus beidh eagla orthu agus náire roim Etiópia, a ndóchas, agus roimis an Éigipt, a nglóire.

6 Agus déarfaid lucht cónaithe an oileáin seo an lá san: féach b’é seo ár ndóchas, go rithfimís chúthu so ag lorg cabhartha chun sinn a dh’fhuascailt ó aghaidh rí na nAssuíriánach: agus conas ’ fhéadfaimídne dul as?

**Caib. Dhá Dheich a hAon**

*Íde Bhabiloin ó sna Méidigh agus ó sna Persachaibh. Targaireacht in aghaigh na nEdomíteach agus in aghaigh na nArabach.*

1 Ualach uaignis na mara[1]. Mar ’ thagaid na gaothanna guarnain aneas tagann sé ón uaigneas ó thír uathásach. 2 Ínstear dómhsa aisling léanmhar, an té is neamhdhílis deineann sé feall, agus an té is foghlaí deineann sé foghail. Éirigh suas, a Elaim[2]. Imdhruid, a Mhéidigh: Tá stad curtha agam lena chaoineadh go léir. 3 Uime sin atáid m’áranna líonta de theinneas. Tá greim bertha ag pian orm mar phian mná seólta: Do thiteas ar lár dhá chlos dom, agus bhí buaireamh orm dhá fheiscint dom. 4 Do chuaigh dem chroí. D’uathásaigh doircheacht me. Tá Babilon, mo ghrá, ’na hiúnadh dhom. 5 Ollmhaidh an bórd. Féach, sa bhfaire, daoine ag ithe agus ag ól. Éiridh a phriúnsaí agus tógaidh an sciath. 6 Óir seo mar adeir an Tiarna liomsa: Imigh, cuir fear faire, agus pé rud a chífidh sé ínseadh sé é. 7 Agus chonaic sé carbad agus dhá each, agus marcach ar muin asail[3], agus marcach ar muin camaill, agus d’fhéach sé orthu go géar le haireachas mór. 8 Agus do liúigh león amach[4]: bímse ar thúr faire an Tiarna im sheasamh i gcaitheamh an lae de ghnáth, agus bím ar mo chosnamh, im sheasamh i gcaitheamh oícheanta ar fad. 9 Féach an fear san ag teacht, an fear sa charbad leis an dá mharcach, agus d’fhreagair sé agus duairt sé: Tá Babilon ar lár, tá sí ar lár, agus táid a déithe snoite go leir briste go talamh. 10 Mo bhualadh! Agus leanaí m’úrláir buailte, an ní do chloiseas ó Thiarna na sló, Dia Israél, tá sé ínste agam díbh.

11 Ualach Dhuma[5] ag glaoch chúm amach a Séir: a fhir na faire, conas ’tá an oíche? a fhir na faire, conas ’tá an oíche? 12 Agus duairt fear na faire: Tá an mhaidean ag teacht, agus an oíche, leis: má loirgeann sibh, loirgidh: fillidh, tagaidh.

13 Ualach Arabia. Codlóidh sibh sa choíll um thráthnóna, i slitibh Dedanim. 14 Nuair ’ bhuailfidh an tartmhar umaibh, tugaidh uisce chuige, sibhse do chómhnaíonn sa talamh laisteas buailidh uim an té a bheith ag teitheadh agus tugaidh arán do. 15 Óir táid siad tar éis teitheadh roimis na claimhtibh, ón gclaíomh a bhí ar crochadh os a gcionn, agus ón mbogha lúbtha, agus ó aghaidh an

1 Caib. 21. véar. 1. “*Uaigneas na mara.*” Tugtar an ainm sin, san áit sin, ar Bhabilon, óir, ó bheith ’na cathair chómh lán de dhaoine agus atá an mhuir d’uisce, do dhein fíoruaigneas di.

2 Véar. 2. “*A Elaim*”, .i. a Phersia.

3 Véar. 7. “*Marcach ar muin asail.*” Ríthe na bPersach agus na Méideach an dá mharcach san.

4 Véar. 8. “*Do liúigh león amach*”, .i. do liús-sa, .i. Isaias, amach.

5 Véar. 11. “*Duma*”, .i. Idumea, nú Edom.

chatha léanmhair. 16 Óir seo mar adeir an Tiarna liomsa: laistigh de bhliain, de réir blianta fir tuarastail, tógfair chun siúil glóire uile Céadair[1], 17 agus luígheadófar iarsma uimhre boghdóirí láidre chlainne Chéadair: óir tá labhartha ag Tiarna Dia Israél.

**Caib. Dhá Dheich a Dó**

*An fáidh ag caoineadh íde Iúda.**

1 Ualach gleanna na haislinge[2]. Cad 'tá ortsa, leis, go bhfuilir go léir imithe suas ar bharraíbh na dtithe? 2 Lán de challóid, id chathair lán de dhaoine, id chathair lán d'áthas. Ní marbh le claíomh, ná ní marbh i gcath atá do mhairbh. 3 Táid na priúnsaí go léir tar éis teitheadh in éineacht, agus táid siad ceangailte go daingean. An méid a fuaradh díobh táid siad ceangailte in éineacht, agus táid siad imithe i gcéin. 4 Dá dheascaibh sin aduart: Imídh uaim: goilfead go brónach, ná bídh a d'iarraidh sóláis do chur orm tar éis léirscriosa iníne mo dhaoine. 5 Óir is lá éirligh é, agus lá gabhála de chosaibh, agus lá guil chun Tiarna na sló i ngleann na haislinge, ag cuardach an fhalla, agus oirirc ar an gcnuc. 6 Agus do thóg Elam an taisce, carbad an mharcaigh; agus do tógadh an sciath anuas den fhalla. 7 Agus beid na gleannta is feárr agat lán de charbadaibh, agus socróid na marcaigh iad féin sa gheata. 8 Agus nochtfar cúmhdach Iúda agus chífidh sibh sa ló san armlann tí na coille, 9 agus chífidh sibh beárthnacha cathrach Dhávid gurb iomadúil iad, agus táid uisceacha an locháin íochtaraigh cruinnithe i dteannta ' chéile agaibh, 10 agus táid tithe Ierúsalem cómhairithe agaibh, agus tá tithe briste ar lár agaibh chun an fhalla do dhaingniú, 11 agus dheineabhair caidhséar idir an dá fhalla d'uisce an tseanalocháin. Agus níor fhéachabhair suas chun an té do dhein é, ná níor fhéachabhair i bhfad uaibh, chun an té do dhein é fadó. 12 Agus glaofaidh Tiarna na sló, Dia Israél, an lá san, chun guil agus caoineadh, agus chun maoile, agus chun criosú le héadach ruainnigh: 13 agus féach áthas agus gáirdeachas, agus marú gamhan, agus marú reithí, agus feóil dá hithe, agus fíon dá ól: bímís ag ithe agus ag ól: óir gheóbhaimíd bás amáireach. 14 Agus do labhradh guth Tiarna na sló isteach im chluasaibhse: Ní maithfar díbh an mhallaitheacht san go bhfaighidh sibh bás, adeir Tiarna Dia na sló.

15 Seo mar adeir Tiarna Dia na sló: Imigh, éirigh isteach ag triall air sin a chónaíonn sa taibearnacal, ag triall ar Shobna atá os cionn an teampaill, agus déarfair leis: 16 Cad 'tá agatsa á dhéanamh anso, chómh maith agus gur dhuine éigin anso thu? óir tá uaigh geárrtha amach agat duit féin anso, tá *monumint* geárrtha amach go haireach agat, in áit árd, áit chónaithe dhuit féin i gcarraig. 17 Féach cuirfidh an Tiarna thu 'od bhreith chun siúil mar a beirtear coileach chun siúil, agus árdóidh sé thu ar nós baíll éadaigh. 18 Coróinneóidh sé thu le coróinn trioblóide. Caithfidh sé thu, ar nós liathróide, amach i dtír mhór leathan. Gheóbhair bás san áit sin, agus an áit sin a bheidh carbad do ghlóire, náire tí an Tiarna. 19 Agus comáinfeadsa amach tu as t'inead agus leagfadh thu as do mhinistreacht. 20 Agus tiocfaidh chun cínn an lá san go nglaofad ar mo sheirbhíseach Eliacim mac Helciais, 21 agus éideód é id éidese, agus neartód é led chrios, agus tabharfad do chómhacht isteach 'na laimh do, agus beidh sé mar ' bheadh athair do mhuíntir Ierúsalem agus do theaghlach Iúda. 22 Agus cuirfead eochair tí Dhávid ar a ghualainn, agus osclóidh sé agus ní dhúnfaidh éinne, agus dúnfaidh sé agus ní osclóidh éinne. 23 Agus daingneód é ar nós bacáin in áit shiúrálta, agus beidh sé 'na chathaoir ghlóire do theaghlach a athar. 24 Agus crochfaid siad air glóire uile teaghlaigh a athar, saighseanna iolartha árthaí, gach aon árthach beag, ó árthaíbh na gcupán go dtí

1 Véar. 16. "*Céadar*", .i. Arabia.

2 Caib. 22. véar. 1. "*Gleann na haislinge*", .i. Ierúsalem. Bhí teampall Ierúsalem déanta ar an gcnuc ar a dtugtí cnuc Mhoria, .i. cnuc na haislinge. Ach tugtar gleann na haislinge anso ar an gcathair toisc í ' bheith níos ísle ná an teampall, nú toisc an chathair a bheith an uair sin chómh hainnis.

an uile úirlis ceóil. 25 Sa ló san, adeir Tiarna na sló, tógfar as an bacán a bhí daingean san áit shiúrálta, agus brisfar é agus titfidh sé, agus a raibh ar crochadh air raghaidh sé ar neamhní. Óir tá labhartha ag an dTiarna.

**Caib. Dhá Dheich a Trí**

*Íde Tuíre, an chathair le cur suas arís tar éis seacht ndeich de bhlianaibh.*

1 Ualach Tuíre. Bídh ag ualllthartaigh, a loingeas na mara, óir tá an tigh ídithe ónar ghnáth leó teacht. Tá sé foíllsithe dhóibh ó thalamh Chetim. 2 Bídh ciúin, sibhse a chónaíonn ar an oileán. Táid ceannaithe Shídoin ag gluaiseacht ar an bhfarraige tar éis thu do líonadh. 3 Síol abhann na Níle i mórán uisceacha, fómhar na habhann a cíos, agus is í aonach na náisiún í. 4 Bíodh náire ort, a Shídoin, óir tá an mhuir ag labhairt, neart na mara féin, dhá rá: Ní rabhas-sa i dteinneas, ná níor rugas clann, ná níor oileas fir óga, ná níor thógas maighdeana. 5 Nuair a cloisfar san Éigipt é, beidh dólás orthu nuair ’ aireóid siad i dtaobh Tuíre.

6 Imídh thar farraige, bídh ag ualllthartaigh, sibhse a chónaíonn ar an oileán! 7 Nách libhse an chathair seo a bhíodh ag maíomh fadó as a hársacht? Béarfaid a cosa chun siúil í i bhfad ó bhaile ag tréimhsiú. 8 Cé ’ bheartaigh an chómhairle seo in aghaidh Tuíre, an chathair go raibh an choróinn uirthi roimis seo, gur phriúnsaí a ceannaithe gurbh uaisle ar an saol a prócadóirí. 9 Is é Tiarna na sló do bheartaigh an chómhairle sin, chun uabhair gach glóire do tharrac anuas, agus chun daoine glórmhara an domhain do thabhairt chun aithise.

10 Gluais thar do thír ar nós abhann, a iníon na mara, níl crios agat a thuilleadh. 11 Do shín sé a lámh amach os cionn na mara. Chuir sé buaireamh ar ríochtaibh. Tá órdú tabhartha ag an dTiarna in aghaidh Chanaain, a daoine láidre d’ídiú. 12 Agus duairt sé: Ní dhéanfair a tuilleadh maímh, a iníon óigh Shídoin go bhfuil an brú ort: éirigh agus imigh thar uisce go dtí Cetim, san áit sin féin ní bheidh suaimhneas agat. 13 Féach tír na gCaldéach, ní raibh leithéid an phobail sin ann. Is iad na hAssuíriánaigh a chuir ar bun í.Táid a daoine láidre bertha leó acu i mbraighdineas. Do leagadar a tithe. Tá íde déanta acu uirthi. 14 Uailligh a loingeas na mara, óir tá úr neart ídithe.

15 Agus tiocfaidh chun cínn sa ló san go mbeidh tusa, a Thuíre, dearúdta, seacht ndeich de bhlianaibh, de réir laethanta aon rí amháin, ach tar éis seacht ndeich de bhlianaibh beidh do Thuíre mar ’ bheadh caintic méirdrí. 16 Tóg cruit, goibh tímpall na cathrach, a mhéirdreach atá dearúdta. Can go maith can iomad dán, ionas go gcuímhneófar ort. 17 Agus tiocfaidh chun cínn, tar éis seacht ndeich de bhlianaibh, go dtabharfaidh an Tiarna cuaird ar Thuíre, agus go dtabharfaidh sé thar n-ais í chun a ceannaíochta: agus déanfaidh sí *fornicatio* arís le ríochtaibh uile an domhain ar bruach na talún. 18 Agus naomhófar chun an Tiarna[1] a gnóthaí ceannaíochta agus a tuarasdal: ní cimeádfar i dtaisce iad, ná i gcimeád, óir is don mhuíntir a bheidh ag cónaí os cómhair an Tiarna a bheidh a hearraí ceannaíochta, i dtreó go n-íosfaid siad a sáith agus go mbeidh siad éidithe, go seanndacht.

**Caib. Dhá Dheich a Ceathair**

*Breitheanna ó Dhia ar pheacachaibh uile an domhain. Beidh iarsma ag moladh Dé le fonn.*

1 Caib. 23. véar. 18. “*Naomhófar chun an Tiarna*”, táthar ag tagairt, san áit sin, d’iompáil na nGínte chun an chreidimh.

1 Féach, déanfaidh an Tiarna léirscrios ar an saol. Lomfaidh sé é, agus cráfaidh sé a aghaidh, agus scaipfidh sé amach a lucht cónaithe. 2 Agus mar a bheidh ag an bpobal sin mar a bheidh ag an sagart, agus mar a bheidh ag an seirbhíseach sin mar a bheidh ag an máistir: mar a bheidh ag an gcailín sin mar a bheidh ag an máistreás. Mar a bheidh ag an gceannaitheóir sin mar a bheidh ag an ndíoltóir: mar a bheidh ag an té ’ thugann ar iasacht sin mar a bheidh ag an té ’ gheibheann ar iasacht: mar a bheidh ag an té a dh’iarann a chuid airgid sin mar a bheidh ag an té go bhfuil airgead air. 3 Scriosfar le léirscrios an domhan go léir agus loitfar glan é: óir tá an focal san labhartha ag an dTiarna. 4 Do chaoin an domhan, agus do chlaochlaigh sé, agus tá sé lagaithe: do chlaochlaigh an saol. Tá aoirde daoine an domhan lagaithe. 5 Tá galar ar an ndomhan óna dhaoine: óir táid na dlithe sáraithe acu, tá an reacht athraithe acu, tá an chonnradh shíoraí briste acu. 6 Dá bhrí sin íosfaidh eascaine an domhan, agus déanfaid a lucht cónaithe peaca: agus uime sin beid na daoine atá ’na gcónaí ann ar buile, agus is beagán daoine a bheidh fágtha. 7 Do chaoin fómhar an fhíona. Do chlaochlaigh an fhíniúin, dhein lucht meidhre uile osna. 8 Do stad meidhir na dtiompán. Tá deireadh le fuaim lucht gáirdeachais. Tá ceól na cláirsí ciúin. 9 Ní ólfaid siad fíon le caintic. Beidh an deoch searbh don mhuíntir a dh’ólfaidh é. 10 Tá cathair na baoise ar lár briste, tá gach tigh dúnta suas, níl aon fhear ag teacht isteach. 11 Beidh glaoch ar fhíon sa tsráid. Tá gach meidhir tréigthe. Tá áthas an domhain imithe chun siúil. 12 Tá uaigneas fágtha sa chathair. Beidh an ainnise go trom ar na geataíbh. 13 Óir seo mar a bheidh i lár an domhain, i lár an phobail; fé mar a croithfí den chrann ola roinnt bheag caor a bheadh fágtha, nú caora fíniúna nuair a críochnaítear fómhar an fhíona. 14 Árdóid siad san a nglór agus tabharfaid siad moladh uathu: nuair a glóireófar an Tiarna déanfaid siad fuaim áthais ón bhfarraige. 15 Dá dheascaibh sin tugaidh glóire don Tiarna le teagasc: ainm an Tiarna, Dia Israél in oileánaibh na mara. 16 Ó imeallaibh an domhain d’airíomair molta, glóire an aein-chirt, agus duartsa: Mo rún dom féin, mo rún dom féin, is mairg dómhsa: tá camastaíol déanta ag lucht camastaíl, agus le camastaíol lucht iomarbhais atá camastaíol déanta acu. 17 Tá eagla, agus an poll, an gaiste os do chionn, a chónaitheach an domhain. 18 Agus titfidh amach, an té ’ bheidh ag teitheadh ó fhuaim an eagla go dtitfidh sé isteach sa pholl, agus an té do chimeádfaidh é fein ón bpoll tógfar é sa ghaiste; óir táid na cómhlanna uisce ón áit thuas ar oscailt, agus suaithfar clocha buínn an domhain. 19 Le briseadh a brisfar an chruinne (domhan)[*], le brú a brúfar ar chruinne (domhan), le creathán a suaithfar an chruinne (domhan). 20 Le crothadh do croithfar an chruinne (domhan) ar nós fir meisce, agus tógfar as í (é) ar nós cábáin aon oíche, agus bheidh a mhallaitheacht (mallaitheacht) trom uirthi (air) agus titfidh sí (sé) agus ní éireóidh sí (sé) arís. 21 Agus titfidh amach sa ló san go dtabharfaidh an Tiarna cuaird ar shlua na spéire[1] lastuas, agus ar ríthibh an domhain ar an dtalamh, 22 agus baileófar i dteannta ’ chéile iad, i mbailiú aon ghabhála amháin, isteach sa pholl, agus dúnfar suas san áit sin iad i bpríosún: agus tar éis mórán laethanta raghfar dhá bhféachaint. 23 Agus lasfaidh an ghealach le náire, agus beidh náire ar an ngréin, nuair a bheidh Tiarna na sló i réim i gcnuc Síon agus i Ierúsalem, agus a bheidh glóire á thabhairt do i radharc a sheanóirí.

## Caib. Dhá Dheich a Cúig

*Cantic ag breith bhaochais mar gheall ar bhreitheannaibh Dé, agus mar gheall ar a thabharthaistíbh.*

1 A Thiarna, is tu mo Dhia.
Molfad thu go hárd agus tabharfad glóire do t’ainm.
Óir tá nithe iúntacha déanta agat.
Is dílis do bheartúchán ársa. Amen!

1 Caib. 24. Véar. 21. “*Slua na spéire lastuas,*” .i. na reiltíní, tugtar an ainm sin orthu ’na lán áiteanna sa Scriptiúir. Deir cuid de sna mínitheóiríbh gurb ar na deamhnaibh aeir atá trácht sa chainnt sin.

2 Óir tá an chathair ’na cárnán agat,
an chathair láidir ’na brúscar agat,
tigh na n-eachtrannach curtha ó bheith ’na cathair,
agus ná curfar suas arís í go deó.
3 Dá dheascaibh sin molfaidh pobal láidir thu,
Beidh eagla rómhat ag cathair na náisiún gcómhachtach.
4 Óir bhís id neart don bhocht,
Id neart don oireasbach ’na chruatan,
Id dhíon ar an ngaoith guarnain,
Id scáil ón mbrothall.
Óir is ionann séideadh na gcómhachtach
agus gaoth ghuarnain ag bualadh in aghaidh falla,
5 Mar ’ bheadh teas i dtart leagfair ar lár callóid na n-eachtrannach,
Agus cuirfir ’ fhéachaint ar ghéig na gcómhachtach feóchadh (claochló)
mar ’ dhéanfadh teas fé scamall ag dó.

6 Agus déanfaidh Tiarna na sló, do sna daoinibh go léir ar an gcnuc so, féasta de nithibh méithe, féasta fíona, de nithibh méithe lán de smior, d’fhíon a bheidh glan ó dhríodar. 7 Agus míllfidh sé ar an gcnuc so aghaidh an chuíbhrigh a bhí ’na cheangal ar na daoine go léir, agus an líon a thosnaigh sé os cionn na náisiún go léir. 8 Caithfidh sé an bás i ndiaidh mhullaigh a chínn le fánaidh go deó: agus cimleóidh an Tiarna Dia deóracha ó gach aghaidh, agus tógfaidh sé chun siúil masla a dhaoine ón ndomhan go léir, óir tá sé labhartha ag an dTiarna. 9 Agus déarfaid siad sa ló san: féach, is é seo ár nDia: tá fanta againn leis (d’fhanamair leis) agus sábhálfaidh sé sinn. Is é seo an Tiarna, tá fanta againn leis (d’fhanamair leis) go foighneach. Déanfaimíd gáirdeachas agus beidh áthas orainn ’na shlánú.

10 Óir beidh lámh an Tiarna socair ar an gcnuc so, agus geóbhfar de chosaibh i Moab[1] faoi, mar a bristear an tuí leis an gcairt. 11 Agus sínfidh sé amach a lámha faoi, mar a shíneann an té ’ bhíonn ag snámh a lámha chun snámha, agus tabharfaidh sé anuas a ghlóire le bualadh a lámh. 12 Agus titfid daingneacha na bhfallaí árda agus tabharfar anuas iad, agus leagfar ar lár iad go talamh, go dtí an luaithreach féin.

**Caib. Dhá Dheich a Sé**

*Cantic bhaochais mar gheall ar fhuascailt phobail Dé.*

1 Sa ló san canfar an chantic seo i dtalamh Iúda:

Síon cathair ár nirt,
Is slánaitheóir í, curfar inti falla agus forfhalla.
2 Osclaidh na geataí,
Agus téadh náisiún na bhfíoraon isteach,
lucht cosnaimh na fírinne.
3 Tá an seanéitheach imithe. Cimeádfairse an tsíocháin.
An tsíocháin; mar is asat a bhí ár muinín againn.
4 Bhí úr muinín agaibh as an dTiarna in sna saolaibh síoraí.

1 Caib. 25. véar. 25. “*Moab,*” .i. “na mallaitheoírí”, go gcurtar i gcéill leis na figiúiribh sin, a bpionós síoraí, nách féidir dóibh dul uaidh in aon chor.

As an dTiarna* Dia láidir go deó.
5 Óir cromfaidh sé anuas iad san a chónaíonn lastuas.
Leagfaidh sé ar lár an chathair árd.
Tabharfaidh sé anuas go dtí an talamh í.
Stracfaidh sé anuas sa luaithrigh féin í.
6 Satlóidh an chos uirthi,
Cosa na mbocht, céimeanna lucht gátair.
7 Tá slí an fhíoraein ceart.
Tá cosán an fhíoraein ceart chun siúil air.
8 Agus i slí do bhreitheanna, a Thiarna, d'fhanamair leat.
T'ainm agus do chuímhne dúil an anama.
9 Bhí m'anam ag tnúth leat san oíche,
'Sea agus lem sprid istigh ionam beidh mé ag faire dhuit sa mhaidin.
Nuair a dhéanfair do bhreitheanna ar an ndomhan
Foghlamóidh lucht cónaithe an domhain fíoraontacht.
10 Bíodh trua againn don chuirpeach, ach ní fhoghlamó' sé fíoraontacht.
Do dhein sé rudaí mallaithe i dtalamh na naomh,
agus ní fheicfidh sé glóire an Tiarna.
11 A Thiarna, árdaítear do lá mh agus ná feicidís.
Feiceadh lucht formaid agus mearaítear iad,
agus sloigeadh tine do namhaid!
12 A Thiarna tabharfair síocháin dúinn:
óir do dheinis ár n-oibreacha go léir dúinn.
13 A Thiarna, is tu ár nDia. Bhí fórlámhas ag tiarnaíbh
nách tu orainn.
Ach ionatsa amháin bíodh cuímhne againn ar t'ainim.
14 Ná bíodh na mairbh beó.
Ná héiríodh na fathaigh arís.
Uime sin thugais cuaird orthu agus d'ídís iad.
Agus d'ídís gach cuímhne orthu.
15 Thugais fabhar don náisiún, a Thiarna. Thugais fabhar don náisiún.
Ar tugadh glóire dhuit? Do chuiris teóranna an tsaeil i bhfad amach.
16 A Thiarna, i gcruatan do loirgeadar thu.
I dtrioblóid gluaireáin bhí do theagasc acu.
17 Ar nós mná ag iompar clainne, nuair a thagann an t-am chun na clainne ' chur di bíonn sí i dteinneas agus bíonn sí ag éamh leis na piantaibh.
Sin mar atá againne id láthairse a Thiarna.
18 Do ghabhamair, agus bhíomair mar ' bheimís i dteinneas, agus do rugamair gaoth.
Níor oibríomair slánú ar an saol.
Dá bhrí sin nílid lucht cónaithe an domhain titithe.
19 Beid do mhairbhse beó, mo dhaoinese a maraíodh,
éireóid siad arís.
Sibhse a chónaíonn sa luaithrigh, éirídh agus tugaidh moladh uaibh.
Óir is drúcht solais do dhrúchtsa,
agus tarraiceóir anuas chun íde talamh na bhfathach.
20 Imigh a phobal liom, éirigh isteach id sheómra, dún na dóirse ort féin, bí i bhfolach beagán ar feadh neómait, go dtí go mbeidh an fíoch imithe.

21 Óir féach, tiocfaidh an Tiarna amach as a inead ag féachaint na mallaitheachta atá ag cónaitheóir an domhain á déanamh ’na choinnibh, agus nochtfaidh an talamh a fuil agus ní chlúdóidh sí a mairbh a thuilleadh[1].

## Caib. Dhá Dheich a Seacht

*An pionós a cuireadh ar lucht phobail Dé do chrá. Fabhar an Tiarna dá eaglais.*

1 Sa ló san tabharfaidh an Tiarna cuaird lena chlaíomh mhór chruaidh láidir, ar Levíatan[2], an sabh athar nímhe, ar Levíatan an t-athair nímhe cam, agus maróidh sé an míol mór atá sa bhfarraige.

2 Sa ló san beidh cantainn chun fíonghuirt[3] an fhíona dhílis.

3 Mise an Tiarna atá dhá chimeád,
Tabharfad deoch[4] go hobann do.
Sara dtiocfadh aon dochar chuige,
bím dhá chimeád de ló agus d’oíche.
4 Níl aon fhearg ionamsa[5].
Cé ’ dhéanfaidh sceach díom agus dealg i gcath?
An ngluaiseódh ’na choinnibh?
An gcuirfeadh trí thine in éineacht é?
5 Ní hea ach an mbéarfaidh sé greim ar mo neart,
an ndéanfaidh sé síochain liom,
an ndéánfaidh sé síocháin liom?
6 Nuair a rithfid siad isteach[6] chun Iacoib beidh Israél ag bláthú agus ag cur péac amach, agus líonfaid siad aghaidh an domhain le síol.
7 Ar bhuail sé é[7] de réir bhuile an té do bhuail é?
Nú ar maraíodh é, fé mar a mhairbh seisean an mhuíntir a maraíodh tríd?
8 I dtómhas in aghaidh tómhais, nuair a teilgfar é[8], tabharfair[*] breith air. Do mhachnaimh sé lena sprid chruaigh i ló an bhrothaill.

1 Caib. 26. véar. 21. “*Ní chlúdóidh sí a mairbh a thuilleadh*”, deirtear an chainnt sin i dtaobh na martír agus i dtaobh na haiséirí a bheidh acu chun na glóire síoraí.
2 Caib. 27. véar. 1. “*Levíatan.*” .i. an diabhal, namhaid mhór phobail Dé. Tugar an “sabh athar nímhe” air mar gheall ar a neart (ionann sabh agus *a bolt*, nú, *a bar of iron*). Tugtar an t-athair nímhe cam air mar gheall ar an bhfeall atá ann, agus tugtar míol mór na mara air mar gheall ar an dtíorántacht a dheineann sé ar mhuir an domhain. Do himreadh bás sprideálta air trí bhás Chríost, nuair a milleadh a chómhacht.
3 Véar. 2. “*Fíonghort*”, .i. eaglais Chríost.
4 Véar. 3. “*Deoch,*” nú mar is féidir an Eabhrais do thuiscint, “uisceód é de ghnáth”.
5 Véar. 4. “*Níl aon fhearg ionam*”, .i. in aghaidh na heagailse; ná ní bheadh im dhealg, ná im sceich, dhi, ná ní ghluaiseód ’na coinnibh, ná ní chuirfead trí thinie í. Ach beidh sí i gcónaí ag breith ghreama orm go daingean agus cimeádfaidh sí síocháin shíoraí liom.
6 Véar. 6. “Nuair a rithfid siad isteach”, tuigeann drong an chainnt sin i dtaobh namhad an fhíor-Israél, a bheidh ag cur isteach air in aistear. Tuigeann drong eile go mbaineann an chainnt leis an gcur isteach sprideálta a dhein Aspail Chríost air.
7 Véar. 7. “*Ar bhuail sé é,*” .i. ar chuir Dia pionós diongbhálta ar na Giúdaígh chollaí ghéarleanúnacha mar gheall ar ar dheineadar in aghaidh Chríost agus na naomh?
8 Véar. 8. “Nuair a bheidh sé teilgthe”, .i. nuair a bheidh an tsionagóg teilgthe amach tabharfair breith uirthi i dtómhas, agus de réir a cortha—*Ibid*. “*Do mhachnaimh sé*”, .i. táid pianta diana beartaithe ag Dia i ló a fheirge.

9 Dá dheascaibh sin de bhárr an méid sin maithfar mallaitheacht teaghlaigh Iacoib[1], agus sid é an toradh go léir, go dtógfí chun siúil a peaca san, nuair a bheid clocha uile na haltórach mar a bheadh clocha dóite aige agus iad briste mion ní sheasóid na coíllte beaga agus na teampaill. 10 Óir beidh an chathair láidir[2] 'na huaigneas, an chathair álainn fágtha, agus í fágtha 'na fiantas. San áit sin a bheidh an gamhain ag ithe, agus san áit sin a luífidh sé, agus d'íosfaidh sé a géaga. 11 Loitfidh tíormacht a fómhair, tiocfaid mná dhá teagasc, óir ní pobal eagnaí iad, dá bhrí sin, an té ' dhein í ní dhéanfaidh sé trócaire uirthi, agus an té ' chúm í ní spárálfaidh sé í. 12 Agus titfidh amach go mbuailfidh an Tiarna, sa ló san, ó chaidhséar na habhann go dtí sruth na hÉigipte, agus baileófar i dteannta ' chéile sibh 'núr nduine 's 'núr nduine, a chlann Israél. 13 Agus titfidh amadh sa ló san go ndéanfair fuaim le trúmpa mór[3], agus go dtiocfaid siad san a cailleadh, ó thír na nAssuíriánach, agus iad san a bhí 'na ndíbearthachaibh i dtír na hÉigipte agus go n-adharfaid siad an Tiarna i gcnuc naofa Ierúsalem.

## Caib. Dhá Dheich a hOcht

*Pionós ar chlaínn Israél mar gheall ar a n-uabhar, agus ar a n-anmheasarthacht, agus ar a neamhshuím i ndiagasamhlacht. Críost an chloch chúinne.*

1 Mairg do choróinn an uabhair, do mheisceóiribh Ephraim[4], agus don bhláth ag feóchadh, glóire a áthais, iad san a bhí i mbárr an ghleanna, rómhéith, agus iad ar guagadh le fíon. 2 Féach, tá an Tiarna cómhachtach, láidir, mar ' bheadh stoirm cloich-shneachtaidh: 'na ghaoith ghuarnain ag lot, mar ' bheadh neart mórán uisceacha ag scéith, agus dá gcur amach ar thalamh leathan. 3 An choróinn uabhair sin mheisceóirí Ephraim geóbhar de chosaibh inti. 4 Agus an bláth ag feóchadh, glóire a gháirdeachais sin atá ar cheann an ghleanna mhéith, beidh sé 'na thoradh róluath roimh aibiúlacht an fhómhair, agus nuair ' fhéachfaidh an té a chídfidh é air, tógfaidh sé 'na láimh é agus íosfaidh sé suas é.

5 Sa ló san beidh Tiarna na sló 'na choróinn ghlóire agus 'na bhláthfhleasc áthais d'iarsma a dhaoine: 6 agus 'na sprid breithiúntais don té atá 'na shuí chun breithiúntais, agus 'na neart don mhuíntir a chasann ón gcath chun an gheata.

7 Ach beid siad san leis[5] tar éis bheith ainbhiosach trí fhíon, agus tar éis dul amú trí mheisce: tá an sagart agus an fáidh tar éis bheith ainbhiosach trí mheisce. Táid siad súite le fíon: níor chuireadar aithne ar an té a chíonn: bhíodar gan eólas ar bhreithiúntas.

8 Óir bhí na búird go leir lán d'aiseac, agus de shalachar, i dtreó ná raibh a thuilleadh slí. 9 Cé dho go múinfidh sé eólas? Agus cé air go gcuirfidh sé ' fhéachaint an éisteacht do thuiscint? Orthu san atá deighilte ón mbainne, atá tarraicthe ó sna cíochaibh. 10 Óir órdaigh, órdaigh arís[6]: órdaigh, órdaigh arís: bí ag súil, ag súil arís; beagán anso, beagán ansúd. 11 Óir le cainnt bheól agus le teangain eile labharfaidh sé leis na daoinibh sin. 12 Na daoine go nduairt sé leó: Sid é mo shuaimhneas, tugaidh faeiseamh ar an dtuirseach, agus is é seo m'fhaeiseamhsa: agus ní chloisfidís.

1 Véar. 9. "*Theaghlaigh Iacoib*", .i. den méid acu a dh'iompóidh chun Dé.
2 Véar. 10. "*An chathair láidir*" .i. cathair Ierúsalem.
3 Véar. 13. "*Trúmpa mór,*" .i. craobhscaoileadh an tsoíscéil chun na nGiúdach d'iompáil chun Dé.
4 Caib. 28. véar. 1. "*Ephraim*", ríocht na ndeich dtreabh. —*Ibid*. "*Ceann an ghleanna mhéith*", .i. Samairia. Bhí an chathair sin ar chnucán agus gleann ana-shaibhir laistíos di.
5 Véar. 7. "*Iad san, leis*." .i. Ríocht Iúda.
6 Véar. 10. "*Órdaigh, órdaigh arís*." Deirtear an chainnt sin i bpearsain na nGiúdach agus iad ag cur in aghaidh órdaithe Dé arís agus arís eile. Dia ag tabhairt na n-órdaithe agus iad san dhá chur ar athlá.

13 Agus beidh mar fhocal ag an dTiarna dhóibh: órdaigh, órdaigh arís: órdaigh, órdaigh arís: bí ag súil, bí ag súil arís: beagán anso, beagán ansúd: i dtreó go n-imeóid* siad, agus do dtitfid siad i ndiaidh a gcúl, agus go mbrisfar iad, agus go ngaistfar iad, agus go dtógfar iad.

14 Dá bhrí sin cloisidh briathar an Tiarna, a dhaoine tarcaisneacha so atá os cionn (ag rialadh) mo phobail i gcathair Ierúsalem. 15 Óir tá ráite agaibh: tá margadh déanta againne leis an mbás agus tá connradh déanta againn le hifreann. Nuair a bheidh an sciúirse ag brúchtaíol ag gabháil thorainn ní thiocfaidh sé orainne: óir tá ár muinín curtha againne a bréagaibh agus is le héitheach atáimíd dár gcosnamh. 16 Dá bhrí sin seo mar adeir an Tiarna: cuirfeadsa cloch i mbunaibh Shíoin[1], cloch a trialadh, cloch chúinne, cloch luachmhar, bunaithe sa bhun. An té a chreideann ná brostaíodh sé. 17 Agus cuirfead breithiúntas i meáchaint, agus ceart i dtómhas: Agus treascróidh cloich-shneachta an mhuinín as an éitheach, agus tuilfidh uisceacha ar an gcosnamh. 18 Agus curfar úr margadh leis an mbás ar neamhní, agus ní sheasóidh úr gconnradh le hifreann, nuair ’ bheidh an sciúirse ag brúchtaíol ag gabháil thoraibh geóbhfar de chosaibh ionaibh fúithi. 19 Pé uair a gheóbhaidh sí an tslí béarfaidh sí sibhse chun siúíl léi: óir geóbhaidh sí an tslí go moch ar maidin, sa ló, agus san oíche, agus buairt aigne amháin a chuirfidh ’ fhéachaint oraibh an rud a dh’airíonn sibh do thuiscint. 20 Óir tá an leabaidh cúng[2] agus caithfidh éinne amháin titim amach, agus ní féidir don chúmhdach gheárr an bheirt do chlúdach. 21 Óir beidh an Tiarna ’na sheasamh suas mar a bhí i gcnuc na ndeighilt[3], beidh fearg air mar a bhí sa ghleann atá i nGabaon: i dtreó go ndéanfaidh sé a chuid oibre, a obair éagsamhlach, go ndéanfaidh sé a obair, obair atá bun-os-cionn do. 22 Agus anois ná deinidh fonúid, sara bhfaighfí na cuíbhreacha oraibh. Mar d’airíos-sa ó Thiarna Dia na sló críochnú agus ciorrú ar an ndomhan go léir.

23 Tugaidh cluas, agus cloisidh mo ghuth, cloisidh agus éistidh lem chainnt. 24 An mbeidh an treabhaire ag treabhadh an lá go léir chun síl do chur, ná hosclóídh sé agus ná fuirseóidh sé a chuid tailimh? 25 Nuair a bheidh uachtar an tailimh réidh aige ná croithfidh sé *git* air*, agus ná cuirfidh sé crithneacht de réir úird, agus eórna agus milléad, agus *vetses*, ’na dteórannaibh? 26 Óir teagascóidh sé é i mbreithiúntas*: teagascóidh a Dhia é. 27 Óir ní buailfar *git* le sábhannaibh, agus ní chasfaid roth na trucaileach ar chuimín, ach buailfar amach *git* le slait, agus cuimín le cleith, 28 ach brisfar mion arbhair aráin. Ach ní bheidh an buailteóir dhá bhualadh choíche, ná ní ghortóidh roth na trucaileach é, ná ní bhrisfidh sé len’ fhiaclaibh é. 29 Tá san, leis[4], tagaithe amach ó Thiarna Dia na sló, chun a chómhairle do dhéanamh iúntach, agus mar mhóradh ar cheart.

## Caib. Dhá Dheich a Naoi

*Breitheanna troma ó Dhia ar Ierúsalemm mar gheall ar a stuacacht agus ar a stailc. Iompáil na nGínte dá thargaireacht.*

1 Is mairg d’Ariel[5]; d’Ariel, an chathair a thóg Dáivid: bliain dá cur le bliain: tá deireadh leis na solamnachtaibh. 2 Déanfadsa clais mórthímpall ar Ariel, agus beidh sí i mbrón agus ag caoineadh,

1 Véar. 16. “*Cloch i mbunaibh Shíoin,*” .i. Críost. —*Ibid*. “Ná brostaíodh sé,” .i. bíodh sé ag súil lena theacht go foighneach.

2 Véar. 20. “*Tá an leabaidh cúng*”, .i.tá sí róchaol do bheirt. Ní foláir le Dia leabaidh ár gcroí ’ bheith aige féin in’ aonaor.

3 Véar. 21. “*I gcnuc na ndeighilt*.” .i. Mar a throid an Tiarna in aghaidh na bhFilistíneach i mBaal Pharasim (2 Ríthe 5) agus in aghaidh na gCanaaníteach i ngleann Ghabaon (Ios. 10).

4 Véar. 29. “*San, leis.*” .i. Mar sin, leis, is ea ’ dheineann an Tiarna lena chuid tailimh agus leis na síoltaibh iolartha do chuireann sé ann.

5 Caib. 29. Véar. 1. “*Ariel*.” Ciallaíonn an focal “león Dé”, agus tugtar an ainm san áit seo ar chathair láidir Ierúsalem.

agus beidh sí dhómhsa ’na hAriel. 3 Agus cuirfead fáinne tímpall ort, agus cuirfead suas claí id choinnibh, agus cuirfead suas portfhallaí ’od imdhruidim. 4 Tabharfar anuas tu. Beidh tú ag labhairt as an dtalamh, agus as an dtalamh a haireófar do chainnt, agu beidh do ghuth ag teacht as an gcré mar a thagann guth an phíotóin, agus beidh do chainnt ag teacht go leathbhalbh as an gcré. 5 Agus beidh liacht na ndaoine a bhíonn ag seideadh gaoithe fút mar ’ bheadh ceó tanaí; agus mar ’ bheadh luaith ag imeacht, a bheidh liacht na ndaoine a rug bua ort, 6 agus beidh san ar neómat go hobann. Agus tiocfaidh cuaird ó Thiarna na sló, i dtóirthnigh, agus le luascadh talún, agus le fuaim mór gaoithe guarnain agus le hanaithe, agus le lasair tine chraosaí. 7 Agus slua na náisiún go léir atá tar éis troda i gcoinnibh Ariel, beidh siad mar ’ bheadh taibhreamh aislinne san oíche, agus gach ar throid ’na coinnibh agus d’imdhruid í agus do bhuaigh uirthi. 8 Agus fé mar a dheineann an té go mbíonn ocras air taibhreamh, agus ithe, ach nuair a dhúisíonn sé go mbíonn a anam folamh: agus fé mar a dheineann an té go mbíonn tart air, taibhreamh, agus ól, agus nuair a dhúisíonn sé go mbíonn sé lag le tart, agus a anam folamh; sin mar a bheidh slua na nGínte atá tar éis troda in aghaidh cnuic Síon.

9 Bíodh iúnadh oraibh agus alltacht, bídh ag guagadh agus ag suathadh, bídh ar meisce ach nách le fíon é: bídh ag luascadh, ach nách le meisce é. 10 Óir tá sprid tromshuain meascaithe ag an dTiarna dhíbh. Dúnfaidh sé suas úr súile. Clúdóidh sé úr bhfáidhí agus úr bpriúnsaí a bhíonn ag feiscint aislinní. 11 Agus beidh a n-aislinn uile díbhse ar nós na bhfocal i leabhar atá séalta, agus go dtabharfaidh siad é do dhuine atá léannta agus go ndéarfaid siad leis: léigh é sin agus go bhfreagróidh seisean: ní fhéadfainn é óir tá sé séalta. 12 Agus tabharfar an leabhar do dhuine gan aon eólas ar léann, agus déarfar leis: léigh: déarfaidh seisean: Níl aon eólas ar léann agam. 13 Agus duairt an Tiarna: Sa mhéid go dtagann an pobal so i ngar dom lena mbéal, agus go dtugaid siad glóire dhom lena mbeólaibh, ach go mbíonn a gcroí i bhfad uaim, agus go bhfuil eagla acu rómham le hórdú daoine agus le teagasc daoine: 14 uime sin féach tabharfadsa cúis chun iúnadh don phobal so, le míorúilt mhór íúntach: óir raghaidh eagna ar ceal óna bhfearaibh eagnaí, agus beidh tuiscint a ndaoine ciallmhara i bhfolach. 15 Is mairg díbhse is doimhinn croí, chun úr mbeartúchán do cheilt ar an dTiarna. Agus bíd a n-oibreacha sa doircheacht agus deirid siad: cé ’ chíonn sinn? cé ’ aithníonn sinn? 16 Is tuathalach an smaoineamh é sin agaibh: mar a dhéanfadh an chré smaoineamh in aghaidh an photadóra, agus mar adéarfadh an obair leis an té a dhein í: Níor dheinis-se mise; nú mar adéarfadh an ní a ceapadh leis an té a chúm é: ní thuigeann tú.

17 Nách suarach agus nách rógheárr an tamall anois, agus athrófar Libanus ’na *charmel*[1] agus measfar gur foraois *charmel*? 18 Agus sa ló san cloisfid na bodhair focail an leabhair, agus as an ndoircheacht, agus as an ndiamhaireacht, chífidh súile na ndall. 19 Agus meadóidh lucht míne a n-áthas sa Tiarna, agus gheóbhaid daoine bochta gáirdeachais in Aon-Naofa Israél. 20 Óir tá caillte ag an té a bheireadh bua, agus tá an tarcaisneóir ídithe, agus táid siad súd uile geárrtha amach a bhíodh ag faire i gcómhair na mallaitheachta, 21 an mhuíntir a chuireadh ’ fhéachaint ar dhaoinibh peaca ’ dhéanamh le briathar, agus a dheineadh sárú ar an té do smachtaíodh iad sa gheata; agus do chlaonadh in aistear ón bhfíoraon. 22 Dá dheascaibh sin seo mar adeir an Tiarna le teaghlach Iacoib, an té ’ dhein fuascailt ar Ábraham: Ní cuirfar Iacob ar mearaí anois, ná ní bheidh náire ar a ghnúis anois: 23 Ach nuair a chífidh sé a chlann, obair mo lámhsa, ’na lár féin ag naomhú m’ainme, agus naomhóid siad Aon-Naofa Israél,[*] 24 agus na daoine do chuaigh amú i sprid, beidh eólas acu ar thuiscint, agus na daoine a bhíodh ag gluaireán foghlamóid siad an dlí.

**Caib. a Trí Dheich**

1 Véar. 17. “*Charmel*”, .i. páirc thorthúil.

*Na daoine dá lochtú mar gheall ar a muinín as an Éigipt. Maitheasaí Dé dá eaglais. An pionós a curtar ar pheacachaibh.*

1 Mairg díbhse a chlann a thug cúl, adeir an Tiarna, dul i gcómhairle agus nách liomsa é. Agus fí do thosnú, agus nách lem spridse é, chun go gcuirfeadh sibh peaca le peaca: 2 Sibhse atá ag siúl chun dul síos san Éigipt, agus nár dheineabhair fiafraí óm béalsa, ag brath ar chabhair i neart Pharao, agus úr muinín agaibh a scáil na hÉigipte. 3 Agus beidh neart Pharao ag dul chun mearaí dhíbh, agus muinín a scáil na hÉigipte ag dul chun náire dhíbh. 4 Óir bhí do phriúnsaí i dTanis agus tháinig do theachtairí chómh fada le Hanes. 5 Bhíodar go léir fé mhearaí mar gheall ar dhaoine ná féadfadh aon tairbhe ' dhéanamh dóibh. Níorbh aon chúnamh iad ná aon tairbhe, ach mearaí agus masla.

6 Ualach na mbeithíoch laisteas. I dtír thrioblóideach anacrach, as a dtagaid an león bhaineann agus an león fireann, an aithid nímhe agus an *basaliosc* sciathánach, beirid siad a saibhreas leó ar ghuaillibh beithíoch agus a stórasa ar dhronnaibh camall ag triall ar dhaoine ná féadfaidh aon tairbhe ' dhéanamh dóibh. 7 Óir cúnamh amú, cúnamh in aistear, a thabharfaidh an Éigipt. Uime sin do dheineas liúireach mar gheall air sin. Uabhar is ea é. Fan socair.

8 Anois, dá bhrí sin, imigh isteach agus scríbh dóibh ar bhosc-adhmad, agus cuir síos go cruínn é i leabhar, agus beidh sé in sna laethibh deirineacha, in' fhianaise go deó. 9 Óir is pobal iad a ghríosann chun feirge, agus clann éithigh, clann nách toil leó éisteacht le dlí Dé. 10 Clann adeir leis na feicithibh: ná feicidh, agus leó san a fhéachann: ná féachaidh dúinne ar na nithibh is ceart: labhraidh linn nithe taithneamhacha. Feicidh earráidí dhúinn. 11 Tóg uaim an tslí. Iompaigh uaim an cosán. Stadadh Aon-Naofa Israél de bheith rómhainn. 12 Dá bhrí sin, seo mar adeir Aon-Naofa Israél: Toisc go bhfuil diúltaithe agaibh don fhocal so, agus go bhfuil úr muinín agaibh as an éitheach agus a callóid, agus go bhfuiltí ag brath air: 13 Uime sin beidh an mhallaitheacht so dhíbhse mar a bheadh beárna do thitfeadh agus do gheófí in' éislinn i bhfalla árd, óir tiocfaidh a íde sin go hobann, nuair ná beidh súil leis. 14 Agus brisfar é go mion mar a bristear 'na bhlúiribh árthach an photadóra le briseadh cómhachtach, agus ní bheidh sligín le fáil dá phíosaíbh beaga, lena mbéarfí spré bheag thine ón dtínteán, nú lena dtarraiceófí braeinín uisce as an bpoll.

15 Óir seo mar adeir* an Tiarna Dia, Aon-Naofa Israél; má thagann sibh thar n-ais agus fanúint socair sábhálfar sibh: i gciúnas agus i ndóchas a bheidh úr neart. Agus níor thoil libh. 16 Ach duaradar: Ní hea ach teithfimíd chun eachra: Dá bhrí sin teithfidh sibh. Agus raighimíd ar eachaibh luatha; dá bhrí sin beidh an mhuíntir a bheidh ar úr dtóir (ar eachaibh a bheidh) níos luaithe. 17 Beidh míle duine ag teitheadh le heagla roim éinne amháin; agus le heagla roim chúigear beidh sibh ag teitheadh go dtí go bhfagfar sibh mar ' bheadh crann seóil loinge ar mhullach sléibhe, nú mar ' bheadh bratach ar chnuc.

18 Mar gheall air sin atá an Tiarna ag feitheamh i dtreó go ndéanfaidh sé trócaire oraibh: agus mar gheall air sin a tabharfar onóir do nuair a spárálfaidh sé sibh. Óir is é an Tiarna Dia an bhreithiúntais: Is aoibhinn dóibh sin uile atá ag súil leis. 19 Óir beidh pobal Síoin 'na gcónaí i Ierúsalem. Go deimhin ní bheidh tú ag gol*, óir is deimhin go mbeidh trua aige dhuit. Ar ghlór do ghuil, chómh luath agus do chloisfidh sé, tabharfaidh sé freagra. 20 Agus tabharfaidh an Tiarna dhuit arán gann agus uisce geárr, agus ní chuirfidh sé ' fhéachaint ar do theagascóir teitheadh chun siúil uait a thuilleadh, agus chífidh do shúile do theagascóir. 21 Agus cloisfid do chluasa cainnt duine ag tabhairt foláraimh duit laistiar ded dhrom: (dhá rá) Sid í an tslí, siúlaídh inti, agus ná hiompaídh i leataoibh chun na lámha deise ná chun na lámha clé. 22 Agus truailleófair plátaí na rudaí snoite airgid, agus clúdach na rudaí leachta óir, agus caithfir uait iad ar nos neamhghlaine mná

lamhánta. Déarfair leis: Fág an áit sin! 23 Agus curfar fearthainn ar do shíol pé áit ’na gcuirfir síol sa talamh. Agus beidh an t-arán ó arbhar an tailimh go flúirseach agus go méith. Beidh an t-uan sa ló san dá chothú go fairseag id shealús-sa. 24 Agus beid do dhaimh, agus siorraigh na n-asal, na beithígh a shaothraíonn an talamh, beid siad ag ithe bídh mheascaithe mar a cáitheadh é ar an úrlar buailte. 25 Agus beidh ar gach sliabh árd agus ar gach cnuc mór, aibhní uisceacha reatha, i ló an éirligh ar a lán, nuair ’ thitfidh an túr. 26 Agus beidh solas na ré mar sholas na gréine, agus beidh solas na gréine seacht n-uaire níos mó, mar ’ bheadh solas seacht lá: sa ló ‘’na gceanglóidh an Tiarna suas cneadh a phobail, agus ’na leighisfidh sé buille a gcréachta.

27 Féach ainm an Tiarna ag teacht ón imigéin, a fhearg ag loscadh agus í trom le fulag. Táid a bheóla lan de dhíbheirg, agus a theanga mar ’ bheadh tine chraosach. 28 Mar shruth ag dul dá bhruach go dtí lár an mhuiníl atá a anál, chun na náisiún d’ídiú ar neamhní, agus an tsrian earráide a bhí i gcorránaibh na ndaoine. 29 Beidh cantainn agaibh mar ’ bhíonn in oíche na solamnachta naomhaithe, agus áthas croí mar ’ bhíonn ag duine ag imeacht le píb, chun teacht isteach i sliabh an Tiarna, ag triall ar Aon-Chómhachtach Israél. 30 Agus cuirfidh an Tiarna glóire a ghutha dá cloisint, agus taispeánfaidh sé scannradh a chuisleann i mbagairt díbheirge agus i lasair tine craosaí. Brúfaidh sé go mion le gaoith guarnain agus le cloich-shneachta. 31 Óir trí ghuth an Tiarna beidh eagla ar an Assuíriánach agus é dá bhualadh leis an slait. 32 Agus beidh gabháil na slaite daingean go bun, agus cuirfidh an Tiarna i bhfeidhm air í le tiompánaibh agus le cruitibh, agus treascróidh sé iad. 33 Óir tá Tophet[1] ollamh ó ’ nné, ollamh ag an rí go doimhinn agus go leathan. Tine a bhia, agus mórchuid adhmaid. Anál an Tiarna, mar ’ bheadh struth ruíbhe, dhá adhnadh.

### Caib. Trí Dheich a hAon

*Míchiall na muiníne as an Éigipt agus an dearúd á dhéanamh de Dhia. Troidfidh sé ar son a dhaoine in aghaidh na nAssuíriánach.*

1 Mairg dóibh sin a théann síos san Éigipt ag lorg cabhartha, agus a muinín acu as eachra; agus a seasamh ar charbataibh toisc iad a bheith líonmhar; agus ar mharcachaibh toisc iad a bheith ana-láidir, agus ná raibh a muinín acu as Aon-Naofa Israél, agus nár loirgeadar an Tiarna. 2 Ach an té is aon eagnaí ann do thug sé leis olc agus níor aistrigh sé a bhréithre: agus éireóidh sé suas i gcoinnibh teaghlaigh na rómhallaithe agus in aghaidh cabhartha lucht mallaitheachta d’oibriú. 3 Ní Dia an Éigipt ach duine. Agus ní sprid a n-eachra ach feóil. Agus cuirfidh an Tiarna a lámh síos, agus titfidh an cabharthóir, agus titfidh an té ’ bheidh ag fáil na cabhartha agus beid siad go léir ar mearaí i dteannta ’ chéile. 4 Óir seo mar adeir an Tiarna liomsa; fé mar ’ bhíonn an león ag búirthigh agus an cat leóin, os cionn na foghla, agus nuair a thiocfaid slua na na-aeirí ’na choinnibh ná beidh aon eagla aige roimena nglór, ná aon scáth air roimena líonmhaireacht: mar sin is ea ’ thiocfaidh Tiarna na sló anuas chun troda ar shliabh Síoin agus ar a chnuc. 5 Ar nós éanlaithe ag eiteallaigh is ea ’ bheidh Tiarna na sló ag cosaint Ierúsalem, ag cosnamh agus ag fuascailt, ag imeacht os cionn agus ag sábháil. 6 Casaidh thar n-ais fé mar atá an tréigean déanta agaibh go doimhinn, a chlann Israél. 7 Óir sa ló san caithfidh duine uaidh a íodail airgid agus a íodail óir, na nithe a dheineadar* úr lámha díbh chun peaca ’ dhéanamh. 8 Agus titfidh an tAssuíriánach le claíomh nách claíomh duine, agus sloigfidh an claíomh nách claíomh duine é. Agus rithfidh sé agus ní in aghaidh an chlaímh do rithfidh sé. Agus beid a fir óga ag díol cánach. 9 Agus imeóidh a neart uaidh le neart eagla; agus beid a phriúnsaí ag teitheadh agus eagla orthu. Tá sé ráite ag an dTiarna, an té go bhfuil a thine i Síon, agus a fhúirnéis i Ierúsalem.

1 Caib. 30. véar. 33. “*Tophet*.” Is ionann é agus “Gehenna”, agus tuigtear gurb é ifreann é.

## Caib. Trí Dheich a Dó

*Beannachtaí réime Chríost. Léirscrios na nGiúdach, agus an rath a bheidh ar eaglais Chríost.*

1 Féach beidh rí i réim i gceart, agus beid priúnsaí ag rialú i mbreithiúntas. 2 Agus beidh fear ar nós an té ’ bheadh i bhfolach ón ngaoith, agus dhá chur féin i bhfolach ó stoirm, ar nós aibhní uisce i dtíormacht, agus ar nós scáile carraige a bheadh ’na sheasamh amach i dtalamh uaignis. 3 Ní bheid súile lucht feiscinte lag, agus beid cluasa na ndaoine a dh’aireóidh ag éisteacht go haireach.
4 Tuigfidh croí amadán eólas, agus labharfaidh teanga na mbriotairí go héasca agus go soiléir. 5 Ní tabharfar priúnsa a thuilleadh ar an amadán, ná ní tabharfar duine mór ar an bhfeallaire. 6 Óir labharfaidh an t-amadán nithe amadánta agus beidh a chroí ag beartú na mallaitheachta, chun taithí ’ dhéanamh den chealgaireacht, agus chun an fhíll do labhairt leis an dTiarna, agus chun anama na n-ocrach do dhéanamh folamh, agus chun an dí do chimeád ón dtartmhar. 7 Bíd árthaí an chealgaire go han-olc, óir bíd beartúcháin ceapaithe aige chun na gceannsa d’ídiú le cainnteannaibh éithigh, nuair a bhíonn an duine bocht ag labhairt breithiúntais. 8 Ach beartóidh an priúnsa na nithe is diongbhálta do phriúnsa, agus beidh sé ’na sheasamh os cionn na rialtóraí.

9 Éirídh, a mhná atá saibhir agus cloisidh mo ghlór; a iníonacha atá muiníneach tugaidh cluas dom chainnt. 10 Óir tar éis bliana agus laethanta, beidh buaireamh oraibhse atá go muiníneach: óir tá deireadh le fómhar an fhíona. Ní thiocfaidh an cruinniú a thuilleadh. 11 Bíodh uathás oraibh, a mná atá saibhir, bíodh buaireamh oraibhse atá muiníneach. Bainidh díbh agus bíodh mearaí oraibh. Criosaidh úr luana. 12 Caoinidh mar gheall ar úr gcíochaibh, mar gheall ar an dtír aoibhinn, mar gheall ar an bhfíonghort thorthúil. 13 Ar thalamh mo phobail tiocfaid deilgne agus sceacha aníos. Nách mó ná san go mór ar theaghlachaibh an áthais, ar an gcathair a bhí ag déanamh gáirdeachais?
14 Óir tá an tigh tréigthe, tá mórshlua na cathrach imithe, agus tá doircheacht agus duibhré tagaithe, ar a pluaisibh go deó. Áthas do sna hasalaibh fiaine, fosaíocht do thréadaibh, 15 go dtí go ndoirtfar an sprid orainn ón áit thuas, agus go mbeadh an t-uaigneas ’na *charmel*, agus go ndéarfar gur foraois *charmel*. 16 Agus cónóidh breithiúntas sa bhfiantas, agus suífidh ceart i *gcarmel*. 17 Agus síocháin a bheidh mar obair ag ceart, agus beid suaimhneas agus socracht go deó ag friothálamh cirt, 18 agus beidh mo phobal ’na suí in aoibhneas síochána agus i dtaibearnacalaibh muiníne, agus i suaimhneas saibhir.

19 Ach beidh cloich-sneachta i bhfánaidh na foraoise, agus déanfar an chathair go han-íseal. 20 Is aoibhinn díbhse a dheineann curadóireacht ar an uile uisce, ag cur coise an daimh agus coise an asail chun na háite.

## Caib. Trí Dheich a Trí

*Díoltas Dé ar namhdaibh a eagailse. Aoibhneas an Ierúsalem neámhdha.*

1 Is mairg duitse a dheineann an fhoghail[1]! Ná déanfar foghail ort féin, leis? Agus duitse a tharcaisníonn. Ná tarcaisneófar thu féin, leis? Nuair a bheidh deireadh na foghla déanta agat déanfar foghail ort. Nuair a bheir cortha agus do stadfair de tharcaisniú, tarcaisneófar thu. 2 A Thiarna dein trócaire orainn: óir tá fanta againn leat: bíse id chuislinn againn ar maidin agus id shábháil againn in am ár gcruatain. 3 Ó ghlor an aingil do theith na daoine, agu só t’árdú do scaipeadh na náisiúin.
4 Agus cruinneófar úr bhfoghla mar a gcruinnítear na lócaistí, nuair a bhíd na díogracha lán díobh.
5 Do móradh an Tiarna mar tá cónaithe lastuas aige. Do líon sé Síon le breithiúntas agus le ceart.

1 Caib. 33. véar. 1. “*Foghail*.” Is chun Sennacherib an chainnt sin.

6 Agus beidh creideamh led línn: saibhreas slánaithe, eagna agus eólas*. Is é eagla an Tiarna a stóras.

7 Féach, beid siad san a chíonn ag gol lasmu'. Beid aingil na síochána[1] ag gol go dúbhach. 8 Táid na slite uaignithe. Ní ghabhann éinne an bóthar. Tá an connradh curtha ar neamhní. Táid na cathracha caite uaidh aige. Níl aon toradh ar an daoine aige. 9 Tá an tír i mbuairt go tláith. Tá mearaí ar Libanus, agus neamhghlaine. Tá Saran in' uaigneas. Agus tá Basan agus Charmel suaite.

10 Anois a dh'éireód, adeir an Tiarna, anois a hárdófar me anois a thógfad suas me féin. 11 Déanfaidh sibh teas do ghabháil agus béarfaidh sibh coínleach. Sloigfidh úr n-anál sibh mar ' dhéanfadh tine, 12 agus beid na daoine mar ' bheadh an luaith tar éis na tine, mar a loiscfí punann deilgne a loiscfar iad le tine.

13 Sibhse atá i gcéin, cloisidh an ní atá déanta agam, agus sibhse atá i bhfogas aithnídh mo neart. 14 Táid na peacaigh i Síon go heaglach. Tá creathán tagaithe ar na cealgairíbh. Ceocu agaibh atá ábalta ar chónaí mar aon le tine chraosach? Ceocu agaibh ' fhéadfaidh cónaí i loscadh síoraí? 15 An té a shiúlann i bhfíoraontacht, agus do labhrann fírinne: an té ' chaitheann uaidh sainnt as éagóir, agus a chroitheann a lámha ó bhreabannaibh uile, agus a dhúnann a chluasa sara n-aireódh sé fuil agus a shúile sara bhfeicfeadh sé aon drochní, 16 beidh sé sin 'na chónaí lastuas. Beid daingeana na gcarraigreach mar aoirde aige. Tá arán tabhartha dho: Táid a uisceacha deimhnitheach.

17 Chífidh a shúile an rí in' áilleacht, chífid siad an tír i gcéin. 18 Beidh do chroí ag machnamh ar eagla. Ca bhfuil fear an léinn? Ca bhfuil an té a bhíonn ag breithniú focal na dlí? Ca bhfuil teagascóir na ndaoine mbeag? 19 Ní fheicfir na daoine gan náire, lucht na cainnt doimhne; I dtreó ná tuigfir dea-labharthacht teangan an duine sin ná fuil aon eagna ann. 20 Féach ar Shíon, cathair ár solamnachta: chífidh do shúile Ierúsalem, cónaí saibhir 'na taibearnacal nách féidir a dh'aistriú: agus ná tógfar chun siúil a tarainní go deó, agus ná brisfar aon cheann dá théadaibh; 21 óir ansan amháin a mórtar ár dtiarna: áit abhann[2], sruthanna leathana oscailte. Ní gheóbhaidh long le bataibh rámha ann ná ní gheóbhaidh long mhór tríd. 22 Óir is é an Tiarna ár mbreitheamh, is é an Tiarna ár ndlítheóir. Is é an Tiarna ár rí: Saorfaidh sé sinn. 23 Táid do ghléasanna[3] ar bogadh agus ní bheidh aon neart iontu. Beidh do chrann seóil ar slí ná beidh ar do chumas an suaitheantas do leathadh. Ansan is ea do roinnfar foghail an fhuadaigh mhóir. Tógfaid na bacaigh an fhoghail. 24 Agus ní déarfaidh an té atá i bhfogas: táim lag. Na daoine a bheidh 'na gcónaí san áit sin tógfar uathu a mallaitheacht.

## Caib. Trí Dheich a Ceathair

*An breithiúntas coiteann ar na drochdhaoinibh.*

1 Tagaidh i bhfogas, a Ghínte, agus cloisidh agus éistidh, a dhaoine. Cloiseadh an talamh agus gach a bhfuil air, an domhan agus gach ní dá dtagann amach as. 2 Óir tá díbheirg an Tiarna ar an uile náisiún, agus a fhíoch ar a shlóitibh go léir. Táid siad marbh aige agus tabhartha suas chun éirligh.

1 Véar. 7. "*Aingil na síochána.*" .i. na teachtairi a cuireadh ag déanamh síochána.
2 Véar. 21. "*Aibhní.*" .i. na haibhní aoibhnis shíoraí a rith ó chathaoir Dé go dtí an Ierúsalem neámhdha. Ní fhéadfaidh aon namhaid teach ann.
3 Véar. 23. "*Gléasanna,*" tráchtann sé ar namhaid na heagailse.

3 Caithfar a marbh amach agus éireóidh balaith bréan as a gcnublachaibh. Beid na cnuic dá leaghadh lena gcuid fola. 4 Agus beidh claoichló ar shlua uile na spéire[1], agus fíllfar na spéartha ar a chéile ar nós leabhair, agus titfid a slua uile anuas mar a thiteann an duile den fhíniúin agus den chrann fíge. 5 Óir ta mo chlaíomh ar mire in sna flaithis. Féach tiocfaidh sé anuas ar Idumea[2] agus ar dhaoinibh m'éirligh, chun breithiúntais. 6 Tá claíomh an Tiarna lán d'fhuil, tá sé ramhraithe le fuil uan agus pocán, agus le fuil reithí lán de shaíll. Óir tá *victim* leis an dTiarna i mBosra agus éirleach mór i dtír Edoim. 7 Agus raghaid na *iúnicórnacha*[3] síos leó agus na tairbh leis na cómhachtachaibh. Beidh a gcuid tailimh ar meisce le fuil agus a dtalamh le saíll na méith. 8 Óir is é lá díoltais an Tiarna, 'sí bliain na gcúiteamh[4] do bhreithiúntas Shíon. 9 Agus iompófar na sruthanna ann chun pice, agus an talamh ann chun ruíbhe, agus déanfaidh pic ag dó den talamh ann. 10 De ló ná d'oíche ní bheidh sé in' uaigneas ó shliocht go sliocht. Ní gheóbhaidh éinne tríd go deó deó. 11 Sealbhóid an chorriasc agus an ghráinneóg é. Beidh an t-*ibis* agus an fiach dubh 'na gcónaí ann: agus sínfar amach air líne dhá thabhairt chun neamhní, agus *pluméd*, chun uaignis. 12 Ní bheidh a uaisle ann. Is ar an rí do ghlaofaid siad. Agus beid a phriúnsaí go léir ar neamhní. 13 Agus deilgne agus neanntóg a bheidh ag fás in sna tithibh, agus an feóchadán in sna daingeanaibh, agus beidh sé in' inead cónaithe do *dhraconaibh*, agus in' fhosaíocht do struthaibh: 14 Agus buailfid deamhain agus árrachtacha um á chéile, agus beid na rudaí clúmhacha ag liúirigh chun a chéile. Is ann do luigh an *lamia* agus do fuair sí suaimhneas di féin. 15 Is ann do fuair an ghráinneóg cónaí agus do thóg sí a hál óg, agus dhein sí rómhar mórthímpall, agus do chothaigh sí iad sa scáth. Is ann atáid na cromáin bailithe i dteannta ' chéile. 16 Cuardaídh go géar i leabhar an Tiarna agus léidh. Ní raibh aon cheann acu in easnamh, ní raibh ceann acu ag lorg cínn eile: Óir an ní atá ag teacht as mo bhéalsa is é atá órdaithe aige, agus a sprid is é do chruinnigh iad. 17 Agus do dhein sé an crannchur dóibh, agus do roinn sé orthu é le líne. Agus sealbhóid siad é go deó, ó shliocht go sliocht a dhéanfaid siad cónaí ann.

## Caib. Trí Dheich a Cúig

*Ríocht Chríost fé bhláth agus fé mhaise. Beidh slí shocair naofa in' eaglais.*

1 Beidh áthas ar an slí a bhí uaigneach, do-ghabhálta, agus beidh an fiantas ag déanamh gáirdeachais, agus é fé bhláth ar nós an lile. 2 Beidh sé ag péacadh agus ag bláthadh, agus ag déanamh gáirdeachais le háthas agus le moladh. Tá glóire Libanuis tabhartha dho: áilleacht Charmel, agus Sharon, chífid siad glóire an Tiarna, agus áilleacht ár nDia. 3 Neartaídh na lámh faona, agus daingnídh na hioscada laga. 4 Abraidh leis an lagbhríoch: glacaidh misneach, agus ná bíodh eagal oraibh. Féach béarfaidh úr nDia leis díoltas an chúitimh. Tiocfaidh Dia féin agus sábhálfaidh sé sibh. 5 Ansan is ea do hosclófar súile na ndall, agus a bainfar an stupadh a cluasaibh na mbodhar. 6 Ansan a bheidh an fear bacach ag léimrigh mar ' bheadh fia, agus a bheidh teanga an fhir bhailbh scurtha: óir tá uisceacha tar éis briseadh amach san uaigneas, agus sruthanna sa bhfiantas. 7 Agus an áit ba thalam tirim beidh sé 'na lochán uisce, agus an talamh tartmhar 'na thoibreachaibh uisce. In sna huaimhibh mar ar chómhnaigh na *dracoin* roimis sin beidh glasra na slat agus na mbrobhnacha bogluachra ag éirí. 8 Agus beidh an cosán ann, agus an tslí, agus tabharfar mar ainm air an tslí naofa. Ní gheóbhaidh neamhghlan an tslí sin, agus beidh an tslí sin dhíbhse 'na slí dhíreach, i dtreó ná raghaidh amadáin amú ann. 9 Ní beidh aon león ann, ná ní raghaidh aon drochbheithíoch suas tríd, ná bhfaighfar an iad: Ach na daoine a fuasclófar is iad a

1 Caib. 34. véar. 4. "*Slua uile na spéire,*" .i. an ghrian agus an ghealach agus na réiltíní.
2 Véar. 5. "*Idumea.*" Fén ainm sin "Idumea" nú "Edom", daoine a bhí 'na namhdaibh ag na Giúdaigh tuigtear san áit seo an dream mallaithe, .i. namhaid Dé agus na heagailse.
3 Véar. 7. "*Iúnicórnacha,*" .i. daoine móra cómhachtacha.
4 Véar. 8. "*Bliain na gcúiteamh*" .i. nuair a cúiteófar a saothar le lucht cráite Shíoin agus na heagailse.

beidh ag siúl ann. 10 Agus tiocfaid daoine fuascailte an Tiarna thar n-ais, agus tiocfaid siad isteach i Síon le moladh agus beidh áthas síoraí ar a gceannaibh, gheóbhaid siad áthas agus lúcháir agus imeóidh brón agus buaireamh chun siúil.

**Caib. Trí Dheich a Sé**

*Sennacherib ag ionnsaí Iúda: é ag diamhaslú.*

1 Agus do thárla sa cheathrú bliain déag de réim Esechiais, go dtáinig Sennacherib rí na nAssuíriánach aníos in aghaidh na gcathrach ndaingean uile a bhí i Iúda agus gur thóg sé iad.
2 Agus do chuir rí na nAssuíriánach Rabsaces ó Lachis go Ierúsalem, agus slua mhór aige ag triall ar an rí Esechias, agus do sheasaimh sé in aice caidhséir an locha uachtaraigh, i slí páirce an úcaire.
3 Agus do chuaigh amach ag triall air Eliacim, mac Helciais, an fear a bhí os cionn an teaghlaigh, agus Sobna an scríbhneóir, agus Ioahe mac Asaiph, an cúntasóir.

4 Agus duairt Rabsaces leó: abraidhse le hEsechias: Seo mar adeir an rí mór, rí na nAssuíriánach: Cad í an mhuinín i seo go bhfuil do sheasamh uirthi? 5 Nú cad í an chómhairle nú an neart lena bhfuilir ag ollmhú chun cogaidh? Cé air go bhfuil do sheasamh treás go bhfuilir tar éis iompáil im choinnibhse? 6 Féach tá do mhuinín agat as an slait sin, an chleith bhriste sin, an Éigipt, cleith má luíonn duine uirthi go raghaidh sí isteach ’na láimh agus go bpollfaidh sí an lámh: Sin mar a bhíonn Pharao, rí na hÉigipte, do gach duine a bhíonn ag brath air. 7 Ach má thugann tú mar fhreagra orm: Tá ár muinín againn as ár dTiarna Dia: nách é sin an Dia go bhfuil a áiteanna árda agus a altóracha tógtha chun siúil ag Esechias, an fear adeir le Iúda agus le Ierúsalem: is ag an altóir seo do caithfidh sibh adhradh? 8 Agus anois tabhair thu féin suas dom thiarnasa, rí na nAssuíriánach, agus tabharfad duit dhá mhíle each, agus agus ní fhéadfairse, ar do thaobh féin, marcaigh a dh’fháil dóibh. 9 Agus conas a sheasóir in aghaidh gnúise breithimh aon áite amháin, as an gcuid is lú de sheirbhíseachaibh mo mháistirse? Ach má tá do sheasamh ar an Éigipt, ar charbataibh agus ar mharcachaibh: 10 An gan an Tiarna do thánagsa aníos anois i gcoinnibh na tíre seo chun í ’ dh’ídiú? Duairt an Tiarna liom: Imigh suas in aghaidh na tíre sin agus ídigh í.

11 Agus duairt Eliacim, agus Sobna, agus Ioahe, le Rabsaces: labhair led sheirbhíseachaibh as an dteangain Shuíriánaigh: óir tuigimídne í: ná labhair linn a teangain na nGiúdach i gclos na ndaoine atá ar an bhfalla. 12 Agus duairt Rabsaces leó: an ag triall ortsa agus ag triall ar do mháistir a chuir mo mháistirse mise, chun go labharfainn na focail seo go léir leat: agus nách chun go labharfainn iad leis na fearaibh atá ’na suí ar an bhfalla: i dtreó go n-íosfaid siad a gcac féin agus go n-ólfaid siad a bhfual féin ’núr dteanntasa?

13 Ansan d’éirigh Rabsaces ’na sheasamh agus do labhair sé amach, de guth árd, a cainnt na nGiúdach, agus duairt sé: Éistidh le cainnt an rí mhóir, rí na nAssuíriánach. 14 Seo mar adeir an rí. Ná mealladh Esechias sibh, óir ní fhéadfaidh sé sibh a dh’fhuascailt. 15 Agus ná cuireadh Esechias ’ fhéachaint oraibh úr muinín a bheith agaibh as an dTiarna, dhá rá: Is deimhin go bhfuasclóidh an Tiarna sinn, (agus) ní tabharfar an chathair seo isteach i láimh rí na nAssuíriánach. 16 Ná héistidh le hEsechias: óir seo mar adeir rí na nAssuírianach: Deinidh rud ormsa agus deinidh úr leas. Tagaidh amach chúmsa agus bíodh gach duine agaibh ag ithe dhá fhíniúin féinig, agus gach duine dá chrann fíge féinig, agus bíodh gach duine agaibh ag ól uisce as a umar féinig, 17 chun go dtagadsa agus go mbéarfad chun siúil sibh go dtí tír mar úr dtír féin, tír arbhair agus fíona, tír aráin agus fíonghort.
18 Agus ná cuireadh Esechias buaireamh oraibh, dhá rá: Fuasclóidh an Tiarna sinn. Ar dhein aon dia de dhéithibh na ngínte a dtír a dh’fhuascailt amach a láimh rí na nAssuíriánach? 19 Ca bhfuil dia

Emait agus Arphaid? Ca bhfuil dia Sepharvaim? Ar fhuascladar Samaria amach as mo láimhse? 20 Cé hé an dia, de dhéithibh uile na dtíortha san, d'fhuascail a thír as mo láimh, chun a rá go bhfuasclódh an Tiarna Ierúsalem as mo láimh?

21 Agus d'fhanadar ciúin, agus níor labhradar focal dhá fhreagradh, óir bhí órdaithe ag an rí, dhá rá: Ná tugaidh aon fhreagra air. 22 Agus tháinig Eliacim mac Helciais, a bhí os cionn an teaghlaigh, agus Sobna an scríbhneóir, agus Ioahe mac Asaiph, an cúntasóir, isteach ag triall ar Esechias, agus a gcuid éadaigh stracaithe acu, agus d'ínseadar do cainnt Rabsaces.

**Caib. Trí Dheich a Seacht**

*Esechias, a bhuairt agus a ghuí. Dia ag geallúint cosnaimh. Íde na nAssuíriánach. Marú Sennacherib.*

1 Agus do thárla nuair ' airigh an rí Esechias é, gur strac sé a chuid éadaigh agus gur chuir sé éadach ruainnigh uime agus go ndeigh sé isteach i dtigh an Tiarna. 2 Agus chuir sé Eliacim a bhí os cionn an teaghlaigh, agus Sobna an scríbhneóir, agus seanóirí na sagart, agus éadach ruainnigh úmpu, ag triall ar Isaias mac Amois an fáidh: 3 agus duaradar leis: Seo mar adeir Esechias: Lá buairimh is ea an lá inniu, lá imdheargtha, lá diamhasla, óir tá an chlann tagaithe chun an bhertha, agus níl neart ann chun an tuismithe. 4 B'fhéidir go n-éistfidh do Thiarna Dia le foclaibh Rabsaces, an fear a chuir rí na nAssuíriánach uaidh chun diamhasla ' thabhairt do Dhia atá beó, agus chun tarcaisne ' thabhairt uaidh le cainnt a dh'airigh do Thiarna Dia. Dá bhrí sin cuir suas do ghuí ar son an iarsma atá fágtha. 5 Agus tháinig seirbhísigh an rí Esechias ag triall ar Isaias.

6 Agus duairt Isaias leó: Seo mar adéarfaidh sibh lenúr máistir: Seo mar adeir an Tiarna: Ná bíodh eagla agat roimis an gcainnt a dh'airís, an chainnt sin lena bhfuil diamhasla tabhartha dhómhsa ag seirbhíseachaibh rí na nAssuíriánach. 7 Féach cuirfeadsa sprid ag triall air sin, agus aireóidh sé teachtaireacht, agus raghaidh sé thar n-ais chun a thíre féinig.

8 Agus tháinig Rabsaces thar n-ais agus fuair sé an rí ag imdhruidim Lobna, óir bhí sé tar éis a dh'aireachtaint go raibh sé imithe ó Lachis. 9 Agus d'airigh se ráfla i dtaobh Tharaca, rí Etiópia: tá sé ag teacht chun troda id choinnibh. Agus nuair ' airigh sé é chuir sé teachtairí chun Esechiais dhá rá: 10 Seo mar adéarfaidh sibh le hEsechias rí Iúda, dhá rá: Ná mealladh do Dhia thu, go bhfuil do mhuinín agat as, dhá rá: Ní tabharfar Ierúsalem isteach i lámhaibh rí na nAssuíriánach. 11 Féach d'airís a bhfuil déanta ag ríthibh na nAssuíriánach leis na tíorthaibh go léir seo agus atá íditheagus an féidir go bhfuasclófar thusa? 12 Ar fhuascail déithe na ngínte iad san ar ar dhein mo shínsear íde, Gosam, agus Haram, agus Reseph, agus clann Eden a bhí i dTalassar? 13 Ca bhfuil rí Emait, agus rí Arphaid, agus rí Sepharvaim, Ana, agus Ava?

14 Agus do thóg Isaias an leitir a láimh na dteachtairí agus do léigh sé í, agus chuaigh sé suas go tigh an Tiarna. Agus do leath Esechias an leitir i láthair an Tiarna. 15 Agus do chuir Esechias a ghuí chun an Tiarna agus duairt sé: 16 A Thiarna na sló, a Dhia Israél, atá id shuí ar na *cherubimibh*, is tusa amháin is Dia do ríochtaibh an domhain go léir. Is tu a dhein neamh agus talamh. 17 Crom, a Thiarna, do chluas agus clois. Oscail, a Thiarna, do shúile agus feic, agus clois focail uile Shennacherib, na focail a chuir sé uaidh chun diamhasla ' thabhairt do Dhia atá beó. 18 Is fíor, a Thiarna, go bhfuil triúcha agus tíortha 'na n-uaigneasaibh ag ríthibh[*]; 19 agus do chaitheadar déithe na dtíortha san sa tine, óir níor dhéithe iad ach obair lámh daoine, adhmaid agus cloiche, agus

bhriseadar mion iad. 20 Agus anois, a Thiarna, ár nDia, sábháil sinne amach as a láimh, agus bíodh ' fhios ag ríochtaibh uile an domhain gur tusa amháin an Tiarna.

21 Agus chuir Isaias mac Amois teachtaireacht chun Esechiais dhá rá: Seo mar adeir an Tiarna: mar gheall ar an nguí atá curtha agat chúm i dtaobh Shennacherib rí na nAssuíriánach, 22 sid é an focal atá labhartha ag an dTiarna 'na thaobh san: Do tharcaisnigh an ógh, iníon Síoin, thu, tá gáire fonúide déanta aici fút. Tá iníon Ierúsalem tar éis a cínn do chrothadh id dhiaidh. 23 Cé air go bhfuil imdheargadh déanta agat? Agus cé dho go bhfuil diamhasla tabhartha agat? Agus cé 'na choinnibh gur árdaís do ghlór agus gur thógais suas do shúile? i gcoinnibh Aein-Naofa Israél. 24 Trí láimh do sheirbhíseach tá imdheargadh déanta agat ar an dTiarna, agus dúraís: le líonmhaireacht mo charbat táim tar éis dul suas go hárd na gcnuc, agus go lár Libanuis: agus geárrfad anuas a chéadair árda agus a chranna giúise tofa, agus raghad isteach go bárr a aoirde, go dtí foraois a Charmel[1]. 25 Do dheineas-sa rómhar, agus d'ólas uisce, agus le bonn mo choise do chuireas i ndísc na haibhní a bhí dúnta idir phortaibh. 26 Nár airís cad a dheines leis siúd fadó? Ó sna laethibh ársa do chumas-sa an ní sin agus anois thugas chun toradh é. Agus do thárla íde ar chnucaibh ag troid lena chéile agus ar chathrachaibh daingeana. 27 Bhí lucht a gcónaithe laglámhach, bhíodar ag crith agus ar mearaí. Do dhein díobh mar ' bheadh féar na talún, agus mar ' bheadh luibh na fosaíochta, agus mar an bhféar ar bhuaicibh na dtithe, a bhíonn ag feóchadh sara mbíonn sé aibidh. 28 Dob eól dómhsa t'áit cónaithe, agus do dhul amach agus do theacht isteach, agus do bhuile feirge im choinnibh. 29 Nuair a bhís ar buile im choinnibh tháinig t'uabhar aníos chun mo chluas. Dá bhrí sin cuirfeasa fáinne id shréin agus béalbhach idir do bheólaibh agus iompód thar n-ais thu an tslí a tháinís. 30 Ach beidh so mar chómhartha agatsa. Ith i mbliana na nithe a dh'fhásann uathu féin, agus an tarna bliain bí ag ithe torthaí, ach an tríú bliain bí ag cur agus ag baint, agus ag planndú fíonghort, agus ag ithe a dtoradh. 31 Agus an méid a sábhálfar de theaghlach Israél* cuirfidh sé préamh síos agus séidfidh sé toradh suas. 32 Óir raghaidh iarsma amach ó Ierúsalem agus slánú ó chnuc Síoin: Déanfaidh díogras Tiarna na sló an ní sin.

33 Dá bhrí sin, seo mar adeir an Tiarna i dtaobh rí na nAssuíriánach. Ní tiocfaidh sé isteach sa chathair seo, ná ní chaithfidh sé saíghead isteach inti, ná ní thiocfaidh sé os a cómhair le scéith, ná ní dhéanfaidh sé díg 'na tímpall, 34 ach raghaidh sé thar n-ais an bóthar a tháinig sé agus ní thiocfaidh sé isteach sa cathair seo, adeir an Tiarna. 35 Agus déanfadsa an chathair seo do chosnamh, agus sábhálfad í ar mo shon féin agus ar son mo sheirbhísigh Dáivid.

36 Agus chuaigh aingeal an Tiarna amach, agus do mhairbh sé, i longfort na nAssuíriánach, céad agus cheithre dheich a cúig de mhíltibh. Agus d'éiríodar ar maidin, agus féach, iad go léir 'na gcorpaibh marbha. 37 Agus chuaigh Sennacherib rí na nAssuíriánach amach agus d'imigh sé, agus d'fhíll sé agus chónaigh sé i Ninive, 38 agus do thárla, agus é ag adhradh i dteampall Nesroich, a dhia, gur mhairbh Adramelech agus Sarasar, a bheirt mhac, é le claíomh. Agus do theitheadar go tír Ararait, agus do ghoibh a mhac Asarhaddon réim in' inead.

## Caib. Trí Dheich a hOcht

*Ínstear d'Esechias an bás a bheith chuige. Tugtar tuilleadh saeil do trína ghuí. Mar chómhartha[2] sin téann an ghrian i ndiaidh a cúil. Cantic Esechiais.*

1 Caib. 37. véar. 24. "*Carmel*." Feic na ráite figiúrtha seo dá míniú in sna nótaíbh atá leis an naoú caibideal déag den cheathrú leabhar Ríthe.

2 Word illegible in image. Check p3323 of manuscript.

1 In sna laethibh sin bhí breóiteacht bháis ar Esechias, agus tháinig chuige Isaias mac Amois, an
fáidh, agus duairt sé leis: Seo mar adeir an Tiarna: dein socrú dod theaghlach mar gheóbhair bás,
agus ní mhairfir, 2 agus d'iompaigh Esechias a aghaidh ar an bhfalla, agus chuir sé a ghuí chun an
Tiarna, 3 agus duairt sé: Aicim ort, a Thiarna, agus cuímhnigh anois ar conas mar atá siúlta agamsa
os do chómhair i bhfírinne, agus le croí beacht, agus conas mar a dheininn an ní ba mhaith os do
chómhair. Agus bhí Esechias ag gol go faíoch. 4 Agus tháinig briathar an Tiarna chun Isaiais dhá
rá: 5 Imigh agus abair le hEsechias: Seo mar adeir Tiarna Dia t'athar Dáivid: D' chloiseas do ghuí
agus chonac do dheóracha. Féach cuirfead led laethantaibh chúig bhliana déag, 6 agus fuasclód
thusa agus an chathair seo amach a láimh rí na nAssuíriánach, agus sábhálfad í, 7 agus beidh so mar
chómhartha agatsa ón dTiarna go ndéanfidh an Tiarna an briathar so atá labhartha aige. 8 Féach
cuirfead ' fhéachaint ar scáil na línteacha, atá anois imithe síos leis an ngréin, ar ghréinlic Achais,
dul deich líne i ndiaidh a cúil tar n-ais. Agus tháinig an ghrian tar n-ais deich líne ar a raibh sí tar éis
dul síos.

9 An scríbhinn a dhein Esechias rí Iúda, nuair a bhí sé breóite agus gur tógadh óna breóitheacht é.

10 Duart: I lár mo laethanta beidh mé ag dul síos go geataí ifrinn[1].
Do loirgeas fuíoll mo bhlianta.
11 Duart: Ní fheicfead an Tiarna Dia i dtalamh na mbeó. Ní fhéachfad ar dhuine a thuilleadh, ná ar chónaitheach an tsuaimhnis.
12 Tá mo gheinealach tógtha chun siúil,
fíllte suas uaim ar nós taibearnacail aeirí,
tá mo bheatha geárrtha treasna mar ' gheárrfadh fíodóir í.
Do gheárr sé me treasna agus gan me ach ag tosnú:
ón maidin go dtí an oíche críochnóir me.
13 Bhíos ag tnúth go dtí an mhaidean.
Táid mo chnámha go léir briste aige mar a bhrisfeadh león iad.
Ón maidin go dtí an oíche cuirfir deireadh liom.
14 Bead ag éamh ar nós geárrcaigh áinle.
Bead ag machnamh ar nós colúir.
Táid mo shúile lag ó bheith ag féachaint suas.
A Thiarna, táim ag fulag éigin, freagairse ar mo shon.
15 Cad 'tá le rá agam, nú cad a fhreagróidh sé ar mo shon,
agus gurb é féin a dhein é?
Léireód duit mo bhlianta go léir,
I searús m'anama.
16 A Thiarna, más é sin saghas beatha an duine, agus gur i nithibh den tsórd san atá beatha mo spride,
smachtóir me agus déanfair beó me.
17 Féach, i síocháin is searbha mo shearús,
ach d'fhuasclais-se m'anam i dtreó ná caillfí é.
Chaithis mo pheacaí uile laistiar ded dhruím.
18 Óir ní dhéanfaidh ifreann admháil duit,
ná ní mholfaidh an bás thu,
agus an mhuíntir a théann síos sa pholl
ní loirceóid siad t'fhírinne.
19 An duine beó, an duine beó, sin é ' thabharfaidh moladh dhuit, mar ' dheinimse inniu.

1 Caib. 38. véar. 10. "*Ifreann*", "Seól", nú "Hádés," .i. áit na marbh.

Tabharfaidh an t-athair eólas ar t'fhírinne don chlaínn.
20 A Thiarna, sábháil me!
Agus beimídne ag cantainn ár salm,
I gcaitheamh laethanta uile ár mbeatha i dtigh an Tiarna.

21 Bhí órdaithe, áfach, ag Isaias go dtógfaidís dorn fígí agus go gcuiridís mar cheirí é ar an gcneadh agus go leighisfí é, 22 agus bhí ráite ag Esechias: Cad a bheidh 'na chómhartha go raghad suas go tigh an Tiarna?

**Caib. Trí Dheich a Naoi**

*Esechias ag taispeáint a ollmhaithis go léir do sna teachtairíbh ó Bhabhilon.**

1 San am san do chuir Merodach Baladan mac Bhaladain rí Bhabiloin, leitreacha agus tabharthaistí ag triall ar Esechias, mar d'airigh sé go raibh sé breóite agus go raibh sé tagaithe chuige féin ón mbreóiteacht. 2 Agus bhí áthas ar Esechias mar gheall ar iad do theacht, agus thaispeain sé dhóibh tithe stóir na spíosraí aramatach a bhí aige, agus an airgid agus an óir, agus na gcúmharthachtaí, agus na n-úngtha luachmhar, agus tithe stóir a thrioscáin, agus na nithe go léir a bhí le fáil 'na stórasaibh. Ní raibh aon ní 'na thigh ná 'na ríocht ar fad nár thaispeáin Esechias dóibh.

3 Ansan tháinig an fáidh Isaias chun Esechias an rí agus duairt sé leis: Cad 'duairt na fir úd, agus cá dtánadar chút? agus duairt Isaias*: Thánadar ó thír i gcéin, o Bhabilon. 4 Agus duairt seisean: Cad a chonacadar id thigh? Agus duairt Esechias: Chonacadar gach ní dá bhfuil im thigh. Níl aon rud im stórasaibh nár thaispeánas dóibh.

5 Ansan duairt Isaias le hEsechias: Éist anois le briathar Thiarna na sló: 6 Féach tiocfaidh na laethanta 'na mbéarfar chun siúil go dtí Babilon gach a bhfuil id thigh, agus gach ar chruinnigh t'athracha agus do chuireadar i gcimeád i stóras go dtí an lá so. Ní fágfar aon ní, adeir an Tiarna. 7 Agus cuid ded chlaínn, an chlann a thiocfaidh uait, an chlann a gheinfir, béarfar chun siúil iad agus beid siad 'na n-iunachaibh i bpálás rí Bhabiloin.

8 Agus duairt Isaias le hIsaias*: briathar an Tiarna, an briathar atá labhartha aie, is maith é. Agus duairt sé: Ach amháin bíodh síocháin agus fírinne im laethibhse.

**Caib. a Daichead**

*An fáidh ag cur sóláis ar na daoine dhá gheallúint dóibh Críost a bheith ag teacht chun a bpeacaí do mhaitheamh dóibh.**

1 Glacaidh sólás, glacaidh sólás, a phobal, adeir úr nDia. 2 Labhraidh le croí Ierúsalem agus glaeidh uirthi, óir tá deireadh lena mallaitheacht, táid a peacaí maite dhi. Tá fálta aici ó láimh an Tiarna dúbailt ar son a peacaí go léir.

3 Guth duine ag glaoch san uaigneas: Ollmhaídh slí an Tiarna. Deinidh cosáin ár nDia sa bhfiantas do dhíriú. 4 Árdófar gach gleann, agus ísleófar gach sliabh agus gach cnuc, agus beidh an cam 'na dhíreach agus gach slí gharbh 'na shlí réidh. 5 Agus foíllseófar glóire an Tiarna, agus chífidh gach feóil in éineacht gurb é béal an Tiarna do labhair.

6 Guth duine dhá rá: Liúigh. Agus duartsa: cad a liúfad? Féar is ea gach feóil, agus tá glóire uile
gach feóla mar bhláth an mhachaire. 7 Tá an féar feóchta agus tá an bláth titithe, mar do shéid sprid
an Tiarna air. Is féar an pobal do deimhin: 8 Tá an féar feóchta agus tá an bláth ar lár, ach tá briathar
an Tiarna marthanach go deó.

9 Imighse suas ar chnuc árd, tusa atá ag tabhairt scéala maithe chun Síoin. Árdaigh do ghlór le
neart, thusa atá ag tabhairt scéala fónta chun Ierúsalem. Árdaigh do ghlór agus ná bíodh eagal ort.
Abair le cathrachaibh Iúda: Féachaídh úr nDia: 10 féach, tiocfaidh an Tiarna le neart, agus
déanfaidh a chuisle rialú. Féach tá a thuarastal aige agus tá a shaothar (ghnó) os a chómhair.
11 Cothóidh sé a thréad mar ’ dhéanfadh aeire: cruinneóidh sé na huain lena bhaclainn, agus
tógfaidh sé suas iad in’ ucht, agus iompróidh sé féin an chuid díobh atá torthach.

12 Cé ’ thómhais na huisceacha ’na dheárnain agus do mhéadaigh na spéartha ar a bhais? Cé ’ thóg
suas meácháint na cruinne ar a thrí méireannaibh, agus do mhéadaigh na sléibhte i scála agus na
cnuic i midh? 13 Cé ’ bhí ag cabhrú le sprid an Tiarna? nú cé ’ bhí mar chómhairleach aige agus a
bhí dhá theagasc? 14 Cé leis gur chuaigh sé i gcómhairle, agus cé ’ thug oiliúint do, agus a mhúin
do slí an chirt, agus a theagaisc eólas do, agus a thaispeáin do bóthar na tuisceana? 15 Féach táid na
Gínte mar ’ bheadh braon a crúiscín, agus áirítear iad mar an ngráinne is lú i midh: féach táid na
hoileáin mar a bheadh roinnt bheag luaithrí. 16 Agus ní bheidh a dhóthain i Libanus chun dóite, ná
ní bheidh dóthain íbirte loiscithe in sna beithígh atá ann. 17 Fé mar ná beidís is ea atá na gínte go
léir os a chómhair, agus áirítear iad ’na neamhní agus ’na bhfolús do.

18 Cé leis, dá bhrí sin, gur shamhlabhair Dia? Nú cad í an íomhá a dhéanfaidh sibh do? 19 Ar theilg
an ceárdaí rud snoite? Nú ar chúm an ceárdóir a hór é, nú an gabha geal le plátaíbh airgid? 20 Do
thoibh sé adhmad láidir ná dreófaidh. Bíonn an ceárdaí oilte ag féachaint conas a chuirfidh sé ’na
sheasamh íodal ná féadfar a dh’aistriú. 21 An amhlaidh nách eól díbh? An amhlaidh nár
chloiseabhair? Nár hínseadh díbh é ó thosach? An amhlaidh nár thuigheabhair cur na cruinne ar a
bunaibh? 22 Is é atá ’na shuí ar chruinne an domhain agus is cuma nú lócaistí a lucht cónaithe: an té
do leathann amach na spéartha mar neamhní, agus d’osclann amach iad ar nós cábáin chun
cónaithe. 23 An té a thugann chun neamhní lucht rún do scrúdadh, an té a dhein breithiúin an
domhain mar ’ bheadh neamhní. 24 Agus gan amhras níor planndaíodh, ná níor cuireadh, ná níor
préamhaíodh sa talamh a bpréamh: Do shéid sé orthu go hobann agus táid siad feóchta, agus
béarfaidh gaoth ghuarnain chun siúil iad ar nós coínligh. 25 Agus cé leis gur shamhlabhair me, agus
gur chuireabhair ar aon dul me? adeir an tAon Naofa.

26 Tógaidh suas chun na bhflaitheas úr súile agus féachaídh cé ’ chruthaidh na nithe sin. Cé ’
thugann amach a slua de réir uimhre, agus do ghlaonn orthu go léir as a n-ainmneachaibh. Trí méid
a chumais agus a nirt agus a chómhachta ní raibh oiread agus aon díobh gan bheith le fáil.

27 Cad fáth go ndeirirse, a Iacoib, agus go n-abrairse, a Israél: Tá mo shlí i bhfolach ón dTiarna,
agus tá mo bhreithiúntas tar éis imeacht óm Dhia? 28 An amhlaidh nách eól duit, nú nár airís? Is é
an Tiarna is Dia síoraí ann, an Dia do chruthaigh imealla an domhain. Ní thiocfaidh laige air, ná
dua, ná ní beifar ag cuardach a eagna (nú, ní bheidh cuardach ar a eagna). 29 Is é féin a thugann
neart don tuirseach, agus a mhéadaíonn brí agus fuinneamh dóibh sin ná fuil ann. 30 Beid óga ag
lagú agus dua orthu, agus fir óga ag titim le heasláinte, 31 ach an mhuíntir go bhfuil a muinín as an
dTiarna acu athnuafaid siad a neart, tógfaid siad sciathána ar nós na bhfiolar, agus rithfid siad agus
ní coirfar iad, siúlóid agus ní lagóid siad.

## Caib. Cheithre Dheich a hAon

*Réim an Aein-Chirt. Baois íodal.*

1 Bíodh na hoileáin ciúin os mo chómhair, agus glacadh na gínte neart nua. Tagaidís i bhfogas agus ansan labhraidís, tagaimís i ngar do bhreithiúntas i dteannta ' chéile. 2 Cé ' thóg suas an tAon-Cheart ón áit thoir agus go ghlaeigh air chun é do leanúint? Tabharfaidh sé na gínte 'na radharc agus beidh a riail os cionn ríthe. Tabharfaidh sé iad ar nós ceóigh dá claíomh, agus dá bhogha ar nós coínligh dá chomáint leis an ngaoith. 3 Beidh sé dhá gcluicheadh. Gluaiseóidh sé i síocháin. Ní feicfar aon chosán i ndiaidh a chos.

4 Cé ' dh'oibrigh na nithe sin, ag glaoch ar na geinealachaibh ó thosach? Mise, an Tiarna, is me an chéad aon agus an t-aon deirineach.

5 Chonaic na hoileáin agus tháinig eagal orthu. Tháinig alltacht ar imeallaibh an tsaeil. Thánadar i ngar, agus thánadar i láthair. 6 Beidh gach duine ag cabhrú lena chómharsain, agus dhá rá lena bhráthair: Glac misneach. 7 Do chuir an gabha práis, agus é ag bualadh leis an gcasúr, misneach ar an té a bhí ag cumadh lena línn sin, agus duairt sé: Tá sé oiriúnach chun táthaithe, agus do neartaigh seisean é le tarainníbh i dtreó ná féadfí é ' bhogadh.

8 Ach is tusa, Israél, mo sheirbhíseacha, Iacob an té do thoghas, síol Ábrahaim mo charad, 9 'nar thoghas tu ó imeallaibh an domhain, agus do ghlaos tu ón' áiteannaibh imigéiniúla, agus duart leat: Is tusa mo sheirbhíseach, do thoghas tu agus níor theilgeas uaim thu. 10 Ná bíodh eagal ort mar táimse in aice leat. Ná hiompaigh i leataoibh, óir is me do Dhia. Do neartaíos tu, agus do chabhraíos leat, agus tá lámh dheas m'Aein-Chirt tar éis tu ' chimeád suas. 11 Féach beidh náire agus mearaí ar gach a dtroidfidh id choinnibh, beid siad 'na neamhní, agus ídeófar na fir a bheidh ag troid id choinnibh. 12 Beidh tú dhá gcuardach agus ní bhfaighir iad, na fir a bheidh ag iomaidh id choinnibh, beid siad mar ' bheadh neamhní: agus mar a bheadh ní ídithe, na fir a bheidh ag cur chogaidh ort. 13 Óir is mise do Thiarna Dia do rug ar láimh ort, agus adeir leat: Ná bíodh eagal ort. Tá cúnamh uaimse agat.

14 Ná bíodh eagal ort, a phiast ó Iacob, sibhse atá marbh as Israél: tá cúnamh tabhartha agamsa dhuit, adeir an Tiarna, agus do Shlánaitheóir Aon-Naofa Israél. 15 Do dheineas tu mar ' bheadh cairt nua buailte agus fiacla sábh inti. Buailfir na sléibhte agus brisfir iad 'na mbloghaibh, agus déanfair na cnuic mar ' bheadh cáith. 16 Cáithfir iad, agus béarfaidh an ghaoth chun siúil iad, agus scaipfidh an ghaoth ghuarnain iad, agus beirse ag déanamh gáirdeachais sa Tiarna, in Aon-Naofa Israél, a bheidh lúcháir ort.

17 Táid na boicht agus na daoine dealbha ag lorg uisce agus níl aon t-uisce ann. Tá a dteanga tirim le tart. Mise an Tiarna agus éistfead leó. Mise Dia Israél agus ní thréigfead iad. 18 Osclód aibhní in sna cnucaibh árda, agus toibreacha i lár na machairí. Iompód an t-uaigneas 'na lochánaibh uisce, agus an talamh nách féidir gabháil tríd 'na shruthánaibh uisce. 19 Cuirfead sa bhfiantas an céadar agus an sceach[1] gheal agus an miortal agus an crann ola, cuirfead an crann giúise san uaigneas agus an leamhán agus an crann bosca i dteannta ' chéile, 20 i dtreó go bhfeicfid siad, agus go n-aithneóid siad, agus go machnóid siad, agus go dtuigfid siad, gurb í lámh an Tiarna do dhein an ní sin, agus gurb é Aon-Naofa Israél do chruthaigh é.

1 Caib. 41. véar. 19. "*Sceach*", .i. San Eabhrais an "*sitta*", nú an "*setim*", crann is fíordheallraitheach leis an sceach gheal.

21 Tugaidh úr gcúis i ngar, adeir an Tiarna, má tá aon ní agaibh le rá tugaidh anso é, adeir rí Iacoib. 22 Tagaidís agus ínsidís dúinn gach ní dá bhfuil le teacht. Inis dúinn na nithe a bhí, cad iad féin: agus cuirfimíd ár gcroí orthu, agus aithneóimíd a gcrích dhéanach, agus ínsidh dúinn na nithe atá le teacht. 23 Taispeánaidh dúinn na nithe atá le teacht 'na dhiaidh so agus beidh ' fhios againn gur déithe sibh. Deinidh, leis, an mhaith nú an t-olc, más féidir libh é, agus labhraimís agus feicimís in éineacht. 24 Féach, is as neamhní sibh, agus is as an ní ná fuil atá úr n-obair. Gráinniúlacht is ea an té do thoibh sibh. 25 Tá aon tógtha agamsa ón áit thuaidh, agus tiocfaidh sé ó éirí na gréine. Glaofaidh sé ar m'ainm. Cuirfidh sé ' fhéachaint ar phriúnsaíbh ' bheith mar ' bheadh salachar, agus ar nós an photadóra ag gabháil de chosaibh i gcré. 26 An té a dh'inis ó thosach, ionas go mb'eól dúinn*, agus ón aimsir ársa, ionas go ndéarfaimís: taoi ceart. Níl éinne do thaispeánann, ná d'ínseann roim ré, ná d'airíonn úr gcainntse. 27 Déarfaidh an chéad duine le Síon: féach, táid siad anso, agus tabharfadsa soíscéalaí do Ierúsalem. 28 Agus do chonac, agus ní raibh ar a measc oiread agus* duine go n-iarrfí cómhairle air, ná d'fhéad focal do fhreagairt, nuair ' fhiafraíos. 29 Féach táid siad go léir san éagóir, agus a n-oibreacha baoth, agus is gaoth agus folús a n íodail.*

## Caib. Cheithre Dheich a Dó

*Oific (gnó) Chríost. Craobhscaoileadh an tsoíscéil do sna Geintibh. Daille na nGiúdach agus a mallú.*

1 Féach mo sheirbhíseach[1]. Cimeádfad 'na sheasamh é. M'aontofa, deineann m'anam gáirdeachas ann. Tá mo sprid curtha agam air, tabharfaidh sé amach breithiúntas in sna Geintibh. 2 Ní bheidh sé ag glaoch, ná ag féachaint chun pearsan, ná ní aireófar* a ghlór lasmu'. 3 Ní bhrisfidh sé an tslat bhrúite, ná ní mhuchfaidh sé an líon go bhfuil an deatach as. Tabharfaidh sé amach breithiúntas chun fírinne. 4 Ní bheidh sé doiligh, ná trioblóideach, go dtí go gcuirfidh sé breithiúntas ar an saol, agus beid na hoileáin ag feitheamh lena dhlí.

5 Seo mar adeir an Tiarna Dia a chruthaigh na spéartha agus do leath amach iad, an té do chuir an chruinne ar a bunaibh, agus na nithe a thagann aisti; an té ' thugann anál do sna daoine atá uirthi, agus sprid dóibh sin atá 'na seasamh uirthi. 6 Mise an Tiarna agus do ghlaos tusa i gceart agus do rugas ar láimh ort, agus do shaoras tu, agus do thugas tu mar chonnradh don phobal mar sholas do sna Geintibh. 7 I dtreó go n-osclófá súile na ndall, agus go dtabharfá an príosúnach amach as an bpríosún, agus iad san atá 'na suí sa doircheacht amach as an gcarcair.

8 Mise an Tiarna, sin é m'ainm. Ní thabharfad mo ghlóire do éinne eile, ná mo mholadh do rudaíbh snoite. 9 Na nithe a bhí ann ar dtúis féach táid siad tagaithe, agus is nithe nua atá agam á fhógairt: sara n-éiríd amach cuirfead ' fhéachaint oraibh iad d'aireachtaint.

10 Canaidh chun an Tiarna cantic nua. Tá a mholadh ó imeall an domhain. Sibhse atá ag dul síos chun na farraige, agus gach a bhfuil ann, a oileána agus a lucht a gcónaithe. 11 Árdaítear an t-uaigneas agus cathracha an uaignis. Déanfaidh céadar cónaí i dtithibh. A lucht cónaithe Phetra[2] tugaidh moladh uaibh, beid siad ag glaoch ó bharraíbh na slèibhte. 12 Beid siad ag tabhairt glóire don Tiarna, agus ag labhairt a mholta in sna hoileánaibh. 13 Raghaidh an Tiarna amach mar ' dhéanfadh fear cómhachtach, mar ' dhéanfadh fear cogaidh is ea do spriocfaidh sé suas díogras. Liúfaidh sé agus glaofaidh sé, agus béarfaidh sé bua ar a namhaid. 14 D'éistfinnse i gcónaí, do

1 Caib. 42. véar. 1. "*Mo sheirbhíseach*," .i. Críost, óir is seirbhíseach do Dhnia é sa mhéid gur duine é.
2 Véar. 11. "*Petra*." .i. Cathair a chuir ainm ar Arabia Petraea.

bhínn ciúin. Do bhínn foighneach. Labharfadh anois mar a labharfadh bean i dteinneas clainne.
Ideód agus sloigfead láithreach. 15 Scriosfad na sléibhte agus na cnuic. Cuirfead ’ fhéachaint ar a
bhféar go léir feóchadh. Iompód aibhní ’na n-oileánaibh: agus triomód suas na locháin uisce.
16 Seólfad na daíll isteach sa tslí nách eól dóibh, agus in sna cosánaibh nárbh aithnidh dóibh a
chuirfead ag siúl iad. Cuirfead an doircheadas ’na sholas os a gcómhair, agus an cam ’na dhíreach.
Dheineas na nithe sin dóibh agus níor thréigeas iad. 17 Táid siad iompaithe i ndiaidh a gcúil: bíodh
mearaí ar an muíntir go bhfuil a muinín acu a rud snoite, an mhuíntir adeir le rud leachta: is tusa ár
ndia.

18 Cloisidh, a bhodhra, agus a dhaoine dalla, féachaidh, ionas go bhfeicfeadh sibh. 19 Cé hé an dall
ach mo sheirbhíseachsa? nú cé hé atá bodhar ach an té gur chuireas mo sheirbhísigh ag triall air? Cé
hé atá dall ach an té atá díolta? nú cé hé atá dall ach seirbhíseach an Tiarna? 20 Tusa do chíonn a
lán nithe ná tabharfair fé ndeara iad? Tusa go bhfuilid do chluasa ar oscailt ná cloisfir? 21 Agus ba
thoil leis an dTiarna é do naomhú, agus an dlí do mhóradh agus í ’ dh’árdú. 22 Ach is pobal a
creachadh agus do scriosadh an pobal so. Is gaiste fear óg iad uile, agus táid siad i bhfolach i
dtithibh na gcarcar. Táid siad ’na bhfoghail agus níl éinne chun iad d’fuascailt; ’na bhfuadach agus
níl éinne chun a rá: tabhair thar n-ais. 23 Cé hé an duine ar úr meascsa do thabharfaidh cluas don ní
seo agus do thabharfaidh fé ndeara agus do chloisfidh i gcómhair na haimsire atá le teacht? 24 Cé ’
thug Iacob in’ fhoghail agus Israél do lucht fuadaigh? Nách é an Tiarna féin, an té go bhfuil an
peaca déanta againn ’na choinnibh? Agus ní shiúlóidís ’na shlitibh, agus níor éisteadar lena dhlí.
25 Agus do dhoirt sé amach orthu fíoch a dhíbheirge, agus tá cath láidir tar éis é do loscadh
mórthímpall, agus níorbh eól do, agus tar éis é ’ chur trí thine agus níor thuig sé.

**Caib. Cheithre Dheich a Trí**

*Dia ag cur sóláis ar a eaglais agus dhá gheallúint di go ndéanfaidhse í ’ chosnamh go deó. É ag imdheargadh na nGiúdach* mar gheall ar a n-easpa baochais.*

1 Agus anois seo mar adeir an Tiarna a chruthaigh thu, a Iacoib, agus a chúm thu, a Israél: Ná bíodh
eagal ort óir táimse tar éis tu ’ dh’fhuascailt, agus glaoch ort as t’ainm, agus is liom féin tu. 2 Nuair
a bheir ag gabháil trí sna huisceachaibh beidh me in aice leat, agus ní chlúdóid na haibhní thu. Nuair
a bheir ag siúl tríd an dtine ní dófar thu, agus ní loiscfid na lasracha thu. 3 Óir is mise do Thiarna
Dia, Aon-Naofa Israél, do Shlánaitheóir. Tá an Éigipt tabhartha agam mar shásamh thar do cheann,
Etiópia agus Saba thar do cheann. 4 Ó deineadh onóireach im shúilibh tu taíonn tú glórmhar: thugas
grá dhuit, agus tabharfad fir duit, agus daoine chun do bheatha. 5 Ná bíodh eagal ort, táimse id
fhochair. Tabharfad liom do shíol anoir agus cruinneód thu ón iarthar. 6 Déarfad leis an dtuaisceart:
tabhair uait, agus leis an ndeisceart: ná cimeád siar. Tabhair mo chlann mhac ón imigéin, agus mo
chlann iníon ó imeallaibh an domhain. 7 Agus gach duine do ghlaonn ar m’ainm, do chruthaíos é
chun mo ghlóire, do chumas é, agus do dheineas é. 8 Tabhair amach na daoine atá dall, agus súile
iontu: atá bodhar, agus cluasa orthu.

9 Táid na geinte cruinnithe i dteannta ’ chéile, agus táid na treabha cruinnithe: Cé hé an duine
agaibhse do neósfaidh an ní seo, agus a chuirfidh ’ fheachaint orainn na nithe roimhe seo do
chloisint? Tugaidís amach a bhfínnithe, ceartaítear iad, agus cloisidís, agus abraidís: Is fírinne é.
10 Is sibhse na fínnithe atá agamsa, adeir an Tiarna, agus, mo sheirbhíseach atá tofa agam, ionas go
mbeadh ’ fhios agaibh agus go gcreidfeadh sibh agus go dtuigfeadh sibh gur mise féin atá.
Rómhamsa níor cumadh aon dia agus ní bheidh aon dia im dhiaidh. 11 Is mise atá. Is mise an
Tiarna, agus níl aon tslánaitheóir ach me. 12 Tá ínste agamsa, tá sábhálta agamsa. Is mise do chuir

dá chloisint é, agus ní raibh aon duine iasachta ar úr meascsa. Is sibhse m'fhínnithe, adeir an Tiarna, agus is mise is Dia ann. 13 Agus ó thosach is me an céanna, agus níl éinne a fhéadann fuascailt as mo láimh: oibreód agus cé ' iompóidh i leataoibh é?

14 Seo mar adeir an Tiarna, úr slánaitheóir, Aon-Naofa Israél: Ar úr sonsa do chuireas go dtí Babilon agus do tharraigeas anuas a sabhanna go léir, agus na Chaldéigh ag maíomh as a loingeas. 15 Mise an Tiarna, úr n-Aon-Naofasa cruthaitheóir Israél, úr rí. 16 Seo mar adeir an Tiarna do dhein bóthar tríd an bhfarraige, agus cosán trí sna huisceachaibh cómhachtacha, 17 do thug amach an carbat agus an t-each, an slua agus an fear láidir. Do luíodar chun codlata in aice ' chéile. Ní éireóid siad arís. Táid siad briste ar nós lín, táid siad in éag. 18 Ná bídh ag cuímhneamh ar shean-nithibh, agus ná bídh ag féachaint ar nithibh ársa. 19 Féach tá nithe nua agamsa á dhéanamh, agus tiocfaid siad amach anois. Aithneóidh sibh iad go deimhin: Déanfad bóthar sa bhfiantas, agus aibhní san uaigneas. 20 Tabharfaidh beithíoch an mhachaire glóire dhom, na dracoin, agus na struthanna: óir tá uisceacha tabhartha agam sa bhfiantas, agus aibhní san uaigneas, chun dí a thabhairt dom pobal, dom dhaoinibh tofa. 21 Do chumas an pobal so dhom féin. Taispeánfaid siad mo mholadh go hoscailte.

22 Ach níor ghlaeis-se ormsa, a Iacoib, ná ní bhfuarais-se mo dhua, a Israél, 23 níor ofrálais reithe do *holocauist* dom, ná níor thugais glóire dhom led *victimíbh*. Níor chuireas ' fhéachaint ort bheith ag déanamh seirbhíse le ofrálachaibh*, ná níor chuireas tuirse ort le túis. 24 Níor cheannaídís dom le hairgead aon chána mhilis, ná níor líonais me le saíll do *victimí*. Ach do chuiris daorobair orm led pheacaibh. Do chuiris tuirse orm led mhallaitheachtaíbh. 25 Ach is mise, is mise féin a ghlanann amach do pheacaibhse ar mo shon féin, agus ní chimeádfad cuímhne ar do pheacaibh.

26 Tabhair chun do chuímhne me agus deinimís breithniú in éineacht. Má tá aon ní agat chun tu féin a cheartú abair é. 27 Dhein do chéad athair peaca, agus táid do theagascóirí tar éis an chaím a dhéanamh im choinnibh. 28 Agus táimse tar éis na bpriúnsaí naofa do neamhbheannú. Táim tar éis Iacoib a thabhairt suas chun éirligh agus Israél chun asacháin.

## Caib. Cheithre Dheich a Ceathair

*Feabhas* Dé dá eaglais. Díth céille íodaladhartha. Fuasclófar na daoine a braighdineas.*

1 Agus éistidh liom anois, a Iacoib, a sheirbhísigh, agus a Israél atá tofa agam. 2 Seo mar adeir an Tiarna, do dhein thu agus do chúm thu, do chabharthóir ón mbroínn. Ná bíodh eagal ort, a sheirbhísigh liom, a Iacoib, agus tusa a rófhíoraonta atá tofa agam. 3 Óir scaoilfeadsa amach uisceacha ar an dtalamh atá tartmhar, agus sruthána ar an ithir thirim: Scaoilfead amach mo sprid ar do shliocht, agus mo bheannacht ar do phréimh. 4 Agus éireóid siad i measc na luíbhnach, ar nós na saileach in aice na sruthán uisce. 5 Déarfaidh duine: Is leis an dTiarna mise, agus tabharfaidh sé Iacob mar ainm air féin. Agus scríofaidh duine eile a ainm lena láimh: chun an Tiarna, agus sloínnfidh sé é féin le hainm Israél.

6 Seo mar adeir an Tiarna, rí Israél agus a fhuasclóir, Tiarna na sló. Is mise is túisce agus is mise is deireanaí, agus níl aon Dia ach me. 7 Cé 'tá mar me? Labhradh sé agus ínseadh sé, agus cuireadh sé an t-órdú os mo chómhair, ó cheapas an pobal ársa: agus taispeánaidís dom na nithe atá le teacht agus a bheidh ann 'na dhiaidh so.

8 Ná bíodh eagal oraibh, agus ná bíodh buaireamh oraibh, ón aimsir sin ’ chuireas ’ fhéachaint ort
cloisint, agus duart: Is sibhse m’fhínnithe. An bhfuil dia ann nách mise, déantóir, agus gan aithne
agam air?

9 Lucht íodal a dhéanamh is neamhní iad go léir, agus ní dhéanfaidh na nithe is mó a thaithneann
leó aon tairbhe dhóibh. Is fínnithe orthu iad ná feicid siad agus ná tuigid siad, i dtreó go mbeadh
náire orthu. 10 Cé ’ dhein dia agus do chúm rud snoite ná fuil tairbhe chun aon ní ann? 11 Féach
beidh náire ar a lucht páirtíochta go léir: óir is daoine na déantóirí: tiocfaid siad go leir i dteannta ’
chéile, agus beid siad ’na seasamh agus eagal orthu, agus beidh mearaí orthu in éineacht.

12 D’oibrigh an gabha lena barra ciomalta, le gual, agus le casúraibh a chúm sé é, agus dhein sé an
obair le neart a chuisleann: beidh ocras air, agus beidh sé lag, agus ní ólfaidh sé aon uisce, agus
beidh tuirse air. 13 Do shín an siúinéir a riail amach, do chúm sé é le plána. Do dhein sé é agus
cúinní air agus dhein sé cómhchruínn é le cúmpás. Dhein sé mar ’ bheadh íomhá duine, duine álainn
’na chónaí i dtigh. 14 Do gheárr sé craínn céadair ar lár, thóg sé an dair ghlas, agus an crann daraí a
bhí ’na sheasamh i measc na gcrann sa choíll: do chuir sé an crann giúise agus do chothaigh an
fhearthainn an crann san, 15 agus dhein sé abhar tine do dhaoinibh. Thóg sé cuid de sin agus do
théigh sé é féin, agus d’adaigh sé é agus do bhácáil sé arán. Ach dhein sé dia den chuid eile dhe
agus d’adhair sé an dia sin. Dhein sé rud snoite agus d’úmhlaigh sé é féin os a chómhair.

16 Do dhóigh sé cuid de le tine, agus le cuid de d’ollmhaigh sé a chuid bídh: do bheirbh sé leite
agus do líonadh é, agus do téadh é, agus bhí sé brothallach, agus duairt sé: Aha, táim go brothallach,
do chonac an* tine. 17 Ach dhein sé dia den méid a bhí fágtha, agus rud snoite dho féin. Cromann sé
síos roimis sin agus adhrann sé é, agus bíonn sé ag guí chuige, agus deir sé: fuascail me mar is tu
mo dhia. 18 Ní aithníd siad, ná ní thuigid siad: óir tá a súile clúdaithe i dtreó ná feicfidís, agus ná
tuigfidís lena gcroí. 19 Ní bhreithníd ’na n-aigne, ná ní heól dóibh, ná ní chuímhníd siad ar a rá: do
dhós cuid de sa tine, agus do bhácalas mo chuid aráin ar a sméaróidíbh. Do róstas feóil agus
d’itheas, agus an amhlaidh a dhéanfad íodal den méid a fágadh? An amhlaidh a chaithfead me féin
ar an dtalamh os cómhair bluic adhmaid! 20 Tá cuid de ’na luaith. Tá a chroí gan chiall dhá adhradh
agus ní shábhálfaidh sé a anam, ná ní déarfaidh sé: b’fhéidir go bhfuil bréag im láimh dheis agam.

21 Cuímhnigh ar na nithibh sin, a Iacoib, agus a Israél, óir is seirbhíseach dómhsa thusa. Is me do
chúm thu, is seirbhíseach dom tu, a Israél, ná dearúid me. 22 Do ghlanas amach do mhallaitheachtaí
ar nós scamaill, agus do pheacaí ar nós ceóigh. Iompaigh chúm tar n-ais mar táim tar éis thu ’
dh’fhuascailt. 23 Bídh ag moladh, a spéartha óir tá trócaire déanta ag an dTiarna, bídh ag liúirigh le
háthas, a imealla an domhain. Deinidh fuaim ag moladh, a shléibhte, thusa, a fhoraois, agus gach
crann dá bhfuil ann, óir tá Iacob fuascailte ag an dTiarna, agus glóireófar Israél.

24 Seo mar adeir an Tiarna, t’fhuascaltóir agus do dhéantóir ón mbroínn: Is mise an Tiarna a
dheineann gach ní, an té amháin do leathann amach na spéartha, do dhaingníonn an talamh, agus níl
aon im theannta. 25 Is me ’ chuireann ar neamhní cómharthaí lucht fáistine, agus a chuireann lucht
feasa ar buile. Is me a dh’iompaíonn siar lucht eagna agus do chuireann a gcuid eólais ar mearaí.
26 Is me a thógann suas briathar mo sheirbhísigh, agus a chuireann chun cínn cómhairle mo
theachtairí, adeir le Ierúsalem: Beidh lucht cónaithe ionat; agus le cathrachaibh Iúda: curfar suas
sibh; agus tógfad suas a n-uaigneasa. 27 Is me an té adeir leis an ndoimhneas: bí uaigneach, agus
triomód suas t’aibhní. 28 is me adeir le Cúros: Is tu m’aeire, agus déanfair gach ní a thaithneann
liom. Is me adeir le Ierúsalem: curfar suas tu: agus leis an dteampall: curfar ar do bhunaibh thu.

## Caib. Cheithre Dheich a Cúig

*Targaireacht i dtaobh Chúrois, in' fhigiúir ar Chríost, árdfhuascaltóir pobail Dé.*

1 Seo mar adeir an Tiarna lem Chúros úngtha gur rugas ar láimh dheis air, chun na ngeinte os a chómhair do chloí agus chun drom ríthe d'iompáil, agus chun na ndóirse d'oscailt os a chómhair, agus na ngeataí ná dúnfar. 2 Beadsa ag gabháil rómhat amach ag úmhlú daoine móra an domhain. Brisfead 'na mbloghaibh na geataí práis agus brisfead na sabhanna iarainn. 3 Tabharfad duit stórasa atá fé cheilt agus saibhreas atá i bhfolach in áiteannaibh príobháideacha, i dtreó go mbeidh ' fhios agat gur mise an Tiarna atá ag glaoch as t'ainm ort, Dia Israél. 4 Is fíor go bhfuil glaeite agam as t'ainm ortsa ar son mo sheirbhísigh Iacob agus ar son Israel a thoghas. Dheineas samhaltas díot agus níor aithnís me. 5 Is mise an Tiarna agus níl mo mhalairt ann. Níl aon dia ach me. Do chriosas tusa agus níor chuiris aithne orm: 6 ionas go mbeidh ' fhios acu san atá ó éirí na gréine, agus acu san atá ón iarthar, ná fuil éinne ach amháin mise. Mise an Tiarna agus níl mo mhalairt ann. 7 Is me a chumann an solas, agus a chruthaíonn an doircheacht, a dheineann síocháin agus a chruthaíonn olc[1]: Mise an Tiarna a dheineann an uile ní. 8 Scaoilidh drúcht anuas, a spéartha, agus fearaidís na scamaill an fíoraon. Oscaltar an talamh agus péacadh sé amach slánaitheóir, agus tagadh fíoraontacht aníos san am gcéanna. Is mise an Tiarna do chruthaigh é.

9 Is mairg don té do labhrann in aghaidh a dhéantóra, sligrín de sna potaíbh cré. An amhlaidh adéarfaidh an chré leis an té atá dhá cumadh: cad 'tá agat á dhéanamh agus tá do chuid oibre gan lámha? 10 Is mairg don té adeir len' athair: cad fáth go ndeineann tú? agus leis an mnaoi: cad fáth go mbeireann tú clann? 11 Seo mar adeir an Tiarna, Aon-Naofa Israél, a dhéantóir: fiafraídh díomsa i dtaobh nithe le teacht. Tugaidh órdú dhom i dtaobh mo chlainne, agus i dtaobh oibre mo lámh. 12 Do dheineas an domhan: agus chruthaíos an duine ann. Is í mo lámh do leath amach na spéartha, agus tá smacht curtha agam ar a slua uile.

13 Do thógas suas é chun fíoraontachta, agus stiúród a shlite go léir. Cuirfidh sé suas mo chathair, agus scaoilfidh sé mo chimeacha, ní ar fhuascailt ná ar bhronntanaisíbh, adeir Tiarna Dia na sló. 14 Seo mar adeir an Tiarna: Saothar na hÉigipte, agus ceannaíocht Etiópia agus Shabaim, tiocfaid fir árda anall chút, agus beid siad agat. Beid siad ag siúl it dhiaidh, beid siad ag gluaiseacht ceangailte le cuíbhreachaibh: agus adharfaid siad thu agus beid siad ag guí chút. Ionatsa amháin atá Dia agus níl aon Dia ach tu. 15 Go fíor is Dia fé cheilt tu, Dia Israél an Slánaitheóir.

16 Táid siad go léir ar mearaí agus náire orthu: táid lucht earráid a cheapadh imithe i dteannta ' chéile ar mearaí. 17 Tá Israél sábhálta sa Tiarna le slánú síoraí. Ní bheidh sibhse ar mearaí, agus ní bheidh náire oraibh go deó deó. 18 Óir seo mar adeir an Tiarna do chruthaigh na spéartha, Dia féin do chúm an chruinne agus do dhein í, a déantóir féin; ní hin aistear a chruthaigh sé í: do chruthaigh sé í chun go ndéanfí cónaí uirthi. Mise an Tiarna agus níl aon chruthaitheóir eile. 19 Ní fé rún do labhrais, in áit dhorcha den chruinne. Ní duart le síol Iacoib: bídh 'om lorg in aistear. Is me an Tiarna do labhrann ceart, d'ínseann nithe atá ceart.

20 Cruinnídh sibh féin, agus tagaidh, agus tagaidh i bhfogas in éineacht, sibhse atá slánaithe de sna Geintibh. Níl aon eólas acu san a bhíonn ag cur adhmaid a rudaí snoite suas, agus ag guí chun an dé ná féadann sábháil. 21 Ínsidh agus tagaidh agus glacaidh cómhairle a chéile: cé hé aduairt so ó thosach, do targair sé ón uair úd? Nách mise an Tiarna, agus níl aon dia eile ach me, Dia ceart agus

1 Caib. 45. véar. 7. "*Cruthaím olc*", .i. uilc agus cruatan an phionóis a curtar ar dhaoine. Ach ní cruthaím olc an pheaca.

slánaitheóir agus gan aon dia eile ach me? 22 Iompaídh chúmsa agus sábhálfar sibh, a imealla uile
an domhain, óir is me Dia agus níl aon Dia eile ann. 23 Tá dearbhaithe agam dar me féin, raghaidh
briathar an chirt amach as mo bhéal agus ní thiocfaidh sé thar n-ais, 24 óir is chúm a feacfar gach
glúin, agus do dhearbhóigh gach teanga. 25 Uime sin adéarfaidh sé: Sa Tiarna atá mo cheartanna
agus m'ímpireacht: tiocfaid siad chuige, agus curfar ar mearaí gach a ngeóbhaidh 'na choinnibh.
26 Sa Tiarna is ea do saorfar agus do molfar sliocht Israél uile.

**Caib. Cheithre Dheich a Sé**

*Íodail Bhabiloin le hídiú. Slánú dhá ghealllúint trí Chríost.*

1 Tá Bel briste. Tá Nebo ídithe. Táid a n-íodail curtha ar bheithíochaibh agus ar áirnéis, úr n-ualaí is
mór meáchaint agus is trom go tuirsiú. 2 Táid siad ídithe briste i dteannta ' chéile. Níor fhéadadar
an té a bhí dhá n-iompar do shábháil agus beid siad féin ag imeacht i mbraighdineas.

3 Éistidh liomsa, a theaghlach Iacoib, a iarsma uile teaghlaigh Israél, sibhse atá dúr n-iompar im
innídh, dúr mbreith im broínn agam. 4 Agam féin go dtí (úr) seanaois. Agus chun go liathadh
(dhíbh) a bheidh mé ag úr n-iompar. Do dheineas sibh, agus iompród: béarfad liom agus sábhálfad.
5 Cé leis gur shamhlabhair me, agus gur chuireabhair ar aon dul me, agus gur chuireabhair i
gcúmparáid me, agus gur chuireabhair i gcosmhalacht me? 6 Sibhse a thugann uaibh óir amach as
an mála, agus a bhíonn ag meá airgid amach i scálaibh, agus ag réiteach le gabha óir chun dé '
dhéanamh, gus titid siad anuas agus adhraid. 7 Beirid siad ar a nguaillibh leó é dhá iompar agus
cuirid siad in' inead féin é, agus seasóidh sé agus ní chuirfidh sé cor de. 'Sea agus nuair a bheidh
siad ag éamh chuige, leis, ní aireóidh sé iad: ní saorfaidh sé a cruatan iad:

8 Cuímhnídh air sin agus bíodh náire oraibh: casaidh, a lucht iomarbhais, go croí. 9 Cuímhnídh ar
an an aois roimhe seo, óir is mise is Dia ann agus níl mo mhalairt de Dhia ann, ná níl aon is
cosmhail liom: 10 Taispeánaim ó thosach na nithe a bheidh ann sa deireadh; agus ó aimsiribh ársa
nithe nár deineadh fós, agus deirim: Seasóidh mo bheartú, agus déanfar mo toil go léir. 11 Glaeim
ar éan ón oirthear, agus ar fhear mo toile féin, agus tá labhartha agam aus cuirfead chun cínn: tá
cruthaithe agam agus déanfad é. Éistidh liom a lucht an chroí chruaidh atá i bhfad ón
bhfíoraontacht. 12 Tá m'fhíoraontacht tabhartha agam in achomaireacht, ní bheidh sí i gcéin: agus
ní dhéanfaidh mo shlánú ríghneas. Tabharfad slánú i Síon, agus mo ghlóire in Israél.

**Caib. Cheithre Dheich a Seacht**

*Breith Dé ar Bhabilon.*

1 Tar anuas. Suigh sa luaithrigh, a inín óigh Bhabiloin, suigh ar an dtalamh. Níl aon chathaoir ríoga
ann d'inín na gCaldéach, óir ní glaofar ort a thuilleadh bog agus maoth. 2 Glac bró agus bí ag meilt
mhine. Nocht do náire. Bain an clúdach ded ghuaillibh. Nocht do chosa agus goibh thar na
haibhníbh. 3 Bainfar an clúdach ded nochtacht agus chífar do náire. Déanfadsa díoltas, agus ní
chuirfidh aon fhear im choinnibh. 4 Ár slánaitheóir, Tiarna na sló is ainm do, Aon-Naofa Israél.
5 Suighse ciúin, agus imigh leat féin isteach i ndoircheacht, a inín na gCaldéach, óir ní tabharfar
ríogan na ríocht ort a thuilleadh. 6 Bhí fearg ormsa chun mo dhaoine. Do thruaillíos m'oidhreacht.
Thugas isteach id láimh duitse iad. Níor thaispeánais aon trua dhóibh. Chuiris do chuíng go hana-
throm ar an aosta. 7 Agus dúraís: bead im ríogan choíche. Níor chuiris na nithe seo led chroí. Agus
níor chuímhnís ar do chrích dheirineach. 8 Agus éist anois leis na nithibh seo, thusa atá go bog,

agus a chónaíonn go muiníneach, agus adeir id chroí: Táim ann, agus níl einne eile ach me: Ní bhead im shuí im bainntrigh agus ní chuirfead aithne ar aimrideacht. 9 Tiocfaidh an dá ní seo ort go hobann aon lá amháin, .i. aimrideacht agus bainntreachas. Tá gach aon rud tagaithe ort mar gheall ar iomad na n-asarlaíocht a dheinis, agus mar gheall ar chruadas uathásach do lucht deismireachta. 10 Agus bhí do mhuinín agat as do mhallaitheacht féinig, agus deirthá: Níl éinne do chíonn me. Do chuid eagna agus do chuid eólais, sin é a mheall thu. Agus deirthá id chroí: táim ann, agus im éaghmais níl éinne eile. 11 Tiocfaidh olc ort agus ní bheidh ’ fhios agat cad as go n-éireóidh sé: agus titfidh tiubaist ort go láidir, agus ní bheidh ar do chumas é ’ chimeád díot. Tiocfaidh ort go hobann léan nách eól duit. 12 Seasaimh anois i dteannta do lucht deismireachta agus (bí ag brath) ar iomad na n-asarlaíocht a dheintá, go bhfuilir dhá n-oibriú ó t’óige, féachaint an ndéanfaidís aon tairbhe dhuit, nú an dtiocfadh aon bhreis nirt ionat. 13 Tá caillte ort i líonmhaireacht do bheartúchán. Seasaíodh do réaltóirí anois agus sábhálaidís thu, iad san a bhíodh ag faire ar na réiltíníbh, agus ag cómhaireamh na míos, chun go neósfaidís duit, uathu san, na nithe atá le teacht chút. 14 Féach is cuma iad nú coínleach. Do loisc tine iad. Ní fhuasclóid siad iad féin ó chómhacht na lasrach: níl sméaróidí ann lena dtéifidís iad féin; ná tine go bhféadfaidís suí ’na haice. 15 Sin mar atá iompaithe amach duit ag na nithibh sin uile go bhfuarais a ndua. Do lucht gnóthaíochta ó t’óige tá gach duine acu imithe amú ’na shlí féin. Níl éinne ábalta ar tu ’ shábháil.

**Caib. Cheithre Dheich a hOcht**

*É ag imdheargadh na nGiúdach mar gheall ar a stuacacht. Fuasclóidh sé iad as a mbraighdineas ar son a ainme féinig.*

1 Éistidhse leis na nithibh seo, a theaghlach Iacoib, sibhse ar a dtugtar Israél mar ainm agus do tháinig amach a huisceachaibh Iúda, sibhse a bhíonn ag dearbhú dar ainm an Tiarna, agus ag trácht ar Dhia Israél agus nách i bhfírinne é, ná i bhfíoraontacht.

2 Óir ainmnítear ón gcathair naofa iad agus táid siad suíte ar Dhia Israél. Tiarna na sló is ainm do.

3 D’ínseas na céad nithe fadó, agus chuadar as mo bhéal amach, agus chuireas dá gcloisint iad. Do dheineas iad go hobann agus thánadar chun cínn. 4 Óir bhí ’ fhios agam tusa ’ bheith stuacach, agus is cuma do mhuineál nú lúth iarainn, agus tá t’éadan mar ’ bheadh prás. 5 Do thargaireas duit fadó. Sara dtánadar chun cínn d’ínseas duit, sara ndéanfá: is iad m’íodail a dhein na nithe sin, agus, is iad mo rudaí snoite agus mo rudaí leachta d’órdaigh iad. 6 Féach anois na nithe go léir a dh’airís: ach ar ínsis iad? Tá nithe nua taispeánta agamsa dhuit ón aimsir sin, agus tá nithe nách eól duit dá gcimeád. 7 Anois a cruthaíodh iad agus ní fadó: agus roimis an lá nuair nár airís-se iad, sara ndéarfá: féach dob eól dom iad. 8 Níor airís ná níorbh eól duit, ná ní raibh do chluas oscailte fadó. Óir is eól dómhsa, ag déanamh iomarbhais duit go mbeidh tú ag déanamh iomarbhais, agus thugas ort iomarbhasóir ón mbroínn. 9 Ar son m’ainmse aistreód m’fhearg i bhfad. Agus ar son mo mholta cuirfead srian ort sara raghfá ar ceal. 10 Féach do ghlanas tu, ach ní har nós airgid é. Do thoghas tu i bhfúirnéis an dealúis. 11 Ar mo shon féin, ar mo shon féin a dhéanfad é, i dtreó ná déanfar diamhasla orm: agus ní thabharfad mo ghlóire do chách eile.

12 Éist liom, a Iacoib, agus tusa, a Israél ar a bhfuilim ag glaoch: Is mise é, Is mise atá ann. Is me atá ar tosach agus ar deireadh. 13 Is í mo lámh, leis, do chuir an domhan ar a bhunaibh, agus is í mo lámh dheas do thomhais na spéartha. Glaofad orthu agus seasóid siad in éineacht. 14 Cruinnídh sibh féin i dteannta ’ chéile, sibhse uile a dh’airíonn: cé hé ar a measc san a dh’inis na nithe seo? Thug an Tiarna grá dho. Déanfaidh sé a thoil i mBabilon, agus beidh a chuisle ar na Caldéachaibh.

15 Mise, mise féin do labhair agus do ghlaeigh air. Do thugas liom é agus tá an t-ádh curtha ar a
shlí. 16 Tagaidh i ngar dom agus cloisidh so: ní fé cheilt a labhras ó thosach: ón aimsir sarar
deineadh é do bhíos ann, agus anois tá an Tiarna Dia tar éis me ’ chur uaidh, agus a sprid.

17 Seo mar adeir an Tiarna do shlánaitheóir, Aon-Naofa Israél: Is mise do Thiarna Dia atá ag
múineadh nithe tairbheacha dhuit, atá dhot rialú sa tslí ’na bhfuilir ag siúl. 18 Is trua nár thugais aire
dom aitheantaibh! Bheadh do shíocháin ar nós abhann, agus t’fhíoraontacht mar thonnthacha na
farraige, 19 agus bheadh do shíol ar nós na gainímhe, agus sliocht t’inní ar nós a gairbhéil: ní
bheadh a ainm imithe ar ceal, ná ídithe a láthair mo ghnúise.

20 Tagaidh amach a Babilon. Teithidh ó sna Caldéachaibh. Ínsidh é le guth áthais. Cuiridh so dá
chloisint, agus labhraidh amach é chómh fada le himeallaibh an domhain. Abraidh: D’fhuascail an
Tiarna a sheirbhíseach Iacob. 21 Ní raibh tart orthu san uaigneas nuair a sheól sé amach iad. Thug
sé uisce amach as an gcarraig dóibh, agus do scoil sé an charraig agus do ghluais na huisceacha
amach. 22 Níl aon tsíocháin do lucht mallaitheachta, adeir an Tiarna.

**Caib. Cheithre Dheich a Naoi**

*Tabharfaidh Críost na geinte chun a slánaithe. Tá grá Dé dá eaglais bithbhuan.*

1 Tugaidh cluas, a oileána, agus cloisidh, a phobal thar lear. Tá glaeite orm ag an dTiarna ón
mbroínn. Tá cuímhne aige ar m’ainm ó inníbh mo mháthar. 2 Agus tá mar ’ bheadh claíomh géar
déanta aige dem béal: I scáth a lámha atáim cúmhdaithe aige, agus tá saíghead tofa déanta aige
dhíom. Táim curtha i bhfolach aige ’na thaisce. 3 Agus duairt sé liom: Is tusa mo sheirbhíseach
Israél, óir is asatsa a bhead ag maíomh. 4 Agus duartsa: Tá mo dhua in aistear. To mo neart caite
agam gan chúis agus in aistear. Dá bhrí sin is ag an dTiarna atá mo bhreithiúntas, agus is ageam
Dhia atá m’obair. 5 Agus anois deir an Tiarna do chúm me ón mbroínn chun bheith im
sheirbhíseach aige i dtreó go dtabharfainn Iacob thar n-ais chuige, agus ní cruinneófar Israél le
chéile, agus tá glóire fálta agam i súilibh an Tiarna, agus is é mo Dhia atá ’na neart agam, 6 agus
duairt sé: Is rud suarach tu ’ bheith id sheirbhíseach agam chun treabh Iacoib do thógáilt suas, agus
chun dríodar Israél do chasadh. Féach, taoi tabhartha agam chun bheith id sholas do sna geintibh,
ionas go mbeir id shlánú dhom chómh fada le fíorimeallaibh an domhain.

7 Seo mar adeir an Tiarna, slánaitheóir Israél, a Aon-Naofa, leis an anam atá fé tharcaisne, leis an
náisiún atá fé ghráin le seirbhíseach rialtóirí: Chífid ríthe, agus éireóid priúnsaí suas, agus adharfaid
siad ar son an Tiarna, mar tá sé dílis, agus mar gheall ar Aon-Naofa Israél, a dhein thusa do
thoghadh. 8 Seo mar adeir an Tiarna: In aimsir thaithneamhach is ea d’éisteas leat, agus i ló an
tslánaithe do chabhraíos leat, agus do shábháls tu, agus thugas tu chun bheith id chonnradh don
phobal, i dtreó go ndéanfá an domhan d’árdú suas, agus go sealbhóthá na hoidhreachtaí do loiteadh,
9 I dtreó go ndéarfá leó san atá ceangailte: tagaidh amach, agus leó san atá sa doircheacht:
taispeánaidh sibh féin. Beid siad ag ithe in sna slitibh agus beidh a bhfósaíocht ar gach machaire.

10 Ní bheidh ocras orthu ná tart, ná ní bhuailfidh teas ná grian iad: óir is é an té atruach dóibh a
bheidh mar aeire acu, agus beidh sé ag tabhairt dí dhóibh ag na toibreachaibh uisce, 11 agus
déanfadsa slí dem chnucaibh go léir, agus beid mo slite árdaithe. 12 Féach, beid siad so ag teacht ón
imigéin, agus féach beid siad san ag teacht aduaidh, agus ón muir agus ón dtír theas. 13 Tugaidh
moladh, a spéartha, dein maíomh, a thalamh, bídh ag moladh go mórálach, a shléibhte, óir tá sólás
curtha ag an dTiarna ar a phobal, agus déanfaidh sé trócaire ar a lucht dealúis.

14 Agus duairt Síon: do thréigh an Tiarna me, agus do dhearúid an Tiarna me. 15 An féidir do mhnaoi a leanbh do dhearúd, agus gan trua ’ bheith aici do mhac a broinne? Agus dá ndeineadh sí an dearúd san ní dhéanfadsa dearúd díotsa. 16 Féach, taoi geárrtha agam ar mo dheárnachaibh. Bíd t’fhallaí os cómhair mo shúl de shíor. 17 Táid t’fhuirinitheóirí tagaithe. An mhuíntir atá ’od lot agus ’od mhilleadh imeóid siad amach asat. 18 Árdaigh do shúile agus féach id thímpall, agus féach orthu san atá cruinnithe i dteannta ’ chéile. Is chútsa atáid siad tagaithe. Mar is beó mise, adeir an Tiarna, clúdófar thu leó san go léir mar a clúdófí thu le hórnáid, agus cuirfir id thímpall, iad mar ’ dhéanfadh nuachar. 19 Óir beidh t’uaigneasaí, agus t’áiteanna folmha, agus talamh do dhíthe, róchúng feasta, mar gheall ar an lucht cónaithe, agus an mhuíntir a bhíodh ’od slogadh suas ruagfar chun siúil iad. 20 Clann t’aimrideachta dhá rá leat fós isteach id chluasaibh: tá an áit róchúng dom. Dein slí dhom chun cónaithe. 21 Agus beirse dhá rá id chroí: Cé ’ ghein iad so? Bhíos-sa im aimrid agus níor rugas clann. Do seóladh chun siúil me agus bhíos i mbraighdineas: agus cé ’ thóg iad so? Bhíos-sa in easpa agus im aonar, agus iad so, cá rabhadar?

22 Seo mar adeir an Tiarna Dia: Féach, ardódsa suas mo lámh chun na nGeinte, agus cuirfead suas mo bhratach do sna daoine agus beid siad ag tabhairt do mhac leó ar a mbaclannaibh, agus ag iompairt iníonacha ar a nguaillibh. 23 Agus beidh ríthe ’na n-aithreachaibh oiliúna agat, agus ríogana ’na mbanaltraibh agat. Beid siad ’ot onórú agus a n-aghaidh ar an dtalamh acu, agus beid siad ag líorac ceóigh do chos. Agus beidh ’ fhios agat gur mise an Tiarna, óir ní bheidh mearaí ar an muíntir atá ag feitheamh leis. 24 An dtógfar an fhoghail ón láidir? Nú an rud a thóg an cómhachtach an féidir é ’ dh’fhuascailt? 25 Óir seo mar adeir an Tiarna: go deimhin le fírinne, béarfar an braighdineas chun siúil ón láidir, agus an rud a thóg an cómhachtach fuasclófar é. Ach tabharfadsa breith ar an muíntir a thug breith ortsa, agus sábhálfad do chlann, 26 agus tabharfad a gcuid feóla féin le n-ithe dod namhaid, agus beid siad ar meisce óna gcuid fola féinig, mar a bheidís ó fhíon nua: agus beidh ’ fhios ag gach feóil gur mise an Tiarna atá ’ot shábháilse, agus gur me do Shlánaitheóir, Aon-Chómhachtach Iacoib.

**Caib. a Caogad**

*An tsionagóg le díbirt mar gheall ar a mallaitheachtaíbh. Críost chun pianta agus tarcaisne d’fhulag ar a son.*

1 Seo mar adeir an Tiarna: cad é an bille díbeartha é seo ata ag úr máthair, an bille lenar chuireas uaim í? nú cé hé m’éilteóir, gur dhíolas sibh leis? Féach, do díoladh sibh mar gheall ar úr ndrochghníomhartha, agus is mar gheall ar úr mallaitheachtaíbhse do chuireas úr máthair chun siúil.
2 Óir do thánag agus ní raibh fear ann: do ghlaos agus ní raibh duine do chloisfeadh. Ar ciorraíodh mo lámh, nú ar laíodaíodh í, i dtreó nách féidir dom fuascailt? Nú an amhlaidh ná fuil aon neart ionam chun fuascalta? Féach, le m’imdheargadh déanfad uaigneas den mhuir, déanfad talamh tirim de sna haibhníbh. Lobhfaid na héisc le heaspa uisce agus gheóbhaid siad bás den tart. 3 Clúdód na spéartha le doircheacht, agus cuirfead éadach ruainnigh mar chlúdach orthu.

4 Tá teanga léannta tabhartha ag an dTiarna dhom, ionas gurb eól dom an té atá tuirseach do chimeád suas le briathar; dúisíonn sé me ar maidin, ar maidin a dhúisíonn sé mo chluas, i dtreó go n-éistfinn leis ’na mháistir. 5 Tá mo chluas oscailte ag an dTiarna Dia agus ní chuirim ’na choinnibh. Níor chuas i ndiaidh mo chúil. 6 Thugas mo chorp do sna buailteóiríbh agus mo leicne don lucht a stathadh iad. Níor iompaíos m’aghaidh i leataoibh ó lucht m’imdheargtha, agus seilí ’ chaitheamh orm. 7 Is é an Tiarna mo chabharthóir, uime sin níl mearaí orm. Uime sin tá m’aghaidh

socair agam mar ’ bheadh carraigh chruaidh agus tá ’ fhios agam ná beidh mearaí orm. 8 Tá mo cheartaitheóir in aice liom, cé ’ dhéanfaidh coímheascar liom? Seasaímís le chéile. Cé hé atá im choinnibh? Tagadh sé i ngar dom. 9 Féach, is é an Tiarna Dia mo chabharthóir, cé hé do dhéanfaidh me ’ dhaoradh? Féach, ídeófar iad ar nós éadaigh. Íosfaidh an leamhan iad.

10 Cé hé dhíbhse go bhfuil eagla an Tiarna air, atá ag éisteacht le guth a sheirbhísigh, atá tar éis bheith ag siúl i ndoircheacht, agus ná fuil aon tsolas aige? Bíodh a mhuinín aige as ainm an Tiarna, bíodh sé ag brath ar a Dhia. 11 Féach sibhse go léir a dh’adaíonn tine, agus go bhfuil lasracha ’núr dtímpall, bídh ag siúl i solas úr dtine, agus in sna lasrachaibh a dh’adabhair. Lem láimhse atá san déanta libh, beidh sibh ag codladh i ndoghrainníbh.

**Caib. Chúig Dheich a hAon**

*Cómhairle chun muiníne a Críost. Cosnóidh Críost clann na heagailse.*

1 Tugaidh cluas dómhsa, sibhse do leanann an ní atá ceart, agus sibhse atá ag lorg an Tiarna: Féachaidh chun na carraige dár gearradh sibh, agus chun poíll na claise as ar baineadh amach sibh,
2 féachaidh chun Ábrahaim, úr n-athair, agus chun Sara do thug ar an saol sibh. Óir do ghlaos air in’ aonar, agus chuireas mo bheannacht air, agus chuireas i líonmhaireacht é. 3 Cuirfidh an Tiarna, dá bhrí sin, sólás ar Shíon, agus cuirfidh le sólás ar a lotaibh uile: agus déanfaidh sé a huaigneas mar ’ bheadh inead áthais, agus a fiantas mar ’ bheadh gáirdín leis an dTiarna, beidh sé le fáil ann áthas agus gáirdeachas, breith bhaochais, agus glór mholta. 4 Éistidh liomsa, a phobal liom, agus tugaidh cluas dom, a threabha liom, óir raghaidh dlí amach uaim, agus fanfaidh mo bhreith ar a suaimhneas chun bheith ’na solas ag na poblaibh. 5 Tá m’aoncheart in achomaireacht, tá mo shlánaitheóir imithe amach, agus tabharfad mo chuisleanna breith ar na poblaibh. Beid na hoileáin ag tnúth liom agus ag feitheamh go foighneach lem chuislinn. 6 Tógaidh úr súile suas chun na spéire, agus féachaidh síos ar an dtalamh atá thíos. Raghaid na spéartha ar neamhní ar nós deataigh, agus ídeófar an talamh mar a hídítear ball éadaigh, agus raghaidh a lucht cónaithe ar ceal mar an gcéanna: ach beidh mo shlánúsa síoraí, agus ní raghaidh dem fhíoraontacht. 7 Éistidh liom, sibhse gurb eól díbh an ceart, a phobal liom, go bhfuil mo dhlí ’núr gcroí agaibh. Ná bíodh eagla agaibh roim tharcaisne daoine, agus ná bíodh eagla agaibh roimena ndiamhaslaíbh. 8 Óir íosfaidh an phiast iad ar nós éadaigh: agus ídeóidh an leamhan iad ar nós olla, ach beidh mo shlánúsa síoraí, agus m’fhíoraontacht ó shliocht go sliocht.

9 Éirigh, éirigh, cuir umat neart, a chuisle an Tiarna. Éirigh mar a dheinis in sna laethibh fadó, in sna sleachtaibh ársa. Nár bhuailis aon an uabhair, agus nár ghoinis an *dracon*? 10 Nár thriomaís
suas an mhuir, uisce an doimhnis chómhachtaigh, nuair a dheinis bóthar de dhoimhneas na farraige, i dtreó go bhféadfadh an mhuíntir a fuascladh gabháil anonn? 11 Agus anois tiocfaid an mhuíntir atá fuascalta ag an dTiarna thar n-ais, agus tiocfaid siad isteach i Síon ag cantainn mholta, agus aoibhneas síoraí ar a gceannaibh. Gheóbhaid siad áthas lúcháir. Imeóid buairt agus brón chun siúil.

12 Mise, mise féin a chuirfidh sólás oraibh: Cé hé thusa go mbeadh eagla agat roime dhuine. A gheóbhaidh bás nú roime mhac duine d’feóchfaidh ar nós an fhéir? 13 Agus dearúd déanta agat den Tiarna, do dhéantóir, an té do leath amach na spéartha agus do chuir an domhain ar a bhunaibh. Agus tá eagla ort i gcónaí, an lá go léir, roim fheir an té a bhí ’ot chrá, agus a bhí dhá ollmhú féin chun tu ’ dh’ídiú. Ca bhfuil fearg an chéastóra anois? 14 Tiocfaidh go luath an té atá ag teacht ag oscailt, agus ní dhéanfaidh sé marú chun íde ar fad, ná ní raghaidh dá chuid aráin. 15 Ach is mise do Thiarna Dia, do bhuaireann an fharraige, agus go n-ataid a tonnthacha. Tiarna na sló is ainm dom.

16 Táid mo bhréithre curtha id bhéal agam, agus do chosnas tu fé scáth mo lámha, ionas go gcurfá na spéartha ’na seasamh, agus an domhan ar a bhunaibh, agus go ndéarfá le Síon: Is tusa mo phobal.

17 Éirigh, éirigh, seasaimh suas, a Ierúsalem. Tá cupán a fheirge ólta agat ó láimh an Tiarna. Tá ólta go tóin agat a cupán an tsuain mhairbh, agus d’ólais go dtí an dríodar féin. 18 As ar thug sí ar an saol de chlaínn níl éinne ábalta ar í ’ chimeád suas, agus níl éinne den chlaínn go léir a thóg sí ábalta ar bhreith ar láimh uirthi: 19 Tá dhá ní atá imithe ort; agus cé air go mbeidh buairt mar gheall ort? Léirscrios, agus íde, agus gorta, agus an claíomh, cé ’ chuirfidh sólás ort? 20 Táid do chlann caite amach. Do chodladar ag ceann na slite go leir, ar nós an daimh fhiain atá gaistithe: lán de dhíbheirg do Thiarna, d’imdheargadh ód Dhia. 21 Dá bhrí sin* éist leis seo, a chailín bhig bhoicht, atá ar meisce agus nách le fíon é. 22 Seo mar adeir do rialtóir, do Thiarna agus do Dhia, an té do throidfidh ar son a phobail; féach, tá cupán an mharbhshuain tógtha as do láimh agam, dríodar chupáin mo dhíbheirge, ní ólfair arís é a thuilleadh, 23 agus cuirfead é i láimh na muíntire a bhí ag brú go dian ort, agus adeireadh leat: crom síos thu féin go dtéimíd anonn, agus do chuiris do chorp ar nós an tailimh, agus mar shlí dhóibh sin a bhíodh ag dul anonn.

**Caib. Chúig Dheich a Dó**

*Fé figiúir* na fuascalta ó bhraighdineas Bhabiloin iarrthar ar an eaglais gáirdeachas do dhéanamh mar gheall ar a fuascailt féin ón bpeaca. Ríocht Chríost le hárdú.*

1 Éirigh, éirigh, cuir umat do neart, a Shíoin, cuir umat éidí do ghlóire a Ierúsalem, a chathair an Aein-Naofa. Óir as so amach ní gheóbhaidh neamhthímpallgheárrtha ná neamhghlan tríot a thuilleadh. 2 Croith thu féin as an gceó. Éirigh, suigh suas, a Ierúsalem. Scuir na ceanglacha ded mhuineál. a bhraighdiníon Shíoin. 3 Óir seo mar adeir an Tiarna, Is in aisce do díoladh sibh, agus is gan airgead a ceannófar (fuasclófar) sibh. 4 Óir seo mar adeir an Tiarna Dia: Do chuaigh mo phobal síos san Éigipt i dtosach chun tréimhse do chaitheamh ann: ansan do luigh an tAssuíriánach trom orthu gan aon chúís in aon chor. 5 Agus anois cad ’tá agam anso, adeir an Tiarna: óir táid mo dhaoine tógtha chun siúil in aisce. Tá an mhuíntir atá os a gcionn ag déanamh éagóra orthu, adeir an Tiarna, agus tá diamhasla dá thabhairt dom ainm coitianta i gcaitheamh an lae go léir. 6 Dá bhrí sin aithneóidh mo dhaoine m’ainm sa ló san, óir féach táim féin anso, mise féin, an té do labhair.

7 Nách álainn ar na sléibhtibh iad cosa an té do thugann leis scéala maithe, agus do chraobhscaoileann síocháin; cosa an té do thaispeánann an mhaith, do chraobhscaoileann slánú, adeir le Síon: beidh do Dhia i réim! 8 Guth do lucht faire. Tá a nglór árdaithe acu. Beid siad ag moladh in éineacht. Óir chífid siad súil le súil nuair a dh’iompóidh an Tiarna Síon. 9 Bídh ag déanamh gáirdeachais agus ag moladh in éineacht, a uaigneasa Ierúsalem, óir tá sólás curtha ag an dTiarna ar a dhaoine, tá Ierúsalem fuascalta aige. 10 Tá a chuisle naofa curtha i dtreó ag an dTiarna i radharc na nGeinte go leir, agus chífid imealla an domhain uile slánú ár nDia. 11 Imídh, imídh, gabhaidh amach as so. Ná bainidh le haon ní neamhghlan, imídh amach as a lár. Bídh glan, sibhse, a bhíonn ag iompar árthaí an Tiarna. 12 Óir ní raghaidh sibh amach i gcallóid, ná ní dhéanfaidh sibh dithneas le teitheadh: óir raghaidh an Tiarna rómhaibh amach, agus cruinneóidh Dia Israél i dteannta ’ chéile sibh.

13 Féach tuigfidh mo sheirbhíseach, árdófar é, agus molfar go hárd é, agus beidh sé go han-árd. 14 Fé mar a bhí uathás ar a lán id thaobh, sin mar a bheidh a ghnúis gan glóire i measc fear, agus a chló i measc clainne daoine. 15 Déanfaidh sé crothadh ar mhórán náisiún. Dúnfaid ríthe a mbéal

uime: óir an mhuíntir nár hínseadh dóibh é ’na thaobh, do chonacadar: agus an mhuíntir nár airigh do chonacadar.

**Caib. Chúig Dheich a Trí**

*Targaireacht ar pháis Chríost.*

1 Cé ’ chreid ár dtuairisc? Agus cé dho go bhfuil cuisle an Tiarna foíllsithe? 2 agus éireóidh sé suas mar ’ bheadh gas lag os ár gcómhair, agus mar ’ bheadh préamh a talamh tartmhar: níl aon áilleacht ann, ná aon bhreáthacht, agus do chonacamair é, agus ní raibh aon dathúlacht ann, go mbeadh dúil againn ann. 3 É fé dhrochmheas, é ar an té ba shuaraí de dhaoinibh, ’na dhuine dhólásach, do chuir aithne ar easláine agus a ghnúis mar ’ bheadh sí fé cheilt agus fé tharcaisne, agus dá dheascaibh sin ná raibh meas againn air.

4 Is fíor gur iompair sé ár lagachair, agus gur ghoibh sé air féin ár ndólásaí, agus do mheasamair gur lobhar é ar
shlí, agus go raibh sé buailte ag Dia agus i nguais. 5 Ach do créachtaíodh é mar gheall ar ár mallaitheachtne, do brúdh é mar gheall ar ár bpeacaíbhne. Bhí smachtú ár síochánane air, agus trína bhascadh san is ea atáimídne leighiste. 6 Táimídne go léir imithe amú ar nós caeireach. Tá gach duine tar éis iompáil i leataoibh isteach ’na bhóthar féin; agus tá ár mallaitheacht go léir curtha anuas air sin ag an dTiarna. 7 Do hofráladh é mar dob é sin a thoil féinig, agus níor oscail sé a bhéal. Seólfar é ar nós caeireacht chun an éirligh, agus beidh sé chómh balbh leis an uan i láthair an té ’ bhíonn dhá bhearradh, agus ní osclóidh sé a bhéal. 8 Do tógadh chun siúil é ó chruatan agus ó bhreithiúnas. Cé hé do neósfaidh a geinealach? Óir tá sé geárrtha amach a talamh na mbeó: mar gheall ar mhallaitheacht mo dhaoine is ea do bhuaileas é. 9 Agus tabharfaidh sé an lucht neamhdhiaga ar a adhlacadh, agus an saibhir ar a bhás: óir níor dhein sé aon mhallaitheacht, ná ní raibh aon cheilg ’na bhéal.

10 B’é toil an Tiarna é ’ bhrú i lagachar: má thugann sé uaidh a anam ar son an pheaca chífidh sé sliocht fhaidshaolach, agus beidh toil an Tiarna rafar ’na láimh. 11 Toisc go bhfuair a anam dua, chífidh sé agus sásófar é: leis an eólas atá aige tabharfaidh an seirbhíseach fíoraonta so agam a lán chun fíoraontachta, agus iompróidh sé a mallaitheachtaí. 12 Da bhrí sin roinnfeadsa chuige a lán, agus roinnfidh seisean foghail na láidir, mar do thug sé suas a anam chun báis, agus do háiríodh é i measc lucht mallaitheachta: agus d’iompair sé peacaí a lán, agus do dhein sé guí ar son na mallaitheóirí.

**Caib. Chúig Dheich a Ceathair**

*Bhí na Geinte seasc ar dtúis ach beidh iomadú orthu in eaglais Chríost: agus ní imeóidh trócaire Dé choíche ón eaglais sin.*

1 Dein moladh, a aimrid ná beireann clann. Can amach moladh agus dein fothram áthais, thusa nár fhuilig teinneas clainne, óir is líonmhar iad clann na huaigní, níosa mhó ná clann na mná go bhfuil fear aici, adeir an Tiarna. 2 Leathnaigh amach áit do chábáin. Leath amach seithí do thaibearnacal. Ná spáláil, cuir led théadaibh. Neartaigh na postaí: 3 óir beidh tú ag dul ar aghaidh i leith na lámha deise agus i leith na lámha clé, agus beidh na Geinte ’na n-oidhreacht ageat shíol, agus déanfaid siad cónaí in sna cathrachaibh uaigneacha.

4 Ná bíodh eagal ort, óir ní bheidh mearaí ort ná ní lasfair le náire: óir ní curfar náire ort, mar
dearúdfair náire t'óige, agus ní chuímhneóir a thuilleadh ar asachán do bhainntreachta. 5 Óir an té a
dhein thu is é ' bheidh 'na rialtóir os do chionn. Tiarna na sló is ainm do; agus do Shlánaitheóir,
Aon-Naofa Israél, tabharfar air Dia an domhain go léir. 6 Óir tá glaeite ag an dTiarna ort it mhnaoi
a tréigeadh agus atá buartha i sprid, agus it mhnaoi a díbreadh, óna hóige, aduairt do Dhia.

7 I gcaitheamh neómait bhig do thréigeas tu, ach is le trócairíbh móra do chruinneód thu. 8 I neómat
feirge do chuireas m'aghaidh i bhfolach uait ar feadh tamaill bhig, ach le trócaire síoraí atá trócaire
déanta agam ort, aduairt an Tiarna, do Shlánaitheóir. 9 Is ionann an ní sin dómhsa agus i laethibh
Nóé, an té gur dhearbhaíos do ná tabharfainn uisceacha Nóé ar an ndomhan a thuilleadh: ar an
gcuma gcéanna, tá dearbhaithe agam gan bheith i bhfeirg leatsa agus gan tu ' dh'imdheargadh.
10 Óir suathfar na sléibhte agus beid na cnuic ag crith: ach ní scarfaidh mo thrócairese leatsa, agus
ní bogfar connradh mo shíochána, aduairt an Tiarna atá ag déanamh na trócaire ort. 11 A chailín
bhig bhoicht atá suaite ón stoirm, gan sólás ar bith cuirfeadsa do chlocha in eagar, agus cuirfead do
bhuínn 'na luí le saifíribh, 12 agus déanfad t'fhallaí cosanta de *iasper*, agus do gheataí de
chlochaibh snoite, agus do theóranna go léir de chlochaibh taithneamhacha. 13 Múinfidh an Tiarna
do chlann go léir, agus beidh síocháin ana-mhór ageat chlaínn.

14 Beidh tú ar do bhunaibh i bhfíoraontacht. Imigh i bhfad ó éagóir mar ní bheidh eagal ort, agus ó
scannradh, mar ní thiocfaidh sé it aice. 15 Féach tiocfaidh cónaitheach ná raibh agat. Dlúthfar leat
duine a bhí 'na dhuine iasachta agat roimhe sin. 16 Féach, tá cruthaithe agamsa an gabha a
shéideann na sméaróidí sa tine, agus a thugann leis amach a úirlis chun a oibre, agus tá an marfóir
cruthaithe agam chun íde ' dhéanamh. 17 Gach arm dá gcúmfar id choinnibh ní éireóidh leis; agus
gach teanga dá gcuirfidh id choinnibh i mbreithiúntas tabharfairse daorbhreith uirthi. Sin é
oidhreacht seirbhíseach an Tiarna, agus a bhfíoraontacht agamsa, adeir an Tiarna.

**Caib. Chúig Dheich a Cúig**

*Flúirse de ghrástaibh sprideálta ag Dia á gheallúint do lucht creidimh, as na náisiúnaibh go léir, ach go gcreidfid siad i gCríost agus go mbeid siad dílis do Chríost.*

1 Sibhse go léir go bhfuil tart oraibh tagaidh chun na n-uisceacha: agus sibhse ná fuil aon airgead
agaibh brostaídh, ceannaídh agus ithidh. Tagaidh. Ceannaídh fíon agus bainne, gan airgead, agus
gan aon rud a dhíol as. 2 Cad chuige dhíbh bheith ag caitheamh airgid ar rud nách arán, agus ag
caitheamh úr saothair ar rud ná sásaíonn sibh? Éistidh go cruínn liomsa, agus ithidh an rud is fónta
agus beidh aiteas ar úr n-anam le méithreas. 3 Cromaidh úr gcluas agus tagaidh chúm: cloisidh agus
mairfidh úr n-anam, agus déanfadsa connradh shíoraí libh trocairí dílse Dháivid. 4 Féach tá sé
tabhartha agam mar fhínné don phobal, mar stiúrthóir agus mar mháistir do sna Geintibh. 5 Féach
glaofair an náisiún ná raibh aithne agat orthu, agus beid geinte gan aithne ort ag rith ag triall ort,
mar gheall ar do Thiarna Dia, agus ar Aon-Naofa Israél, mar tá glóire tabhartha aige dhuit.

6 Loirgidh an Tiarna an fhaid is féidir é ' dh'fháil, glaeidh air an fhaid atá sé in achomaireacht.
7 Scaradh an drochdhuine lena shlí, agus an duine éagórtha lena smaointibh, agus casadh sé ar an
dTiarna, agus déanfaidh an Tiarna trócaire air, agus chun ár nDia; óir tá sé fial chun maithiúnachais
a thabhairt.

8 Óir ní hiad mo smaointese úr smaointese; ná hí hiad úr slithese mo shlitese, adeir an Tiarna. 9 Óir
mar is árd iad mo shlitese os cionn úr slitese, agus mo smaointese os cionn úr smaointese. 10 Agus

fé mar a thagann an fhearthainn, agus an sneachta anuas as an spéir agus ná téid siad thar n-ais ann a thuilleadh, ach go súnn an talamh iad agus go bhfliuchaid siad an talamh, agus go gcuirid siad ’ fhéachaint air fás do thabhairt, agus arbhar a thabhairt don tsíoladóir, agus arán don itheadóir, 11 sin mar a bheidh mo briatharsa, an briathar a thiocfaidh amach as mo bhéal: ní fhíllfidh sé thar n-ais* chúm folamh, ach déanfaidh sé pé ní is toil liom, agus beidh an rath air in sna nithibh agus chúthu do chuireas uaim é. 12 Óir beidh sibh ag dul amach fé áthas agus seólfar ar aghaidh sibh le síocháin: beid na sléibhte agus na cnuic ag cantainn mholta rómhaibh, agus beidh craínn uile na dútha ag bualadh a mbas. 13 Beidh an crann giúise ag fás in inead na sceiche, agus an crann miortair in inead na neanntóige. Agus ainmneófar an Tiarna ’na chómhartha shíoraí ná tógfar chun siúil.

**Caib. Chúig Dheich a Sé**

*Dia dhá chómairliú do gach éinne na haitheanta do chimeád. Na Geinte a chimeádfaidh iad beid siad ’na bpobal ag Dia. Milleán dá dhéanamh ar na haeiríbh Giúdacha.*

1 Seo mar adeir an Tiarna: Cimeádaidh breithiúntas agus deinidh fíoraontacht, óir tá mo shlánúsa in achomaireacht do theacht, agus tá m’fhíoraontacht in achomaireacht do shoíllsiú. 2 Is aoibhinn don fhear a dheineann san, agus don mhac duine a bhéarfaidh greim air sin, do chimeádann an tsaoire óna briseadh, agus do chimeádann a lámha ó aon olc a dhéanamh. 3 Agus ná labhradh mac an duine iasachta, atá ag cloí leis an dTiarna, agus ná habradh sé: Deighlfidh an Tiarna me agus aireóidh sé óna phobal me. Agus ná habradh an *iunach*: Féach, crann tirim is ea mise. 4 Óir seo mar adeir an Tiarna leis na *iunachaibh*: Iad san a chimeádfaidh mo shabóidí agus do thoghfaidh na nithe do thaithnfidh liom, agus do chloífidh go daingean lem chonnradh, 5 tabharfad dóibh im thigh agus laistigh dem fhallaíbh, áit agus ainm níos feárr ná clann mhac agus clann iníon: tabharfad dóibh ainm bithbhuan ná raghaidh go deó ar ceal. 6 Agus clann an duine iasachta, atá ag cloí leis an dTiarna, chun é ’ dh’adhradh agus chun grá ’ thabhairt dá ainm chun bheith ’na seirbhíseacha aige: gach duine do chimeádfaidh mo shabóid óna tuathú, agus do chloífidh go daingean lem chonnradh:
7 Tabharfad isteach im shliabh naofa iad, agus cuirfead áthas orthu im thigh úrnaithe: beid a *holocauistí* agus a *victimí* taithneamhach dom ar m’altóir: óir tabharfar tigh úrnaithe ar mo thigh, do sna poblaibh go léir.

8 Agus deir an Tiarna Dia a chruinníonn a bhfuil scaipithe d’Israél: leanfad ag cruinniú a phobail chuige.

9 A bheithígh uile an mhachaire tagaidh agus sloigidh, a bheithígh uile na foraoise. 10 Táid a lucht faire go léir caoch. Táid siad go léir ainbhiosach: gadhair bhalbha ná féadann amhastrach a dhéanamh, a chíonn nithe gan bhrí, iad ’na gcodladh agus go dtaithneann taibhrithe leó, 11 gadhair dhrochmhúinte ná raibh a ndóthain acu riamh: níl aon tuiscint ar eólas ag na haeiríbh féin. Tá iompaithe i leataoibh acu go lèir isteach ’na slitibh féinig, gach duine i ndiaidh a thairbhe féinig, ón gcéad duine go dtí an duine deirineach: 12 Téanaídh, tógaimís fíon agus bímís lán de mheisce, agus mar atá an scéal inniu againn is ea ’ bheidh an scéal againn amáireach, agus níos mó go mór.

**Caib. Chúig Dheich a Seacht**

*Díchreideamh na nGiúdach, a n-íodaladhradh. Geallúna d’aithríochaibh úmhla.*

1 Téann an fíoraon ar ceal agus ní ghoilleann san ar chroí éinne, agus tógtar chun siúíl fir thrócaireacha, óir níl éinne do thuigeann: óir tógtar chun siúíl an fíoraon ó aghaidh an uilc. 2 Tagadh an tsíocháin. An té do shiúlaigh díreach glacadh sé a shuaimhneas ar a leabaidh.

3 Ach drididhse i ngar anso, a chlann mná na hasarlaíochta, a shíol an adhaltranaí agus a striapaí. 4 Cé uime go bhfuil fonúid déanta agaibh? Cé faoi gur osclabhair úr mbéal go leathan agus gur chuireabhair amach úr dteanga? Nách clann mhallaithe sibh, síol bréagach, 5 atá ag lorg úr sóláis in íodalaibh fé gach crann glas, ag íbirt leanbh in sna sruthbhuinníbh, fé sna carraigreachaibh árda? 6 I bpáirtibh na sruthbhuinní atá do pháirt. Sin é do gcrannchur. Agus do dhoirtis *libatio* amach chúthu. D'ofrálais íbirt. An amhlaidh ná beidh fearg ormsa mar gheall ar na nithibh sin? 7 Chuiris do leabaidh ar shliabh mhór árd, agus chuais suas ann chun *victimí* d'ofráil, 8 agus laistiar den doras, agus laistiar den ursain, is ea ' chuiris do chuímhniú, óir do nochtais thu féin lem ais agus do ghlacais adhaltranaí: Do mhéadaís do leabaidh agus dheinis connradh leó. Thugais grá dá leabaidh le láimh oscailte. 9 D'órnaís thu féin don rí le huinnimínt, agus d'iomadaís do chúmharthachtaí. Chuiris do theachtairí i gcéin agus do híslíodh thu go hifreann féin. 10 Do tuirsíodh thu in iomarca do shlite: agus ní dúraís: glacfad mo shuaimhneas. Fuarais beatha do lámha agus uime sin níor iarrais. 11 Cé ar a shon go raibh buaireamh ort agus eagla gur ínsis éitheach, agus nár chuímhnís ormsa ná nár mhachnaís orm id chroí? óir bímse ciúín agus mar aon ná feiceann agus dhearúdais me. 12 Fógródsa t'fhíoraontacht agus ní fhóirfidh t'oibreacha ort. 13 Nuair a ghlaofair saoradh do chuallacht thu. Ach béarfaidh an ghaoth chun siúil iad go léir, béarfaidh puth gaoithe chun siúil iad. Ach an té ' chuirfidh a mhuinín asamsa beidh an talamh in oidhreacht aige agus sealbhóidh sé mo shliabh naofa.

14 Agus déarfadsa: Deinidh slí; deinidh bóthar oscailte; fágaidh an bealach. Tógaidh chun siúil na bluic tuisle a slí mo phobail. 15 Óir seo mar adeir an tÁrd, agus an tOirirc a chónaíonn sa tsíoraíocht: agus Naofa is ainm do, agus cónaíonn sé san áit atá árd agus naofa, agus ag an sprid atá úmhal aithríoch, chun sprid lucht úmhlaíochta do dhéanamh beó, agus chun croí na n-aithríoch do dhéanamh beó. 16 Óir ní bhead ag coímheascar i gcónaí, ná ní bheidh fearg orm go dtí deireadh, óir gluaiseóidh an sprid amach ó m'aghaidh, agus análaithe is ea ' dhéanfadsa. 17 Mar gheall ar mhallaitheacht a shainnte a bhí fearg orm agus do bhuaileas é. Chuireas m'aghaidh i bhfolach uait agus bhí fearg orm. Agus d'imigh sé chun fáin i slí a chroí féinig. 18 Do chonac a shlite agus do leighseas é, agus do thugas liom thar n-ais é, agus do chuireas sóláis arís air, agus ar an muíntir atá i mbuairt dá dhruím. 19 Do chruthaíos toradh na mbéal, síocháin, síocháin do san atá i gcéin, agus do san atá i gcóngar, adeir an Tiarna, agus do chneasaíos é.

20 Ach is ionann an dream mallaithe agus farraige ar buile, nách féidir léir fanúint socair, agus go mbíd a tonnthacha ag caitheamh draoibe agus salachair in áirde. 21 Níl aon tsíocháin don dream mallaithe, adeir an Tiarna.

### Caib. Chúig Dheich a hOcht

*Dia ag diúltú do throscadh chalaoiseach na nGiúdach, agus ag cómhairliú na déarca, agus cráifeachta dílse.*

1 Bí ag glaoch, ná stad, árdaigh do ghlór ar nós trúmpa, agus taispeáin dom pobal a ndrochghníomhartha, agus do theaghlach Iacoib a bpeacaí. 2 Óir bíd siad 'om lorg ó ló go ló, agus is mian leó eólas d'fháil ar mo shlitibh, ar nós náisiúin a dhein an fhíoraontacht, agus thréig breithiúntas a nDia. Táid siad ag lorg breithiúntaisí na fíoraontachta orm. Is toil leó teacht i ngar do

Dia í. 3 Cad chuige gur dheineamair troscadh agus nár thugais aon toradh, gur úmhlaíomair ár n-anamnacha agus nár chuiris suím? Féach, gheibhtear úr dtoil féinig i lá úr dtroscaidh, agus baineann sibh amach úr gcuid ón muíntir go mbíonn rud agaibh orthu. 4 Féach, deineann sibh troscadh chun coímheascair agus chun imris, agus buaileann sibh go mallaithe leis an ndorn: ná deinidh troscadh mar atáthaoi dhá dhéanamh go dtí an lá so, chun úr nglao do dhul chun cínn lastuas (nú, chun go gcloisfí úr nglao lastuas). 5 An é sin an saghas troscaidh do thoghas, duine ' bheith ag cur cruatain ar a anam ar feadh lae? An é seo é, bheith ag casadh a chínn mórthímpall mar ' bheadh roth, agus bheith ag leathadh luatha agus éadaigh ruainnigh? an dtabharfair troscadh air sin, agus lá do thaithnfidh leis an dTiarna?

6 Nách é seo, áfach, an troscadh do thoghas-sa? Scaoil cuíbhreacha na mallaitheachta. Scuir na bearta atá ag brú go trom. Scaoil uait saor iad san atá briste, agus bris ar a chéile gach ualach. 7 Roinn do chuid aráin ar lucht ocrais. Tabhair isteach id thigh lucht uireaspa agus lucht fáin, nuair a chífir duine nocht clúdaigh é, agus ná dein neamhshuím ded chuid feóla féinig. 8 Ansan is ea ' bhrisfidh do sholas amach ar nós na maidine, agus éireóidh do shláinte go tapaidh, agus beidh t'fhíoraontacht ag dul rómhat, ar t'aghaidh amach, agus déanfaidh glóire an Tiarna thu ' bhailiú suas. 9 Ansan glaofair ar an dTiarna agus éistfidh an Tiarna leat. Glaofair agus déarfaidh sé: Táim anso. Má thógann tú chun siúil an slabhra as do lár, agus stad de bheith ag síneadh do mhéire, agus de bheith ag rá an ruda nách tairbheach. 10 Nuair a scaoilfir t'anam amach chun an té ar a bhfuil ocras, agus do chuirfir sásamh ar an anam atá i gcruatan, ansan is ea d'éireóidh do sholas i ndoircheacht agus beidh an doircheacht agat mar ' bheadh lár an lae. 11 Agus tabharfaidh an Tiarna dhuit suaimhneas i gcónaí, agus líonfaidh sé t'Anam de shoíllseacht, agus fuasclóidh sé do chnámha, agus beidh tú mar ' bheadh gáirdín uiscithe, agus mar ' bheadh tobar uisce ná raghaidh dá uisceachaibh. 12 Agus déanfair suas ionat na háiteanna atá uaigneach leis na ciantaibh. Beidh tú ag tógáilt bhonn sleachta agus sleachta. agus tabharfair ort deisitheóir na gclathach, ag iompáil na gcosán chun suaimhnis. 13 Má iompaíonn tú do chos i leataoibh ón sabóid, ó bheith ag déanamh do thoile féinig mo lá naofasa, agus aoibhinn do thabhairt ar an sabóid, agus glórmhar ar naofa an Tiarna, agus bheith ag tabhairt glóire dho, agus gan do shlithe féinig agat á dhéanamh, agus nách í do thoil féin a gheibhtear chun focail do rá; 14 ansan a bheidh aoibhneas agat sa Tiarna, agus tógfadsa suas tu os cionn áiteanna árda an domhain, agus cothód thu le hoidhreacht t'athar Iacob. Óir do labhair béal an Tiarna é.

## Caib. Chúig Dheich a Naoi

*Taispeántar gurb é olc léanmhar an pheaca an mórchosc ar gach maith ó Dhia. Ach fós cuirfidh sé fuasclóir uaidh, agus déanfaidh sé connradh shíoraí len' eaglais.*

1 Féach níl lámh an Tiarna ciorraithe i dtreó ná féadann sí sábháil, ná níl a cluas bodhar i dtreó ná féadann sí cloisint. 2 Ach tá úr mallaitheachtaí tar éis deighilt a dhéanamh idir sibh agus úr nDia, agus tá úr bpeacaí tar éis a aghaidh d'fholachadh uaibh i dtreó na haireódh sé. 3 Óir táid úr lámha truaillithe le fuil, agus úr méireanna le mallaitheacht, agus do labhair úr mbeóla bréaga, agus abrann úr dteanga an mhallaitheacht. 4 Níl éinne a ghlaonn ar fhíoraontacht, ná éinne a thugann breith de réir na fírinne. Ach tá a muinín acu as neamhní, agus is baois a labhraid siad. Do ghabhadar dua agus do rugadar mallaitheacht. 5 Do bhriseadar uíbhe na n-*aspic*, agus d'fhíodar fíthe rúán alla. An té d'íosfaidh dá n-uíbhibh gheóbhaidh sé bás; agus an ní a tabharfar amach gorfar é 'na *bhasaliosc*: 6 Ní bheid a bhfíthe chun éadaigh ná ní chlúdóid siad iad féin lena n-oibreachaibh. Oibreacha gan tairbhe is ea a n-oibreacha, agus tá obair na mallaitheachta 'na lámhaibh. 7 Bíd a gcosa ag rith chun uilc, agus ag brostú chun fola atá neamhchiontach do dhortadh. Smaointe gan tairbhe is ea a

smaointe: bíonn vásta agus ídiú ’na slitibh. 8 Níor chuireadar aithne ar shlí na síochána, agus níl aon bhreithiúntas ’na gcéimeannaibh. Táid a gcosána tar éis camadh dhóibh. Ní chuireann éinne a shiúlann iontu aithne ar shíocháin. 9 Dá bhrí sin is fada uainn atá breithiúntas, agus ní thiocfaidh an fhíoraontacht suas linn. Bhíomair ag súil le solas, agus féach an doircheacht; le soíllseacht agus sa doircheacht atá siúlta againn. 10 Bhíomair ag útamáil chun an fhalla, agus ar nós na ndall, bhíomair ag útamáil fé mar a bheimís gan súíle, bhíomair ag tuisliú i lár an lae mar ’ bheimís i ndoircheacht, táimíd in áiteannaibh dorcha ar nós na marbh. 11 Beimíd go léir ag búirthigh mar ’ bheadh béir, agus ag caoineadh mar ’ bheadh colúra dólásacha. Bhíomair ag súil le breithiúntas agus níl aon bhreithiúntas le fáil, le sábháil, agus tá sábháil i bhfad uainn 12 mar táid ár mallaitheachtaí tar éis iomadú os do chómhair, agus tá fianaise tabhartha ag ár bpeacaíbh ’nár gcoinnibh, óir táid ár ngníomhartha mallaithe ’nár bhfochair, agus is eól dúinn ár ndrochoibreacha: 13 i bpeacú agus i mbréagaibh in aghaidh an Tiarna: d’iompaíomair agus ní hi ndiaidh ár nDia do ghluaiseamair, ach do labhramair masla agus iomarbhas. Do ghabhamair, agus do labhramair ón gcroí, focail éithigh. 14 Agus tá breithiúntas iompaithe siar, agus tá fíoraontacht ’na seasamh i bhfad anonn: mar tá an fhírinne titithe ar lár sa tsráid, agus níor fhéad cothruime teacht isteach, 15 agus tá dearúd déanta den fhírinne, agus an té d’imigh ón olc bhí sé nochtaithe chun foghla.

Agus do chonaic an Tiarna san, agus d’fhéach sé go holc ’na shúilibh, mar níl aon bhreithiúntas ann. 16 Agus do chonaic sé ná fuil aon fhear ann: agus do sheasaimh sé agus iúṇadh air, toisc gan aon duine ’ bheith ann a chuirfeadh i gcoinnibh. Agus do thug a chuisle féinig sábháil chuige, agus do dhein a fhíoraontacht féinig teannta dho. 17 Chuir sé uime fíoraontacht mar lúireach, agus clogad sábhála ar a cheann: chuir sé uime culaith éadaigh an díoltais, agus bhí díogras uime mar ’ bheadh clóca. 18 I dtreó chun díoltais, i slí chun feirge do chúiteamh lena raibh ’na choinnibh, agus mar thuarastal dá namhaid, agus cúiteóidh sé mar an gcéanna leis na hoileánaibh. 19 Agus beidh eagla roim ainm an Tiarna orthu súd ón iarthar; agus beidh eagla roimena ghlóire orthu súd ó éirí na gréine: nuair a bheidh sé ag teacht ’na sruthbhuinne thréan agus sprid an Tiarna dhá chomáint ar aghaidh. 20 Agus tiocfaidh fuasclóir chun Síoin, agus chúthu san a chasfaidh ó mhallaitheacht Iacoib, adeir an Tiarna. 21 Sid í mo chonnradh leó*, adeir an Tiarna: mo sprid atá ionatsa, agus mo bhréithre atá curtha id bhéal agam, ní imeóid siad a béal do shleachta, ná a béal sleachta do shleachta, adeir an Tiarna, as so amach agus go deó deó*.

**Caib. a Sé Dheich**

*Beidh solas an fhíorchreidimh ag taithneamh amach in eaglais Chríost, agus leathfar an solas san ar na náisiúnaibh go léir, agus leanfaidh sé i gcaitheamh na n-aos go léir.*

1 Éirigh, glac solas, a Ierúsalem, óir tá sholas tagaithe, agus tá glóire an Tiarna éirithe ort. 2 Óir féach, clúdóidh doircheacht an domhan, agus clúdóidh ceó na daoine: Ach éireóidh an Tiarna ortsa, agus chífar a ghlóire ort. 3 Agus beidh na Geinte ag siúl id sholas, agus ríthe i soíllseacht t’éirithe: 4 Tóg suas do shúíle mórthímpall agus feic. Táid siad san go léir bailithe i dteannta ’ chéile, táid siad tagaithe chútsa: tiocfaid a mhaca ó imigéin, agus éireóid t’iníonacha suas in aice leat. 5 Ansan a chífir agus do bórrfair, agus beidh iúnadh ar do chroí, agus méadóidh sé, nuair a bheidh suaitheantas na farraige iompaithe chút, tiocfaidh neart na nGeinte ag triall ort, 6 clúdóidh suaitheantas na gcamall thu, *dromedáirí* Mhadiain agus Epha. Tiocfaid siad so go léir ó Shaba ag tabhairt óir agus túise leó, agus ag taispeáint mholta go hoscailte don Tiarna. 7 Baileófar i dteannta ’ chéile chút tréadta uile Chéadair, beid reithí Nabaioit ag fónamh duit: íbreófar iad ar m’altóir thaithneamhachsa, agus cuirfead glóire ar thigh mo mhórachta. 8 Cé hiad san atá ag gluaiseacht ar nós scamall, agus ar nós colúr chun a bhfinneóg? 9 Óir táid na hoileáin ag feitheamh liomsa agus

loingeas na mara i dtosach, ionas go dtabharfainn do mhaca ón imigéin; a gcuid óir agus airgid acu, chun ainme do Thiarna Dia, agus chun Aein-Naofa israél, óir tá glóire curtha aige ortsa.

10 Agus beidh clann na n-eachtrannach ag cur t'fhallaí suas, agus beid a ríthe ag friothálamh ort,
óir im fheirg do bhuaileas tu, agus i ndéanamh síochána dhom do dheineas trócaire ort. 11 Agus
beidh do gheataí ar oscailt i gcónaí. Ní dúnfar iad de ló ná d'oíche, i dtreó go dtabharfar chút neart
na nGeinte, agus go dtabharfar chút a ríthe. 12 Óir an náisiún agus an ríocht ná déanfaidh seirbhís
duitse raghaid siad ar neamhní (nú, ar ceal), agus ídeófar na Geinte le leirscrios. 13 Tiocfaidh glóire
Libanuis chút, an crann giúise agus an crann *búcsa* agus an *pínas* i dteannta ' chéile, chun áite mo
*shanctuáriuim* d'áilliú, agus cuirfead glóire ar áit mo chos. 14 Agus beidh clann na ndaoine a
chuireann cruatan ort ag teacht ag cromadh chút, agus beidh gach ar dhein tromaíocht ort ag teacht ag tabhairt onóra do chéimeannaibh do chos, agus tabharfaid siad mar ainm ort cathair an Tiarna, agus Síon an Aein-Naofa san Israél.

15 Ós rud é go rabhair tréigthe, agus gur tugadh fuath dhuit, agus ná raibh éinne do gheóbhaidh tríot déanfadsa tu ' bheith id ghlóire bhithbhuan, it áthas chun sleachta agus sleachta. 16 Agus beidh tú
ag deól bainne na nGeinte, agus beir dhot oiliúint ar chíochaibh ríthe. Agus bheidh ' fhios agat gur mise an Tiarna, do Shlánaitheóir agus t'fhuasclóir, Aon-Chómhachtach Iacoib. 17 Tabharfad liom ór
in inead práis, agus airgead in inead iarainn, agus prás in inead adhmaid, agus iarainn in inead cloch, agus déanfad do chuairteachas a bheith 'na shíocháin, agus t'fheicirí a bheith 'na gceart.
18 Ní aireófar* mallaitheacht a thuilleadh id thír, ná caiteachas ná ídiú id chríochaibh. Agus beidh slánú i seilbh t'fhallaí, agus moladh i seilbh do gheataí.

19 Ní bheidh agat a thuilleadh[1] an ghrian chun do sholais sa lá, ná ní shoíllseóidh taithneamh na
gealaí thu. Óir beidh an Tiarna agat 'na sholas shíoraí, agus do Dhia mar ghlóire agat. 20 Ní
raghaidh an ghrian fé a thuilleadh, agus ní laíodóidh an ré ort, óir beidh an Tiarna 'na sholas shíoraí dhuit, agus beidh deireadh le laethantaibh do chaointe. 21 Beidh do dhaoine go léir fíoraonta, beidh an talamh in' oidhreacht go deó acu, buinne mo phlanndála, obair mo lámha chun glóire dhom.
22 Beidh an té is lú 'na mhíle, agus an t-aon beag 'na náisiún ana-láidir. Mise an Tiarna agus déanfad an ní sin go hobann in' am féinig.

### Caib. Sé Dheich a hAon

*Oific Chríost, gnó na nAspal, séan na ndaoine do ghlac an creideamh.*

1 Tá sprid an Tiarna orm, óir d'úng an Tiarna me: Chuir sé uaidh me chun craobhscaoileadh '
dhéanamh don úmhal agus an t-aithríoch croí do leigheas agus chun fuascalta do labhairt leis na bráidibh, agus saoradh leis an muíntir atá dúnta suas. 2 Chun na bliana is taithneamhach leis an
dTiarna d'fhógairt, agus lá díoltais ár dTiarna: chun sóláis a chur ar lucht caointe, 3 chun go
gceapfainn dóibh coróinn in inead na luatha, ola an áthais in inead an chaointe, culaith mholta in inead spride an dóláis: agus glaofar orthu sa chulaith sin, dream láidir na fíoraontachta, planndú an Tiarna chun bheith ag tabhairt glóire dho.

4 Agus déanfaid siad suas na háiteanna atá tréigthe ó chiantaibh, agus tógfaidh siad na cabhlacha ársa, agus deiseóid siad na cathracha uaigneacha a bhí loitithe i gcaitheamh sleachta agus sleachta.
5 Agus beid eachtrannaigh 'na seasamh a' cothú úr dtréad, agus beid clann mhac na n-eachtrannach

1 Caib. 60. véar. 19. "*A thuilleadh.*" Sa chuid dheirineach so den chaibideal aistríonn an fáidh a chainnt ó sna geallúnaibh móra a tugtar don eaglais ar an saol so chun glóire na heagailse do rug bua agus atá ar neamh.

’na lucht saothraithe talún agaibh agus ’na lucht beárrtha fíniún agaibh. 6 Ach tabharfar oraibhse sagairt an Tiarna. Libhse adéarfar: a lucht friothála ár nDia. Beidh sibh ag ithe saibhris na nGeinte agus ag maíomh as a nglóire. 7 Mar mhearaí agus mar dhúbailt náire díbhse beid siad san ag moladh a bpáirte: uime sin glacfaid siad dúbailt ’na dtír. Beidh aoibhneas síoraí acu. 8 Óir is mise an Tiarna do thug grá do bhreithiúntas agus fuath don fhuadach i *holocaust*. Agus tabharfad a n-obair sin i bhfírinne, agus déanfad connradh shíoraí leó. 9 Agus aithneóid siad a síol i measc na nGeinte agus a sliocht i lár na bpobal. An uile dhuine do chífidh iad aithneóidh sé iad, gurb iad san an síol ar ar chuir an Tiarna a bheannacht.

10 Bead lán de lúcháir sa Tiarna, agus beidh m’anam ag glacadh áthais im Dhia, mar táim éidithe aige in éadaíbh an tslánaithe, agus le héide na fíoraontachta do chlúdaigh sé me, mar ’ bheadh nuachar órnaithe le coróinn, nú mar ’ bheadh céile órnaithe lena seóidibh, 11 óir mar a chuireann an talamh amach a phéac, nú mar a phéacann an gáirdín amach a shíol: sin mar a phéacfaidh an Tiarna amach an fhíoraontacht, agus moladh os cómhair na náisiún go léir.

**Caib. Sé Dheich a Dó**

*Ní stadfaidh an fáidh de bheith ag fógairt Chríost. Iompófar na náisiúin go léir chun Críost. Agus mairfidh eaglais Chríost de shíor.*

1 Ar son Shíoin ní fhanfad ciúin, agus ar son Ierúsalem ní ghlacfad suaimhneas chun go dtagaidh a fíoraontacht amach ar nós soíllseachta, agus chun go lasfar a slánaitheóir ar nós lampa. 2 Agus chífid na Geinte t’aon ceart agus na ríthe go léir t’aon glórmhar, agus tabharfar ort ainm nua, agus ainmneóidh béal an Tiarna an ainm sin. 3 Agus beirse id choróinn ghlóire i láimh an Tiarna, agus id mhionn ríogra i láimh do Dhia. 4 Ní tabharfar Tréigthe ort a thuilleadh: agus ní tabharfar Uaigneach a thuilleadh ar do thír. Ach tabharfar ort Mo thaithneamh inti, óir taithneann tú go mór leis an dTiarna agus beidh lucht cónaithe id thír 5 óir beidh an fear óg ’na chónaí i bhfochair na maighdine, agus beid do chlann ’na gcónaí ionatsa, agus gheóbhaidh an nuachar áthas os cionn na céile, agus gheóbhaidh do Dhia áthas os do chionnsa.

6 Ar t’fhallaíbh, a Ierúsalem, tá lucht faire ceapaithe agam an lá go léir, agus an oíche go léir. Ní bheid siad ciúin choíche. Sibhse do chuímhníonn ar an dTiarna, ná bígh ciúin, 7 agus ná tugaidh aon chiúnas do go gcuiridh sé ar a bunaibh Ierúsalem agus go ndeinidh sé dhi moladh sa tsaol. 8 Do dhearbhaigh an Tiarna dar a láimh dheis, agus dar chuislinn a nirt: Is deimhin ná tabharfadsa a thuilleadh do chuid arbhair chun bheith mar bhia ageat namhaid, agus ní ólfaid clann na n-eachtrannach do chuid fíona go bhfuarais a dhua. 9 Óir na daoine do bhailigh é is iad a dh’íosfaidh é, agus beid siad ag moladh an Tiarna: agus an mhuíntir a thugann i dteannta ’ chéile é, ólfaid siad é im chúirtibh naofasa.

10 Gabhaidh anonn, gabhaidh anonn, trí sna geataibh, agus ollmhaídh an tslí dom pobal. Deinidh an bóthar réidh, piocaidh amach na clocha, agus árdaídh suas an bratach chun na ndaoine. 11 Féach, do chuir an Tiarna dá chloisint é go himeallaibh an domhain, abraidh le hinín Shíoin: féach tá do Shlánaitheóir ag teacht: féach tá a thuarastal aige, agus tá a obair os a chómhair. 12 Agus tabharfaid siad orthu, an pobal naofa, fuascailte ag an dTiarna. Ach tabharfar ortsa cathair a loirgthear, in inead bheith tréigthe.

**Caib. Sé Dheich a Trí**

*Bua Chríost ar a namhaid: a thrócaire ar a dhaoine: a ngearán.*

1 Cé hé sin ag teacht ó Edom[1], agus a chuid éadaigh dathaithe ó Bhosra, an t-aon álainn sin in' iorra, ag siúl in iomadúlacht a nirt. Mise, an té do labhrann fíoraontacht, agus is cosnamhaí chun sábhála.
2 Cad a bheir, más ea, do chuid éadaigh dearg, agus t'éadach ar nós éadaigh na ndaoine a bhíonn ag satailt ar fháscadán an fhíona? 3 Bhíos ag satailt im aonar ar fháscadán an fhíona, agus ní raibh aon fhear de sna Geintibh im theannta. Tá gofa de chosaibh agam iontu im fheirg, agus do bhrús fém chosaibh síos iad im fhíoch, agus tá a gcuid fola stealltha ar mo chuid éadaigh, agus tá m'iorra go léir daite agam. 4 Óir tá lá an díoltais im chroí, tá bliain m'fhuascalta tagaithe. 5 D'fhéachas im thímpall agus ní raibh éinne chun cúnta ' thabhairt. Do loirgeas agus ní raibh éinne chun cabhraithe. Agus do dhein mo chuisle féinig sábháil dom, agus thug mo chuid feirge féin cúnamh dom. 6 Agus do ghabhas de chosaibh in sna daoine im fheirg, agus chuireas meisce orthu im fhíoch, agus tá a neart tabhartha anuas chun an tailimh agam.

7 Cuímhneód ar thrócairíbh ceannsa an Tiarna, molfad an Tiarna mar gheall ar na nithibh go léir atá tabhartha ag an dTiarna dhúinn, agus mar gheall ar iomarca a nithe fónta do theaghlach Israél, nithe do thug sé dhóibh de réir a cheannsachta agus de réir iomadúlachta a thrócairí. 8 Agus duairt sé: gan amhras is iad mo phobal iad, clann ná séanfaidh. Agus dhein sé slánaitheóir de féin dóibh. 9 'Na gcruatan uile níor buaireadh é, agus do shábháil aingeal a ghnúise iad. 'Na ghrá agus 'na thrócaire d'fhuascail sé iad, agus d'iompair sé iad agus do thóg sé suas iad laethanta uile na seanaimsire.

10 Ach do ghríosadar a Aon Naofa chun feirge agus go chrádar a sprid, agus do hiompaíodh é chun bheith 'na namhaid acu, agus do throid sé 'na gcoinnibh. 11 Agus do chuímhnigh sé ar na laethantaibh fadó, ar laethantaibh Mhaoise, agus ar a phobal: Ca bhfuil an té úd a thug aníos as an muir iad in éineacht le haeiríbh a thréada? Ca bhfuil an té úd a chuir 'na lár sprid a Aein-Naofa?
12 An té úd a thug amach Maois ar an laimh dheis le cuislinn a mhorgachta: an té a dh'oscail rómpu an t-uisce chun ainme síoraí a dhéanamh do féin. 13 An té do sheól amach iad tríd an ndoimhneas, as nós capaill sa bhfiantas ná deineann barrathuisle, 14 ar nós an bheithígh a théann síos sa pháirc, bhí sprid an Tiarna 'na ghiolla acu: Sin mar a sheólais do phobal chun go ndéanfá ainm ghlórmhar duit féin.

15 Tabhair fé ndeara ó neamh, agus féach ód chónaí naofa agus ó áit do ghlóire. Cá bhfuil do dhíogras, agus do neart, iomadúlacht t'inní agus do thrócairí? Do chimeádadar iad féin siar[2] uaimse.
16 Óir is tusa ár n-athair, agus níl aithne ag Ábraham orainn[3], agus is ainbhiosach Israél dínn. Is tusa, a Thiarna, ár n-athair, ár bhfuasclóir, is ón síoraíocht atá t'ainm. 17 Cad 'na thaobh gur chuiris ' fhéachaint orainn imeacht ar fán[4], a Thiarna, ód shlitibh féin? Cad 'na thaobh gur chruais ár gcroí i dtreó ná beadh eagla againn rómhat? Fíll, ar son do sheirbhíseach, treabha t'oidhreachta. 18 Tá gofa de chosaibh ag ár namhaid id *shanctuárium*. 19 Táimíd iompaithe mar a bhíomair ar dtúis nuair ná rabhais-se id rialtóir os ár gcionn agus ná raibh t'ainm dá ghlaoch orainn.

1 Caib. 63. véar. 1. "*Edom.*" Glactar ansan, i gcéill dhiamhar, Edom agus Bosra (cathair láidir in Edom), i riocht namhad Chríost agus na heagailse.
2 Véar. 15. "*Chimeádadar siar*", labhrann an fáidh an chainnt sin i bpearsain na nGiúdach san am 'nar tugadh suas dá namhaid iad mar gheall ar a bpeacaíbh.
3 Véar. 16. "*Níl aithne ag Ábraham orainn*," .i. ní admhóidh Ábraham sinn anois toisc gur chuamair i mbréagaí: ach is tusa, a Thiarna, ár n-athair agus ár bhfuasclóir, agus ní féidir ár n-athair a thabhairt ar éinne eile i gcomórtas leat.
4 Véar. 17. "*Chuiris ' fhéachaint orainn imeacht ar fán*", "*chruais ár gcroí*", Sid í an chiall gur tharraig Dia uathu a ghrásta, mar phionós orthu i dtaobh a bpeacaí, agus mar gheall ar iomarca na ndrochghníomh a bhí déanta, agus mar gheall ar an ndrochúsáid a dheineadar dá ghrásta agus dá thrócaire, agus gur dhein san a gcroí do chruachtaint agus iad do sheóladh in earráid.

## Caib. Sé Dheich a Ceathair

*An fáidh dhá iarraidh ar Dhia go bhfuasclófí a dhaoine, agus go maithfí a bpeacaí dhóibh.*

1 Is trua ná réabann tú na flaitheas agus teacht anuas! Do leighfeadh na sléibhte rómhat. 2 Do
leighfidís mar a dhéanfaidís le loscadh tine, do loscfadh na huisceacha le tine, ionas go gcurfí aithne
ageat namhaid ar t'ainm: ionas go mbeadh na náisiúin ag crith id láthair. 3 Nuair a bheidh nithe
iúntacha agat á dhéanamh ní fhuiliceóimíd iad. Do tháinís anuas agus do leigheadar na sléibhte os
do chómhair. 4 Ó thosach an domhain níor airíodar agus níor mothaíodar lena gcluasaibh: ní
fheacaigh súíl, a Dhia, lasmu' dhíotsa, cad iad na nithe atá ollamh agat don mhuíntir a bhíonn ag
súil leat.

5 Tháinís i gcoinnibh an áthasaigh a dheineann an fhíoraontacht. Beidh cuímhne acu ort it shlitibh:
féach taoi i bhfeirg, agus tá an peaca déanta againne. Iontu san atáimíd riamh, agus saorfar sinn.
6 Agus táimíd go leir mar ' bheadh duine neamhghlan, agus ár bhfíoraontachtaí[1] go léir mar '
bheadh ceairt mná míosúla: agus táimíd go léir tar éis titim ar nós bileóige, agus táid ár
mallaitheachtaí tar éis sinn a thógaint chun siúil mar a dhéanfadh an ghaoth. 7 Níl éinne do ghlaonn
ar t'ainmse: éinne a dh'éiríonn suas agus a bheireann greim ort. Tá t'aghaidh i bhfolach agat uainn,
agus táimíd brúite agat i láimh ár mallaitheachta. 8 Agus anois, a Thiarna, is tusa ár n-athair, agus
cré is ea sinne: agus is tu ár ndéantóir agus oibreacha do lámh is ea sinn go léir. 9 Ná bí i bhfeirg, a
Thiarna, agus ná cuímhnigh a thuilleadh ar ár mallaitheacht: Féach, is sinn uile do phobal. 10 Tá
cathair do *shanctuáriuim* 'na huaigneas. Tá uaigneas déanta de Shíon. Tá cathair Ierúsalem 'na
huaigneas. 11 Tá tigh ár naofachta, tigh ár nglóire, an tigh 'na mbíodh ár n-aithreacha dhot
mholadhsa, tá sé dóite le tine, agus ár nithe breátha uile, tá praiseach déanta dhíobh. 12 An
amhlaidh a chuirfir suas, a Thiarna, leis na nithibh sin agus ' bheir ag cur pionóis orainn go dian?

## Caib. Sé Dheich a Cúig

*Loirceóid na Geinte Críost, agus gheóbhaid siad é. Cráfaid na Giúdaígh Críost, agus séanfar iad. Ní cimeádfar ach iarsma dhíobh. Iomadóidh an eaglais agus beidh sí tuilte de ghrástaibh.*

1 Táim loirgthe ag an muíntir nár iarr me roimhe seo, agus táim fachta acu san ná raibh 'om lorg.
Duart: féach me, féach me, le náisiún ná raibh ag glaoch orm. 2 Bhíos ag síneadh mo lámh amach,
an lá go léir chun daoine gan creideamh, daoine a bhíonn ag siúl i slí nách maith i ndiaidh a
smaointe féinig. 3 Daoine a bhíonn coitianta 'om ghríosadh chun feirge os cómhair mo shúl, daoine
a bhíonn ag ofráil i ngáirdíníbh agus ag íbirt ar bhrícibh; 4 daoine a chónaíonn in uaghannaibh, agus
do chodlann i dteampallaibh íodal, daoine a bhíonn ag ithe muiceóla agus go mbíonn anaithre nách
naofa 'na n-árthaíbh, 5 daoine adeir: Imigh uaim, ná tar im ghaire, óir taoi neamhghlan: beid siad
san 'na ndeatach im fheirgse, 'na dtine, ag dó an lá go léir. 6 Féach, tá scríofa os mo chómhair: ní
bheadsa ciúin, ach tabharfad agus cúiteód isteach 'na n-ucht 7 úr mallaitheachtaí féinig agus
mallaitheachtaí úr n-athrach in éineacht, adeir an Tiarna, a dheineann íbirt ar na sléibhtibh, agus '
thugadh masla dhom ar na cnucaibh; agus tómhaisfeadsa thar n-ais a gcéad obair 'na n-ucht.

1 Caib. 64. véar. 6. "*Ár bhfíoraontachtaí,*" .i. na hoibre lena leogaimíd orainn bheith fíoraonta. Oireann an chainnt sin go háirithe do sna híbirtíbh, agus do sna *sacramíntíbh,* agus do sna *ceremóintibh* a bhí ag na Giúdaigh tar éis bháis Chríost, tar éis craobhscaoilte na dlí nua.

8 Seo mar adeir an Tiarna: ar nós má gheibhtear gráinne i gcrobhaing, agus adeirtear: ná hídídh é óir is beannacht é: sin mar a dhéanfadsa ar son mo sheirbhíseach i dtreó ná hídeód an iomláine. 9 Agus tabharfad amach a Iacob síol, agus a Iúda sealbhaitheóir dom shléibhtibh, agus beidh sé in' oidhreacht ageam dhaoinibh tofa, agus déanfaid mo sheirbhísigh cónaí ann. 10 Agus iompófar na machairí 'na gcróitibh tréad, agus gleann Achoir in' áit chun stuic a chur 'na luí ann, dom pobal do loirg me.

11 Agus sibhse atá tar éis an Tiarna do thréigean, agus an sliabh naofa do dhearúd, agus clár do shocrú do shéan, agus *libamena* do dhortadh air, 12 cómhaireód sibh don chlaíomh, agus titfidh sibh le héirleach: óir do ghlaos agus níor fhreagrabhair, do labhras agus níor éisteabhair liom, agus bhíodh sibh ag déanamh an uilc os cómhair mo shúl, agus do thoghabhair na nithe ná taithneann liom. 13 Dá dheascaibh sin seo mar adeir an Tiarna: féach, beid mo sheirbhísigh ag ithe agus beidh ocras oraibhse: féach beid mo sheirbhísigh ag ól agus beidh tart oraibhse: 14 féach, beidh áthas ar mo sheirbhísigh agus beidh náire oraibhse: féach, beid mo sheirbhísigh ag moladh le háthas croí, agus beidh sibhse ag gol le buaireamh croí, agus ag búirthigh le dólás spride, 15 agus fágfaidh sibh úr n-ainm 'na heascaine ageam dhaoinibh tofa, agus básóidh an Tiarna Dia thu, agus tabharfaidh sé ainm eile ar a sheirbhíseachaibh, 16 agus an té ar a mbeidh beannacht na hainme sin ar an saol so beidh beannacht Dé air, amen, agus an té do dhearbhóidh ar talamh dearbhóidh sé dar Dia, amen: óir taid na cruatana roimhe sin dearúdta, agus óir táid siad i bhfolach óm shúilibh.

17 Óir féach, táimse ag cruthú flaitheas nua agus tailimh nua: agus ní bheidh cuímhne ar na nithibh roimhe sin agus ní thiocfaid siad ar an gcroí. 18 Ach beidh áthas oraibh agus lúcháir go deó in sna nithibh seo do chruthaímse. Óir féach táim ag cruthú Ierúsalem is gáirdeachas, agus a pobal is áthas. 19 Agus glacfadsa gáirdeachas i Ierúsalem agus áthas im pobal agus ní cloisfar inti a thuilleadh glór guil ná glór callóide. 20 Óir ní bheidh a thuilleadh naíon laethanta ann, ná seanduine ná líonfaidh suas a laethanta. Óir gheóbhaidh an leanbh bás agus é céad bliain d'aois, agus beidh an peacach fé eascaine agus é céad bliain d'aois. 21 Agus déanfaid siad tithe, agus cónóid siad iontu, agus cuirfid siad fíonghuirt agus íosfaid siad a dtorthaí. 22 Ní bheid siad ag déanamh tí agus duine eile ag cónaí ann, ná ní bheid siad ag cur agus duine eile ag ithe: mar ar nós laethanta craínn a bheidh laethanta mo phobail agus mairfid oibreacha a lámh i bhfad. 23 Ní dhéanfaid mo dhaoine tofa saothar in aistear, ná tuismiú i mbuaireamh, óir is iad sliocht daoine beannaithe an Tiarna iad, agus a sliocht féinig mar aon leó. 24 Agus is amhlaidh mar a bheidh, sara a nglaofaid siad aireód: agus le línn iad a bheith ag labhairt beadsa ag éisteacht leó. 25 Beidh an machtíre agus an t-uan ag ithe i dteannta ' chéile: beidh an león agus an damh ag ithe tuí, agus luaithreach a bheidh mar bhia ag an athair nímhe. Ní dhéanfaid siad gortú ná marú im shliabh naofasa uile, adeir an Tiarna.

## Caib. Sé Dheich a Sé

*Tuilleadh ar mhallú na nGiúdach. Agus ar ghlaoch na nGeinte.*

1 Seo mar adeir an Tiarna. Is é neamh mo chathaoir ríoga, agus is é an talamh mo chos-stól, agus cad é an ní an tigh sin[1] a chuirfidh sibh suas chúm? agus cad é an ní an áit sin mo shuaimhnis? 2 Is í mo lámh a dhein na nithe sin go léir, agus do deineadh na nithe sin go léir, adeir an Tiarna. Ach cé ann go gcuirfeadsa speóis ach sa té atá bocht, suarach, agus aithríoch i sprid agus do chrithníonn roimh m'fhoclaibh. 3 Bíonn an té d'íbreann damh[2] mar ' bheadh sé tar éis duine ' mharú. Bíonn an

1 Caib. 66. véar. 1. "*Cad é an ní an tigh seo?*" Targaireacht é sin dhá ínsint go dtréigfí an teampall.

2 Véar. 3. "*An té do íbreann damh.*" Targaireacht é sin dhá ínsint go raibh íbirtí na seandlí le stad nuair a thiocfadh an dlí nua.[*]

té a mharaíonn caíora mar ’ bheadh sé tar éis plaoisc gadhair a bhriseadh. Bíonn an té a dh’ofrálann *libamen* mar a dh’ofrálfadh sé fuil muice. An té a chuímhníonn ar thúis is ionann do é agus bheith ag beannú íodail. Táid na nithe sin go léir tofa acu ’na slitibh, agus bíonn áthas croí orthu ’na ngráinniúlachtaíbh. 4 Uime sin toghfadsa a bhfonúidí sin[1], agus tabharfad orthu na nithe dob eagal leó. Óir bhíos ag glaoch agus ní raibh éinne do thabharfadh freagra; do labhras agus níor chloiseadar, agus dheineadar an t-olc os cómhair mo shúil, agus do thoghadar na nithe ná taithneann liom. 5 Éistidh le briathar an Tiarna sibhse do chrithníonn roimena bhriathar: úr mbráithre do thug fuath dhíbh, agus do chaith amach sibh ar son m’ainmse, tá ráite acu: Tugtar glóire don Tiarna, agus chífimídne ’núr n-áthas-sa. Ach beid siad féin ar mearaí. 6 Guth an phobail ón gcathair. Guth ón dteampall. Guth ón dTiarna ag cúiteamh lena namhaid.

7 Sara dtáinig teinneas clainne uirthi[2] do rug sí. Sara dtáinig a ham chun clainne ’ chur di do rug sí leanbh fireann. 8 Cé ’ airigh riamh a leithéid de ní? Agus cé ’ chonaic ní mar é sin? An mbéarfaidh an talamh in aon lá amháin? An mbéarfar náisiún láithreach, óir bhí teinneas clainne ar Shíon agus do rug sí a clann. 9 Mise a chuireann daoine eile ag breith clainne ná béarfad féin clann, adeir an Tiarna? Mise a thugann giniúint do chách an mbead féin aimrid, adeir do Thiarna Dia? 10 Glacaidh áthas mar aon le Ierúsalem, agus deinidh gáirdeachas léi, sibhse uile do thug grá dhi. Glacaidh áthas agus gáirdeachas mar aon léi, sibhse uile atá i mbuairt dá druím. 11 I dtreó go mbeidh sibh ag deól agus go líonfar sibh a cíochaibh a sóláis, agus go mbeidh sibh ag crú, agus ag scéith le haoibhneasaibh, ó iomarca a glóire. 12 Óir seo mar adeir an Tiarna: Tabharfadsa uirthi mar ’ bheadh abha síochána, agus mar ’ bheadh sruthbhuinne ag scéith, glóire na nGeinte, an ní a bheidh agaibhse dá dheól. Beidh sibh dúr n-iompar ar na cíochaibh, agus beid siad ag úr mbréagadh ar ghlúinibh, 13 ar nós duine go mbeadh an mháthair dhá bhréagadh, is ea ’ chuirfeadsa sólás oraibh, agus curfar sólás oraibh i Ierúsalem. 14 Chífidh sibh, agus beidh áthas ar úr gcroí, agus beidh úr gcnámha torrach ar nós luíbhe, agus aithneóid a sheirbhísigh lámh an Tiarna, agus beidh sé i bhfeirg lena namhaid.

15 Óir féach, tiocfaidh an Tiarna le tine, agus táid a charbait mar ’ bheadh gaoth guarnain, ag imirt a dhíbheirge le fíoch agus a smachta le lasrachaibh tine. 16 Óir is le tine do dhéanfaidh an Tiarna a bhreith do chur i bhfeidhm, agus lena chlaíomh chun gach feóla, agus beid na mairbh ón dTiarna líonmhar. 17 Iad san a naomhaíodh agus do mheas iad féin glan in sna gáirdíníbh laistiar den gheata istigh, iad san a bhíodh ag ithe na muiceóla, agus na gráinniúlachta agus na luiche: Ídeófar iad i dteannta ’ chéile, adeir an Tiarna.

18 Ach is eól dómhsa a n-oibreacha agus a smaointe; agus táim ag teacht chun iad do chruinniú i dteannta ’ chéile, mar aon leis na teangthachaibh[*]. Agus tiocfaid siad agus chífid siad mo ghlóire. 19 Agus cuirfead cómhartha ’na measc, agus cuirfead cuid acu a sábhálfar, ag triall ar an Geintibh isteach sa bhfarraige, go hAfrica, agus go Luidia, iad san a bhíonn ag tarrac an bhogha: isteach san Iodáil, agus sa Ghréig, chun na n-oileán i gcéin, iad san nár airigh trácht orm, agus ná feacaigh mo ghlóire, agus beid said ag ínsint mo ghlóire do sna Geintibh, 20 agus tabharfaid siad úr mbráithre go léir leó abhaile as na náisiúnaibh uile, mar bhronntanas don Tiarna, ar eachaibh agus i gcarbataibh, agus i gcathaoireachaibh iompair, agus ar mhiúilibh, agus i gcóistíbh, chun mo shléibhe naofasa Ierúsalem, adeir an Tiarna, fé mar a thabharfadh clann Israél ofráil leó in árthach ghlan isteach i dtigh an Tiarna. 21 Tógfad cuid acu chun bheith ’na sagartaibh agus ’na Lévíteachaibh, adeir an Tiarna.

1 Véar. 4. “*Toghfadsa a bhfonúidí sin,*” .i. Iompód a bhfonúidí orthu féin agus cuirfead a namhaid ag fonúid fúthu.
2 Véar. 7. “*Sara dtáinig teinneas clainne uirthi.*” Ag tagairt d’iompáil na nGeinte chun an chreidimh atáthar sa chainnt sin, óir do tuismeadh iad do eaglais Dé go hobann, mar adéarfí.

22 Óir ar nós na bhflaitheas nua agus an tailimh nua a dhéanfadsa chun bheith ’na seasamh os mo chómhair, adeir an Tiarna, sin mar a sheasóidh úr síolsa agus úr n-ainm, 23 agus beidh mí i ndiaidh míosa agus sabóid i ndiaidh sabóide, agus gach feóil ag teacht ag adhradh os mo chómhair, adeir an Tiarna. 24 Agus raghaid siad amach agus chífid siad cnublacha na bhfear a dhein iomarbas im choinnibhse. Ní éagfaid a bpiast agus ní múchfar a dtine, agus beid siad ’na radharc róghráinniúil do gach feóil.

**Nótaí**

1 *Iúda*: the Douay Bible here has “Juda and Jerusalem”, showing a minor error in PUL’s manuscript.
1 *Ageam pobal*: no lenition is given here, owing to the labial homorganic word boundary.
2 *Ar bárr na gcnuc*: the notes in the Douay Bible are translated separately from the text of the Bible in PUL’s manuscript. We see here that *ar bárr na gcnuc* appears to refer to *ar bhárr sléibhte* in the passage referred to. See also under *bárr* in the *Foclóir*.
3 *An t-éitheach, lom díreach, den chainnt gan éifeacht a thagann uaireanta ó namhaid na heagailse*: this is a rather inexact translation of “the wild system of some modern sectaries is abundantly confuted” in the Douay Bible.
3 No translation is given here for “the pride of their women shall be punished” in the Douay Bible.
3 No translation is given here for “and from Juda” in the Douay Bible.
3 *Fear leighis*: the original manuscript has *fear léighin*, but as the intended meaning (as shown by the Douay Bible) is “healer”, Risteárd Pléimeann suggests an adjustment to *leighis* here. *Léighin* was probably a slip of PUL’s pen.
7 *Ar an dTiarna*: eclipsis was not given in the manuscript, but is added in this edition.
7 *Chun siúil orthu*: the word *chun* is added in this edition.
8 *Óir loiscfar, agus déanfar abhar chun tine de gach éigeantach foghla*: this is an incomplete translation of “for every violent taking of spoils, with tumult, and garment mingled with blood, shall be burnt, and be fuel for the fire” in the Douay Bible.
10 *A Anatot bhocht*: this phrase is not declined for the vocative; we do not read *a Anatoit bhoicht*. This can be accepted under the phrase-noun principle, whereby *Anatot bocht* is bracketed off and given in the nominative absolute.
15 *Gur ídíodh*: note the frequent failure to prefix *h* to the autonomous preterite.
15 *Ollmhófar cathaoir ríoga*: this is an incomplete translation of “a throne shall be prepared in mercy ” in the Douay Bible.
16 *Go huaigneach*: the manuscript had *go uaigneach*, but *go* was added in as an afterthought, which suggests that h-prefixation was omitted by accident. PUL’s other works consistently have *go huaigneach.*
20 No translation is given here for the following words in the Douay Bible: “he foretells the deprivation of Sobna, and the substitution of Eliacim, a figure of Christ”.
22 *An chruinne (domhan)*: PUL gives a variant translation with *domhan* throughout this sentence, without scoring out *cruinne*.
24 *As an dTiarna*: eclipsis is added in this edition, in line with usage in the preceding sentence.
25 *Tabharfair*: the manuscript has *tabhar-* on one page, but fails to give the rest of the word on the succeeding page.
27 *Go n-imeóid siad*: *imeóidh* in the manuscript is adjusted here to *imeód.*

27 The Douay Bible here has “Will he not, when he hath made plain the surface thereof, sow gith, and scatter cummin, and put wheat in order, and barley, and millet, and vetches in their bounds?” The phrase about scattering cummin in therefore omitted by way of an oversight in PUL’s translation.
27 *I mbreithiúntas*: this phrase is inserted by another hand, possibly that of Risteárd Pléimeann, repairing an evident omission in the manuscript.
28 *Agus naomhóid siad Aon-Naofa Israél*: this is an incomplete translation of the passage in the Douay Bible that reads “and they shall sanctify the Holy One of Jacob, and shall glorify the God of Israel”.
29 *Adeir*: this word appears to have been inserted by a later hand, possibly that of Risteárd Pléimeann.
29 *Go deimhin ní bheidh tú ag gol*: PUL seemed to write *ag gol ní bheidh tú ag gol* before altering the text.
30 *Na nithe a dheineadar úr lámha*”: PUL’s occasional use of a plural verb with a plural subject in the past tense is generally confined to intransitive verbs (e.g. *chuadar na fir*), where there is no confusion between the subject and object. (*Dheineadar* could mean “they made”, for example, with a succeeding noun being at first glance parsed as the object of the verb.) This a rare counterexample with a transitive verb, but one where the object of the verb clearly governs the relative particle. **Do dheineadar úr lámha na nithe sin*, by contrast, would be much more awkward.
32 *Beidh creideamh led línn: saibhreas slánaithe, eagna agus eólas*: the Douay Bible has “there shall be faith in thy times: riches of salvation, wisdom and knowledge”, but PUL’s translation seems to assume *saibhreas* does not govern *eólas* in the genitive. The English may be read both ways, but PUL seems to have used the Latin Vulgate to resolve difficulties of this kind. Here the Latin reads *erit fides in temporibus tuis divitiae salutis sapientia et scientia*, where neither *sapientia* nor *scientia* stands in the genitive.
35 *Ríthibh*: this is an incomplete translation of “the kings of the Assyrians”.
36 *De theaghlach Israél*: this is a mistranslation. The Douay Bible has “of the house of Juda”.
38 No translation is given here for the following clause in the Douay Bible: “upon which Isaias foretells the Babylonish captivity”.
38 *Agus duairt Isaias*: this is an evident error in the manuscript, as the Douay Bible has “and Ezechias said”.
38 *Duairt Isaias le hIsaias*: this is an evident error in the manuscript, as the Douay Bible has “Ezechias said to Isaias”.
38 No translation is given here for the following clause in the Douay Bible: “God’s almighty power and majesty”.
41 *Ionas go mb’eól dúinn*: the manuscript has *ionus go ... eol duinn*, with a long word crossed out between *go* and *eol.* It seems PUL neglected to insert *mba* after scoring out a word.
41 *Agus*: *ag* in the manuscript is adjusted by a later hand to *agus*.
41 *Féach táid siad go léir san éagóir, agus a n-oibreacha baoth, agus is gaoth agus folús a n íodail*: this verse is a later insertion, apparently by PUL’s hand. *Baoith* is adjusted to *baoth*; *folamhais* to *folús*; and *i n-ídoil* to *a n-íodail* here. The Douay Bible has “wind and vanity”, so there appears little reason for a plural *folúis* here and a hasty insertion is liable to contain orthographical errors.
41 *Ní aireófar*: h-prefixation of the autonomous future is not given here.
42 *É ag imdheargadh na nGiúdach*: the manuscript shows *na Giudaig* was originally written here, being subsequently adjusted to *na Giudach*: it seems PUL opted for the genitive plural, but forgot to add eclipsis, which is inserted in this edition.
43 *Le ofrálachaibh*: h-prefixation, often patchy in PUL’s works, is not given here.

43 *Feabhas Dé dá eaglais*: the word *feabhas* has *fabhar* written in another hand beside it. This appears to be an amendment by Risteárd Pléimeann, reflecting the Douay text, "God's favour to his church".
44 *Do chonac an tine*: the manuscript had *do chonac an teine*, with a subsequent correction to *do chonac na teine*. It is unclear what intention lay behind the correction, as *tine* is a singular noun, and consequently the singular article is restored here.
51 *Dá bhrí sin*: the word *sin* is missing from the manuscript and added here.
51 *Fé figiúir*: lack of lenition of an *f* may be acceptable, given the obliterative affect of lenition on an *f*.
54 *Ní fhíllfidh sé thar n-ais chúm folamh*: the word *n-ais* was omitted from the manuscript and is added here.
57 *Sid í mo chonnradh leó*: PUL's manuscript neglects to give a translation of the footnote in the Douay Bible, which reads: "This is my covenant": Note here a clear promise of perpetual orthodoxy to the church of Christ.
57 *Go deó deó*: *go go deó* in the manuscript is adjusted here to *go deó deó*.
58 *Ní aireófar*: the autonomous form is given without h-prefixation here.
62 No translation is given here of the remainder of the note in the Douay Bible on Isaiah 66:3, which reads "Remembereth incense: Viz., to offer it in the way of a sacrifice".
63 *Mar aon leis na teangthachaibh*: the manuscript gives an incomplete translation here of "together with all nations and tongues" in the Douay Bible.